# Aistear

## Creatchuraclam na Luath-Óige
## The Early Childhood Curriculum Framework

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment










# Prionsabail agus téamaí



© CNCM 2009

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
www.ncca.ie

# Focal ón Aire Oideachais agus Eolaíochta




Is cloch mhíle thábhachtach in oideachas na luath-óige in Éirinn é foilsiú *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Cuireann Aistear le forbairtí tábhachtacha eile san earnáil agus tá sé ina thoradh ar roinnt mhaith blianta taighde, comhairliúcháin, pleanála agus forbartha a rinne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) i gcomhpháirt le hearnáil na luath-óige in Éirinn agus thar lear. Chuidigh an chomhpháirtíocht seo leis an gComhairle creatchuraclam a fhorbairt atá ag teacht le heispéiris na gcleachtóirí, na leanaí agus na dtuismitheoirí agus tá sé bunaithe ar fhianaise agus ar thaighde.

Cuireann teideal an chreatchuraclaim, *Aistear* in iúl gurb é seo tús, nó b'fhéidir cur chun cinn, aistir spreagúil le haghaidh roinnt mhaith daoine; le haghaidh tuismitheoirí i mbailte na leanaí féin agus le haghaidh cleachtóirí – feighlithe agus múinteoirí na naíonán san áireamh – i suíomhanna éagsúla lasmuigh den bhaile agus iad ag baint úsáide as ábhar *Aistear* den chéad uair, agus le haghaidh leanaí agus iad ag tosú ar a n-aistear foghlama agus forbartha ar feadh a saoil. Leagann an creat béim ar an ríthábhacht atá le go mbainfeadh leanaí taitneamh agus leas as an luath-óige leis na heachtraí agus fionnachtana a d'fhéadfadh tarlú lena linn. Léiríonn sé freisin fairsinge agus doimhne fhoghlaim na leanaí i gcás ina mbíonn eispéiris shaibhre éagsúla acu ina mblianta múnlaitheacha. Chomh maith leis sin leagann sé béim ar thábhacht ról an tuismitheora i gcothú agus i bhfairsingiú na foghlama agus na forbartha sin. Táim lánchinnte go gcuideoidh an curaclam seo go mór lenár saoránaigh óga fás aníos i dtimpeallacht fholláin; go mbeidh siad bródúil astu féin, as a dteaghlaigh agus as a bpobail; go mbeidh siad in ann cumarsáid mhuiníneach inniúil a dhéanamh; go mbeidh siad ina dtaiscéalaithe fiosracha a bhfuil an cumas iontu teacht aniar i gcás deacrachtaí; agus go mbeidh siad ina smaointeoirí cruthaitheacha.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an CNCM as a ceannaireacht san obair seo agus leis an iliomad eagraíochtaí, gníomhaireachtaí agus taighdeoirí a chuir go mór le forbairt *Aistear*. Tá buíochas ar leith ag dul do na cleachtóirí ar fud na tíre a chuir a dtuairimí agus a léargais in iúl agus an obair idir lámha. Táim ag súil go mór leis an aistear leanúnach atá i gceist le huaillmhianta an chreata seo a chur i bhfeidhm i gcleachtas laethúil na ndaoine a bhíonn ag obair le leanaí idir 0 agus 6 bliana d'aois.

**Batt O'Keeffe T.D.**
An tAire Oideachais agus Eolaíochta





# Focal ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige



Is céim thábhachtach i saol leanaí í an luath-óige agus lena linn faigheann siad amach faoin saol ina dtimpeall agus faigheann siad tuiscint air trí idirghníomhú lena chéile agus le daoine fásta, trí bheith ag súgradh agus ag iniúchadh, agus trí smaointe a ghiniúint agus a thástáil. Leagann *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* béim ar an gcumas thar na bearta seo atá ag leanaí forbairt agus foghlaim, agus ar an tábhacht a bhaineann le go n-oibreodh gach duine i dteannta a chéile chun eispéiris shaibhre a thabhairt do leanaí sna luathbhlianta sin.

Léiriú maith ar ár n-aistear comhchoiteann i bhfeabhsú leanúnach chaighdeán na hearnála is ea tabhairt isteach na Bliana Réamhscoile sa Scéim um Chúram agus Oideachas Luath-Óige. Is comhartha é, go háirithe, den phríomhchéim chun tosaigh i dtreo comhionannas deiseanna le haghaidh gach linbh óig in Éirinn ag an gcéim fhorásach is tábhachtaí ina saol. Fáiltím roimh fhoilsiú tráthúil *Aistear* agus táim lánchinnte go gcuirfidh sé, maille le *Síolta, An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige,* tacaíocht agus treoir níos praiticiúla ar fáil do chleachtóirí a bheidh páirteach sa tionscnamh, agus dóibh siúd a bhíonn ag obair le leanaí níos óige agus níos sine le linn na luath-óige. Tá torthaí beartaithe *Aistear* le haghaidh leanaí an-chaoithiúil anois agus muid sa 21ú haois agus cuireann sé fís spreagúil dúshlánach ar fáil ar féidir linn go léir bheith ag oibriú ina treo inár gcuid oibre le leanaí ó 0 go 6 bliana d'aois.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an CNCM as an obair a rinne sí ar *Aistear*, agus le hearnáil na luath-óige as an obair leanúnach ar an gcreat. Tuigim go gcuirfear mórfháilte roimh *Aistear* san earnáil agus go mbeidh tionchar suntasach aige ar fhorbairt an chleachtais luath-óige sna blianta amach romhainn, agus ar deireadh thiar thall go saibhreoidh sé an saol dár saoránaigh is óige.

**Barry Andrews T.D.**
Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige









# Clár

Réamhrá 6

Prionsabail na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha 7

Na téamaí in *Aistear* 14

Téama: *Folláine agus Leas* 17

Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas* 27

Téama: *Cumarsáid* 37

Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht* 48

Gluais Téarmaí 60

## Fíoracha

Fíor 1: Cur síos ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí trí mheán téamaí 14

## Táblaí

Tábla 1: Aidhmeanna agus spriocanna foghlama go *Folláine agus Leas* 18

Tábla 2: Aidhmeanna agus spriocanna foghlama go *Féiniúlacht agus Muintearas* 28

Table 3: Aidhmeanna agus spriocanna foghlama go *Cumarsáid* 38

Tábla 4: Aidhmeanna agus spriocanna foghlama go *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht* 49

# Réamhrá

Is iontach na deiseanna foghlama agus forbartha atá ann le linn na luath-óige. Sna blianta tosaigh seo foghlaimíonn leanaí trí chaidrimh ina léirítear grá, muinín agus meas, agus trí mheán an phlé, na taiscéalaíochta agus an tsúgartha. Foghlaimíonn siad i dtaobh teangacha; conas iad a úsáid agus cén uair is fearr iad a úsáid; foghlaimíonn siad conas machnamh a dhéanamh agus conas idirghníomhú le daoine eile agus leis an saol ina dtimpeall. Foghlaimíonn siad conas bheith cruthaitheach, eachtrúil, conas teoiricí feidhmiúla a fhorbairt faoin domhan, agus conas cinntí a dhéanamh ina leith féin mar fhoghlaimeoirí.

Déanann *Aistear:Creatchuraclam na Luath-Óige* ceiliúradh ar an luath-óige mar thréimhse ar leith den saol agus mar am foghlaim ó eispéiris nua. Is bunchloch ríthábhachtach an luathfhoghlaim seo don fhoghlaim níos déanaí sa saol. Tugadh *Aistear* mar theideal ar an gcreat seo sa mhéid gurb í an luath-óige tús thuras an linbh ar feadh an tsaoil.

## Cuspóir *Aistear*

Creatchuraclam do pháistí in Éirinn **ó bhreith go sé bliana d'aois** is ea *Aistear*. Tá faisnéis ann do dhaoine fásta chun cuidiú leo eispéiris thaitneamhacha dhúshlánacha a phleanáil agus a sholáthar, le go mbeidh gach páiste ina **fhoghlaimeoir inniúil féinmhuiníneach** agus caidrimh ghrámhara le daoine eile á gcothú aige. In *Aistear*, cuirtear síos ar na cineálacha foghlama (meonta, luachanna agus dearcadh, scileanna, eolas agus tuiscint) atá tábhachtach do pháistí i mblianta na luathóige, agus tá tuairimí agus moltaí ann maidir le conas an fhoghlaim seo a chothú. Tá treoirlínte sa Chreatchuraclam freisin, faoi conas tacú le foghlaim na leanaí trí chomhpháirtíocht le tuismitheoirí, idirghníomhachtaí, trí shúgradh agus trí mheasúnú.

Tacaíonn *Aistear* le luathfhoghlaim agus le forbairt an linbh ar na bealaí seo a leanas:

- sainaithnítear céard ba chóir don leanbh a fhoghlaim agus cén chaoi sin a dhéanamh, agus déanann cur síos ar na cineálacha eispéireas a thacaíonn leis seo
- gnéithe éagsúla d'fhoghlaim an linbh le linn na luath-óige a nascadh lena chéile de réir mar a athraíonn an suíomh
- tacú le tuismitheoirí sa mhéid gurb iadsan príomh-oideachasóirí an linbh le linn na luath-óige, agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chothú idir na tuismitheoirí agus na cleachtóirí
- curaclaim agus ábhair atá ann cheana féin a chomhlánú agus cur leo
- eolas a sholáthar ar a mbunófar cleachtas ar fud réimse suíomhanna, disciplíní agus gairmeacha, agus obair idirdhisciplíneach a chothú.

# Prionsabail na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha

Tá *Aistear* bunaithe ar 12 phrionsabal na luathfhoghlama agus na forbartha. Cuirtear na prionsabail sin i láthair i dtrí ghrúpa:

1. Baineann an chéad ghrúpa le **leanaí agus an saol le linn na luath-óige:**
   - indibhidiúlacht an linbh
   - comhionannas agus éagsúlacht
   - leanaí ina saoránaigh.

2. Baineann an dara grúpa leis **na gaolta atá ag leanaí le daoine eile:**
   - caidrimh
   - tuismitheoirí, teaghlach agus an pobal
   - ról an duine fhásta.

3. Baineann an tríú grúpa **leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn leanaí:**
   - foghlaim agus forbairt iomlánaíoch
   - foghlaim ghníomhach
   - súgradh agus eispéiris phraiticiúla
   - eispéiris iomchuí shuntasacha
   - cumarsáid agus teanga
   - an timpeallacht foghlama.

Cuirtear gach prionsabal i láthair ag baint úsáide as ráiteas gairid. Ina dhiaidh sin tá míniú ar an bprionsabal ó pheirspictíocht an linbh. Leagann an míniú seo béim ar ról an duine fhásta i dtacú le luathfhoghlaim agus forbairt an linbh.

## 1. Leanaí agus an saol le linn na luath-óige

### Indibhidiúlacht an linbh

> Tá a (h)eispéiris agus a scéal féin ag gach leanbh. Is foghlaimeoir gníomhach an leanbh sin agus ball de theaghlach agus de phobal a bhfuil traidisiúin agus slite beatha ar leith ag baint leo.

- Is duine ar leith mé le mo láidreachtaí, spéiseanna, cumais, riachtanais agus eispéiris féin. Déan na saintréithe seo a aithint agus tóg orthu de réir mar atá tú ag cuidiú liom foghlaim agus forbairt.
- Tuigeann tú gur foghlaimeoir féinmhuiníneach ábalta mé agus go bhfoghlaimím ag mo luas féin faoi na rudaí a bhfuil suim agam iontu. Tacaigh liom agus mé á bhaint seo amach ar bhealach a chuireann ar mo chumas cinntí a dhéanamh i dtaobh na nithe a fhoghlaimím, agus cé chomh maith is atá mé ag foghlaim.
- Tá gá agam libhse, mo thuismitheoirí agus mo chleachtóirí, chun a bhfuil ar eolas agaibh mar gheall orm a roinnt lena chéile. Ar an gcaoi seo, féadfaidh sibh aithne níos fearr a chur orm agus rudaí a phleanáil dom a chuideoidh liom foghlaim ar bhealach taitneamhach suntasach.
- Ionas go mbeidh sibh ábalta mé a thuiscint agus tacú liom ní foláir daoibh ar dtús tuiscint a fháil ar chúlra mo theaghlaigh agus ar mo phobal. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo má thagaim ó phobal faoi mhíbhuntáiste nó ó phobal imeallaithe .

## Comhionannas agus éagsúlacht

Tá sé thar a bheith tábhachtach comhionannas agus éagsúlacht a chothú le linn na luath-óige. Is éard atá i gceist le comhionannas a chothú ná sochaí níos cothroime a chruthú inar féidir le gach duine páirt chothrom a ghlacadh agus ina bhfuil deis acu uile barr a gcumais a bhaint amach. Is éard atá i gceist le héagsúlacht ná fáilte a chur roimh éagsúlachtaí indibhidiúla agus grúpaí, agus a thuiscint gur cuid den saol na héagsúlachtaí sin.

- Tacaigh liom a bhrath gur comhionann mé le gach duine eile agus a chinntiú nach ndéantar mé a eisiamh ar na forais seo a leanas: eitneachas, cultúr, creideamh/gan chreideamh, cúlra agus cineál teaghlaigh, riachtanas speisialta oideachais, cumas fisiceach, inscne, nó cumas intleachtach. Glacadh liom agus le mo theaghlach, muid a aithint agus meas a bheith orainn.
- Ní foláir duit caitheamh liom ar bhealach éagsúil leis an mbealach a chaitheann tú le leanaí eile, ionas go mbraithfidh mé gur comhionann mé. Táim buíoch díot as meas a bheith agat ar m'fhéiniúlacht chultúrtha agus ar fhéiniúlacht chultúrtha mo theaghlaigh. Cuimhnigh freisin go mb'fhéidir go mbeidh gá agam le cabhair uait chun mé a imeascadh sa saol in Éirinn.






- Cuidigh liom foghlaim conas meas a bheith agam ar éagsúlacht shóisialta agus chultúrtha agus a aithint go bhfuilim i mo chónaí i sochaí ilchineálach il-eitneach. Cuidigh liom éagothroime agus éagóir a aithint agus dúshlán a thabhairt dó agus mé féin agus daoine eile a chosaint.
- Tá an fhoghlaim níos suntasaí, níos spreagthaí agus níos taitneamhaí domsa nuair atá na gníomhaíochtaí agus na heispéiris bunaithe ar mo scileanna, mo láidreachtaí agus mo spéiseanna agus nuair atá gaol idir iad agus mo chultúr baile agus mo theanga dhúchais.
- Cuidigh liom bheith oscailte i leith smaointe, scéalta agus eispéiris daoine eile, éisteacht leo agus foghlaim uathu.

## Leanaí ina saoránaigh

Is saoránaigh iad leanaí agus dá bhrí sin tá cearta acu agus freagrachtaí orthu. Tá tuairimí acu ar fiú éisteacht leo, agus tá an ceart acu bheith páirteach i gcinnteoireacht a bhaineann le nithe a rachaidh i bhfeidhm orthusan. Ar an gcaoi seo, tá sé de cheart acu go gcaithfí leo go daonlathach. Ón eispéireas seo foghlaimeoidh siad cé go bhfuil cearta acu go bhfuil freagracht orthu freisin cuidiú le daoine eile agus meas a bheith acu orthu, agus bheith cúramach i leith a dtimpeallachta.

- Is saoránach mise chomh maith. Cuidigh liom foghlaim faoi na cearta atá agam agus na freagrachtaí atá orm. Bíodh cothroime, ceartas agus meas i d'idirghníomhú liomsa agus le daoine eile.
- Cruthaigh timpeallacht domsa ina mbraithfidh mé féinmhuiníneach compordach, agus ina mbeidh deiseanna agam m'eispéiris, mo scéalta, mo smaointe agus mo mhothúcháin a roinnt le daoine eile. Léirigh dom an daonlathas ó chleachtadh. Cuidigh liom bheith páirteach i gcinnteoireacht agus i ngníomhaíochtaí pleanála agus cuidigh liom iad seo a dhéanamh agus machnamh orthu in éineacht le daoine eile.
- Lig dom mo dhearcadh agus mo thuairimí a roinnt le daoine eile i leith na nithe a bhfuil tábhacht ag baint leo ó mo thaobh de. Cuidigh liom a thuiscint go bhféadfaidh dearcadh agus tuairimí éagsúla a bheith ag daoine eile, agus cuidigh liom meas a bheith agam ar an dearcadh


agus na tuairimí sin. Sa mhéid go ndéanaim cumarsáid ar bhealaí éagsúla, uaireanta beidh gá mo ghothaí gnúise, gluaiseacht mo choirp, mo ghliogáil, mo chaoineadh agus mo theanga(cha) a thuiscint.

- Tá sé de cheart agam go gcosnófaí mé ón olc. Cinntigh nach mbeidh mé i mbaol agus nach ndéanfar faillí i mo leith. Má tá cúiseanna imní agat maidir liom cuir iad in iúl don duine cuí.
- Múin dom conas aire a thabhairt do mo ghiuirléidí féin, do ghiuirléidí daoine eile agus don timpeallacht.

## 2. Gaolta atá ag leanaí le daoine eile

### Caidrimh

Tá gá bunúsach ag leanaí bheith le daoine eile. Foghlaimíonn siad agus forbraíonn siad trí mheán caidrimh ghrámhara chothaitheacha le daoine fásta agus le leanaí eile, agus tá tionchar ag caighdeán an idirghníomhaithe seo ar a bhfoghlaim agus a bhforbairt.



- Bíodh meas agus grá le sonrú nuair a labhraíonn tú liom; nuair a bhíonn tú ag súgradh liom agus nuair a thugann tú aire dom.
- Tá m'idirghníomhú luath le daoine eile ina bhunchloch do na caidrimh le daoine eile níos déanaí sa saol. Cuidigh liom gaolta láidre a chothú agus tabhair am agus spás dom bheith le daoine fásta grámhara a bhfuil aithne agam orthu agus le leanaí eile.
- Taitníonn sé liom bheith le daoine fásta agus le leanaí. Tabhair deiseanna dom súgradh leo agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí leo. Cuidigh liom idirghníomhú leo, agus spraoi a bheith agam, roinnt leo, sealaíocht a chleachtadh agus déileáil le haighneas .

### Tuismitheoirí, teaghlach agus an pobal

Is iad na tuismitheoirí na daoine is tábhachtaí i saol an linbh. Téann an cúram agus an t-oideachas a fhaigheann siad óna dtuismitheoirí agus óna dteaghlach i bhfeidhm orthu ina bhforbairt iomlán, go háirithe le linn na míonna agus na mblianta luatha sa saol. Tá ról tábhachtach freisin ag gaolta eile agus ag an bpobal.



- Is iad mo thuismitheoirí agus mo theaghlach na daoine is tábhachtaí i mo shaol. Bíodh meas agat ar a dtuairimí agus a saineolas. Murach an cúram agus an t-oideachas a chuir siad ar fáil dom ní bheinn mar atá mé. Tugann siad grá dom, tugann siad aire dom, agus múineann siad dom faoin saol agus faoi fhoghlaim. Déanann siad nithe ar mhaithe liom. Tabhair deiseanna do mo thuismitheoirí eolas a roinnt leat fúm agus faoi na nithe a dhéanaim sa bhaile.
- Ní foláir daoibhse, mo thuismitheoirí agus mo chleachtóirí, obair le chéile chun cuidiú liom foghlaim agus forbairt agus barr mo chumais a bhaint amach. Smaoinigh ar bhealaí gaol a chruthú idir an baile agus an áit ina gcaithim am libhse, mar go bhfuil an caidreamh atá agam libh uile thar a bheith tábhachtach.
- Tá mo phobal tábhachtach freisin Trí mheán bhur n-idirghníomhú liom léirigh go bhfuil meas agaibh ar mo theaghlach agus ar mo chúlra.

### Ról an duine fhásta

Tarlaíonn an luathfhoghlaim tríd an gcaidreamh cómhalartach idir an duine fásta agus an leanbh – bíonn amanna ann ina dtreoraíonn an duine fásta an fhoghlaim sin agus amanna eile ina dtreoraíonn an leanbh an fhoghlaim. Cuidíonn an duine fásta leis an bhfoghlaim ach meas a bheith acu ar indibhidiúlacht an linbh. Athraíonn sé/sí cineál agus méid na tacaíochta de réir mar a mhéadaíonn féinmhuinín agus cumas an linbh agus de réir mar a bhaineann an leanbh rudaí nua amach.





- Cruthaigh caidreamh láidir liom agus cuidigh liom muinín a bheith agam asat. Foghlaimeoidh mé níos mó má tá mé sonasach slán san áit ina bhfuil mé ag foghlaim.
- Déan machnamh ar an gcaoi ar féidir leat cuidiú liom foghlaim. Cuir am ar leataobh chun rudaí nua a fhoghlaim agus bealaí nua cuidiú liom foghlaim agus forbairt. Ar an gcaoi sin is féidir linn rudaí a fhoghlaim lena chéile.
- Bí i do dhea-shampla domsa, agus déan do mhachnamh ar na nithe a gcreideann tusa iontu agus na tuairimí atá agat agus an chaoi a n-idirghníomhaíonn tú liom. Bíonn tionchar ag na nithe a deir tú, a dhéanann tú agus a thugann tú le fios orm.
- Tá ról lárnach agat cuidiú liom barr mo chumais a bhaint amach. Cuidigh liom mo chumais, mo spéiseanna agus m'eispéiris a fhorbairt. Smaoinigh ar bhealaí éagsúla ar féidir liom forbairt agus bain úsáid as straitéisí idirghníomhaíochta éagsúla atá oiriúnach domsa.
- Bíonn sé deacair uaireanta ar thuismitheoirí déileáil leis an saol. Nuair a bhíonn fadhbanna ag mo theaghlach bíonn gá agam le do chúnamh agus le go gcosnófá mé ón olc.
- Cuidigh liom má táthar do mo ghortú toisc nach dtuigeann leanaí nó teaghlaigh eile i gceart mo chúlra agus mo chultúr .

## 3. An chaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn leanaí

### Foghlaim agus forbairt iomlánaíoch

Foghlaimíonn leanaí an iliomad rudaí ag an am céanna. Tá gaol idir an rud a fhoghlaimíonn siad, an chaoi a bhfoghlaimíonn siad agus cé uaidh/uaithi a fhoghlaimíonn siad.



- Foghlaimím an iliomad rudaí ag an am céanna. Smaoinigh ar na réimsí go léir de m'fhoghlaim agus m'fhorbairt – forbairt chognaíoch, forbairt chruthaitheach, forbairt mhothúchánach, forbairt mhorálta, forbairt fhisiceach, forbairt shóisialta agus forbairt spioradálta, agus cuir deiseanna ar fáil dom sna réimsí seo go léir.
- Nuair atá tú ag tacú liom i mo chuid foghlama agus forbartha, cuimhnigh go múnlaítear na nithe a fhoghlaimím sa suíomh luath-óige bunaithe ar an bhfoghlaim agus na heispéiris roimhe seo le mo theaghlach agus le mo phobal agus mar chuid den tsochaí i gcoitinne.
- Cuir am ar leataobh chun breathnú orm agus chun labhairt liom go rialta. Bain úsáid as an am seo chun cuidiú liom gaol a aithint idir mo chuid foghlama agus forbartha agus eispéiris roimhe seo agus déan do phleanáil do mo chuid foghlama amach anseo.

**Foghlaim ghníomhach**

Is éard atá i gceist le foghlaim ghníomhach ná foghlaim trí rudaí a dhéanamh. Baineann leanaí úsáid as a gcéadfaí chun nithe agus ábhair a iniúchadh agus oibriú leis na nithe sin agus idirghníomhaíonn siad go díograiseach leis na daoine fásta agus na leanaí a chastar orthu. Trí mheán na n-eispéireas seo, forbraíonn leanaí a meonta, a scileanna, a n-eolas, agus a dtuiscint, a ndearcadh agus a luachanna a chuideoidh leo fás ina bhfoghlaimeoirí muiníneacha inniúla.

- Lig dom rudaí a iniúchadh rudaí nua a thriail, botúin a dhéanamh, rudaí a fháil amach, agus mo theoiricí féin a chruthú faoin gcaoi a n-oibríonn rudaí agus an chúis leis sin, ionas gur féidir liom bheith neamhspleách féintuilleamaíoch agus ionas gur féidir liom foghlaim faoin domhan ina bhfuil cónaí orm.
- Tabhair deiseanna dom mo chéadfaí éagsúla a úsáid agus mé ag foghlaim.
- Tacaigh liom agus mé ag foghlaim le daoine fásta agus leanaí agus ó dhaoine fásta agus leanaí. Fiafraigh díom faoi m'fhionnachtana agus faoi m'eachtraí; labhair liom agus cuidigh liom tuilleadh a fhoghlaim. Foghlaimím an-chuid as mo stuaim féin ach is féidir liom an-chuid a fhoghlaim nuair a roinnim m'eispéiris le daoine eile.

**Súgradh agus eispéiris phraiticiúla**

Tarlaíonn roinnt mhaith de luathfhoghlaim agus d'fhorbairt an linbh trí mheán an tsúgartha agus trí eispéiris phraiticiúla. Ar na bealaí seo, déanann leanaí iniúchadh ar dhomhain shóisialta, fhisiceacha agus shamhlaíocha. Cuidíonn na heispéiris seo leo bainistiú a dhéanamh ar a mothúcháin, forbairt mar smaointeoirí agus mar úsáideoirí teanga, forbairt go sóisialta, bheith cruthaitheach samhlaíoch, agus bunchloch a leagan ionas go mbeidh siad ina gcumarsáidithe agus ina bhfoghlaimeoirí éifeachtacha.

- Is cuid tábhachtach de mo shaol an súgradh, agus tá tábhacht ag baint leis ó thaobh m'fhoghlama agus m'fhorbartha de. Nuair a bhím ag súgradh, úsáidim mo chorp, m'intinn, mo mhothúcháin agus mo chéadfaí. Tabhair deiseanna dom mo chuid súgartha a fhorbairt. Breathnaigh ar an gcaoi a mbím ag súgradh, agus smaoinigh ar bhealaí ar féidir leat tacú liom.
- Tabhair am agus spás dom súgradh le leanaí eile. Nuair a bhím ag súgradh foghlaimím faoi chomhoibriú, faoin gcaoi déileáil le haighneas, agus faoi gcaoi a smaoiníonn agus a mothaíonn daoine eile, agus faoi ghníomhartha éagsúla agus faoin mbrí atá le rudaí. Uaireanta is maith liom bheith ag súgradh i m'aonar agus uaireanta eile is maith liom tusa a bheith ag súgradh liom. Is féidir leat cuidiú liom foghlaim faoi chineálacha éagsúla rudaí nuair a bhímid ag súgradh lena chéile.



- Cuir nithe, bréagáin agus trealamh ar fáil dom atá ag baint le mo chultúr féin agus le cultúir dhaoine eile. Tá gá agam freisin le rochtain ar ábhair a spreagfaidh mé chun súgartha oscailte, nithe a úsáidtear gach lá chun cuidiú liom le mo chuid foghlama. Lig dom taithí a fháil ar chineálacha éagsúla súgartha agus spreag mé le húsáid a bhaint as gach ábhar sa timpeallacht is cuma cibé inscne mé nó cumas agam.



- Cinntigh go mbím páirteach in a lán eispéireas suntasach praiticiúil ionas gur féidir liom foghlaim, forbairt agus bheith neamhspleách. Bainim úsáid as mo lámha, mo chluasa, mo shúile, agus mo chorp chun iniúchadh a dhéanamh ar nithe, ar áiteanna agus ar dhaoine i mo dhomhan. Tabhair saoirse dom nithe a iniúchadh as mo stuaim féin.

### Eispéiris iomchuí shuntasacha

Bíonn foghlaim níos taitneamhaí agus níos dearfaí do leanaí nuair a bhíonn na heispéiris iomchuí, suntasach. Is féidir le cleachtóirí eispéiris níos iomchuí agus níos oiriúnaí don fhorbairt a pleanáil trí mheasúnú leanúnach a dhéanamh ar na nithe a dhéanann, a deir agus a chruthaíonn leanaí. Cuidíonn sé leo freisin feabhas a chur ar a gcleachtas. Is éard atá i gceist le measúnú ná pictiúr a chruthú de láidreachtaí, spéiseanna, cumais agus riachtanais indibhidiúla an linbh agus iad seo a úsáid chun tacú le foghlaim agus forbairt an linbh amach anseo agus pleanáil don fhorbairt agus don fhoghlaim sin.

- Breathnaigh ar a bhfuil ar siúl agam, labhair liom agus éist lena bhfuil á rá agam. Nuair a éiríonn liom rud a dhéanamh i gceart den chéad uair, glac pictiúr díom nó breac síos nóta agus cuir é le m'fhillteán ina léirítear a bhfuil foghlamtha agam.
- Tabhair aird ar na nithe is spéis liom agus na nithe is féidir liom a dhéanamh. Coinnigh taifead de mo dhul chun cinn agus den chaoi a n-éiríonn liom meonta, tuairimí, luachanna, scileanna, eolas agus tuiscint a fhorbairt. Cuideoidh sé seo leat tacú le m'fhéiniúlacht, freagairt do mo chumais, mo spéiseanna agus mo riachtanais nua, agus déan eispéiris a phleanáil a chuirfidh feabhas ar m'fhoghlaim agus m'fhorbairt.
- Tá an-chuid eolais ag mo thuismitheoirí agus ag mo theaghlach fúm agus tá spéis acu foghlaim céard a dhéanaim nuair nach bhfuilim sa bhaile. Is maith leo fhios a bheith acu conas a réitím le daoine fásta eile agus an chaoi ar féidir leo cuidiú liom foghlaim agus forbairt sa bhreis a dhéanamh. Is gá go ndéanfadh sibhse, mo thuismitheoirí agus mo chleachtóir, am a chur ar leataobh chun plé a dhéanamh ar mo dhul chun cinn. Beidh gá uaireanta go ndéanfaidh tusa, mo chleachtóir, léiriú do mo thuismitheoirí conas tacú le mo chuid foghlama sa bhaile.

### Cumarsáid agus teanga

Ag croílár na luathfhoghama agus forbartha tá an cumas cumarsáid a dhéanamh. Cuidíonn an chumarsáid le leanaí machnamh a dhéanamh ar an domhan agus an domhan sin a thuiscint. Déanann siad cumarsáid a luaithe is a thagann siad ar an saol ag baint úsáide as bealaí éagsúla chun eolas a fháil agus a thabhairt. Tá tábhacht ag baint le gach ceann de na bealaí seo ina cheart féin. Tá tionchar ag dhá phríomhfhachtóir ar fhoghlaim conas cumarsáid a dhéanamh le linn na luath-óige: cumas an linbh agus timpeallacht an linbh.

- Tacaigh liom an chumarsáid is fearr agus is féidir liom a dhéanamh ón aois is óige agus is féidir. Bí ar d'airdeall ar eagla go bhfuil aon mhoill nó deacrachtaí cumarsáide nó teanga agam, mar dá luaithe a fhaighim cúnamh is ea is fearr.
- Cuimhnigh go bhfaighim agus go dtugaim eolas ar bhealaí éagsúla. Is féidir liom cumarsáid a dhéanamh ag baint úsáide as focail, teanga chomharthaíochta, Braille, rithim, uimhreacha, gluaiseacht, geáitsí, drámaíocht, ealaín agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). A luaithe is atá mé ullamh, tacaigh liom scríobh agus léamh ar an mbealach is fearr a oireann do mo riachtanais agus ná brostaigh é.
- Tá ról lárnach agat i dtacú liom le mo scileanna cumarsáide agus teanga. Labhair liom, éist liom, agus freagair dom, tuig céard atá á rá agam, agus cuir áit ar fáil dom inar féidir liom m'eispéiris, mo smaointe agus mo mhothúcháin a roinnt le daoine eile ar na bealaí go léir is féidir. Bí i do dhea-shampla dom ó thaobh scileanna cumarsáide agus teanga.
- Teastóidh ó mo thuismitheoirí go bhfoghlaimeoidh mé Béarla nó Gaeilge, nó an dá theanga, má tá teanga eile á labhairt agam sa bhaile. Inis do mo thuismitheoirí go bhfuil sé tábhachtach mo theanga dhúchasach a choinneáil freisin. Cuir iad ar a suaimhneas go bhfoghlaimeoidh mé Béarla nó Gaeilge agus go gcoinneoidh mé mo theanga dhúchasach.

## An timpeallacht foghlama

Téann an timpeallacht foghlama (laistigh agus lasmuigh) i bhfeidhm ar na nithe a fhoghlaimíonn leanaí agus ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad. Cuidíonn timpeallacht fháilteach le leanaí iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann le haghaidh spraoi, rogha, saoire, eachtraíochta agus dúshláin agus cuidíonn leo leas a bhaint as na deiseanna sin.





- Déanaim mo chuid foghlama is fearr in áit atá
  - Teolaí, fáilteach, ina dtugtar aitheantas do mo chúlra, agus ina bhfuilim slán sábháilte
  - Slachtmhar, inrochtana, inoiriúnaithe, sábháilte
  - Soláthartha go maith le hacmhainní agus dea-eagraithe
  - Spreagúil, dúshlánach agus a chumasaíonn mé.

  Cruthaigh an timpeallacht seo dom.
- Ba chóir go dtacódh an áit ina bhfoghlaimím agus ina bhforbraím le m'fhéiniúlacht agus leis an bpáirt atá agam i mo ghrúpa, i mo theaghlach agus i mo phobal. Cinntigh go bhfuil a lán fíorshamplaí beachta de mo chultúr agus de m'fhéiniúlacht le feiceáil mórthimpeall orm chomh maith lena macasamhail do leanaí eile atá liom – amhráin agus scéalta, pictiúir agus focail, súgradh agus cluichí.
- Bunaidh agus socraigh an áit ina ndéanfaidh mé mo chuid súgartha agus foghlama ionas go mbeidh mé ábalta mé féin a chur in iúl, idirghníomhú le daoine eile, roghanna a dhéanamh, smaointe agus ábhair a thriail, rudaí a chruthú, scileanna a fhorbairt agus a chleachtadh, fiosracht a spreagadh, íomhá agus neamhspleáchas a chothú, iniúchadh agus fionnachtana a dhéanamh, fadhbanna a réiteach agus leanúint orm fiú nuair is gá aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí agus ar éiginnteacht.

# Na téamaí in *Aistear*

Cuirtear foghlaim agus forbairt leanaí i láthair in *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* ag baint úsáide as ceithre théama. Seo a leanas na téamaí sin:

- *Folláine agus Leas*
- *Féiniúlacht agus Muintearas*
- *Cumarsáid*
- *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.*

Cuireann na téamaí síos ar na nithe a fhoghlaimíonn leanaí – na meonta, tuairimí agus luachanna, scileanna, eolas agus tuiscint. Tosaíonn gach téama le forléargas gearr ar an tábhacht a bhaineann leis an téama sin do leanaí mar fhoghlaimeoirí óga. Cuirtear an téama i láthair ansin ag baint úsáide as ceithre aidhm. Tá gach aidhm roinnte i sé sprioc foghlama. (Féach Fíor 1.) Féadfaidh roinnt de na spriocanna seo a bheith níos oiriúnaí do leanaí de réir mar fhásann siad.

**Fíor 1: Cur síos ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí trí mheán téamaí**



I ngach téama tá smaointe agus moltaí do na cineálacha eispéireas foghlama a d'fhéadfadh daoine fásta a sholáthar do leanaí atá ag obair i dtreo aidhmeanna agus spriocanna *Aistear*. Tugtar *deiseanna foghlama samplacha* ar na smaointe agus na moltaí seo. Cuirtear iad i láthair i dtrí aoisghrúpa a thrasnaíonn a chéile:

- leanaí óga (breith go 18 mí)
- mamailínigh (12 mhí go 3 bliana)
- leanaí (2½ go 6 bliana).

Cé gur féidir formhór na ndeiseanna foghlama a chur in oiriúint agus a fhorbairt le haghaidh cineálacha éagsúla suíomhanna, féadfaidh cinn eile a bheith níos oiriúnaí do chineál amháin ná do chineál eile suímh. Féadfar formhór na ndeiseanna foghlama a chur in oiriúint freisin d'úsáid lasmuigh agus laistigh. Ag baint úsáide as an timpeallacht lasmuigh bíonn níos mó spáis ag leanaí agus níos mó saoirse bogadh timpeall iniúchadh timpeall na háite, iad féin a chur in iúl, agus ar an gcaoi seo is féidir leo níos mó taitnimh agus sástachta a bhaint as an eispéiris agus tuilleadh a fhoghlaim.





# Folláine agus Leas

# Téama: Folláine agus Leas

**Is éard atá i gceist leis an téama *Folláine agus Leas* ná go mbeadh leanaí féinmhuiníneach, sona, sláintiúil.**

Díríonn folláine agus leas ar an duine a fhorbairt. Tá dhá phríomhghné ag baint leis: folláine agus leas síceolaíoch (a áiríonn mothúcháin agus smaointeoireacht) agus folláine agus leas fisiceach. Cuireann caidrimh agus idirghníomhú leanaí leis an teaghlach agus leis an bpobal go mór lena bhfolláine agus leas. Ní foláir do leanaí a bhrath go bhfuil meas orthu, go bhfuil siad cumhachtaithe, go bhfuil aire á thabhairt dóibh agus go gcuirtear iad san áireamh. Ní foláir dóibh freisin meas a bheith acu orthu féin, ar dhaoine eile agus ar a dtimpeallacht. Éiríonn siad dearfach ina leith féin agus i leith a gcuid foghlama nuair atá meas ag daoine fásta orthu agus nuair a chothaítear caidrimh fháilteacha thacúla leo. Cuirtear go mór le folláine agus leas leanaí más féidir leo iad féin a chur in iúl go cruthaitheach agus má bhraitheann siad go bhfuil diminsean spioradálta ag baint leis an saol. Bíonn an saol lán le dúshláin agus le deacrachtaí. Mar sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh dearcadh dearfach ag an leanbh i leith na foghlama agus i leith an tsaoil. Cuidíonn na heispéiris seo go léir le leanaí a bheith seiftiúil, bheith in ann teacht aniar ó dheacrachtaí agus foghlaim conas déileáil le hathruithe agus le fadhbanna.

Tá folláine agus leas fisiceach tábhachtach don fhoghlaim agus don fhorbairt mar go gcuidíonn sé le leanaí iniúchadh a dhéanamh ar an timpeallacht agus dúshlán a thabhairt dóibh féin sa timpeallacht sin. Cuidíonn sé leo má bhíonn siad níos mó in iúl ar a gcorp. Tacaíonn an duine fásta le folláine agus leas síceolaíoch agus fisiceach leanaí trí chuidiú leo roghanna sláintiúla a dhéanamh i leith bia, sláinteachais agus aclaíochta. Déanann sé/sí pleanáil le haghaidh deiseanna do leanaí iad féin a chur in iúl, iad a spreagadh chun súgartha agus oibre, agus chun déileáil le dúshláin agus soláthraíonn na deiseanna sin. Cuidíonn an duine fásta freisin leis an leanbh neamhspleáchas a bhaint amach trí rogha gníomhaíochtaí a chur ar fáil, agus trí dheiseanna a sholáthar dóibh chun cinntí a dhéanamh agus tús áite a ghlacadh.

**Tábla 1: Aidhmeanna agus spriocanna foghlama go *Folláine agus Leas***

| Folláine agus Leas | |
|---|---|
| **Aidhmeanna** | **Spriocanna foghlama** |
| **Aidhm 1**<br>Beidh leanaí láidir go síceolaíoch agus go sóisialta. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. gaolta láidre agus caidrimh fháilteacha thacúla a chothú le baill den teaghlaigh, le leanaí eile agus le daoine fásta i suíomhanna lasmuigh den bhaile agus sa phobal<br>2. bheith in iúl ar a mothúcháin agus déanfaidh iad a ainmniú, agus tuigfidh siad go mbíonn mothúcháin éagsúla ag daoine<br>3. déileáil go maith le hathruithe<br>4. bheith féinmhuiníneach agus féintuilleamaíoch<br>5. meas a bheith acu orthu féin, ar dhaoine eile agus ar an timpeallacht<br>6. cinntí agus roghanna a dhéanamh maidir lena bhfoghlaim agus a bhforbairt féin. |
| **Aidhm 2**<br>Beidh leanaí chomh sláintiúil agus chomh haclaí agus is féidir. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. smacht agus comhordú ghluaiseachtaí an choirp a fheabhsú de shíor<br>2. bheith in iúl ar a gcorp, a bhfeidhmeanna coirp agus a gcumais nua<br>3. scileanna luaile a fhionnadh, a iniúchadh agus a thabhairt chun míneadais<br>4. scileanna féinchabhrach a úsáid nuair atá aire á thabhairt acu dá gcorp<br>5. breithiúnais mhaithe a thabhairt nuair atá riosca i gceist<br>6. roghanna sláintiúla a dhéanamh agus dearcadh dearfach a léiriú i leith bia, sláinteachais agus gnáthamh |
| **Aidhm 3**<br>Beidh leanaí cruthaitheach, spioradálta. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. cuirfidh siad iad féin in iúl go cruthaitheach agus gheobhaidh taithí ar na healaíona<br>2. cuirfidh siad iad féin in iúl trí chineálacha éagsúla súgartha<br>3. déanfaidh siad a n-iontas agus a n-uamhan a fhorbairt agus a chothú<br>4. éireoidh siad machnamhach agus smaoineoidh siad ar bhealach solúbtha<br>5. tabharfaidh siad aire don timpeallacht<br>6. tuigfidh siad go bhfuil creidimh agus luachanna ag daoine eile atá éagsúil lena gcreidimh agus luachanna féin. |
| **Aidhm 4**<br>Beidh dearcadh dearfach ag leanaí i leith na foghlama agus an tsaoil. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. éireoidh siad níos neamhspleáiche, agus beidh siad ábalta roghanna agus cinntí a dhéanamh as a stuaim féin<br>2. léireoidh siad máistreacht ar a gcumais féin agus beidh muinín acu as na cumais sin agus léireoidh siad meonta foghlama, amhail diongbháilteacht agus buanseasmhacht<br>3. smaoineoidh siad ar bhealach dearfach, rachaidh siad san amhantar, beidh teacht aniar iontu nuair a thiocfaidh fadhbanna chun cinn agus léireoidh siad seiftiúlacht<br>4. inspreagfaidh siad iad féin, agus fáilteoidh siad roimh dhúshláin agus iarrfaidh siad na dúshláin sin<br>5. beidh meas acu ar an saol, a saol féin agus saol daoine eile, agus beidh fhios acu go bhfuil brí agus cuspóir ag baint leis an saol<br>6. beidh siad ina saoránaigh ghníomhacha. |

## Deiseanna foghlama samplacha

### Leanaí Óga



Déanfaidh an duine fásta na nithe seo a leanas:

- idirghníomhóidh sé/sí le leanaí óga **ar bhealach comhsheasmhach socair comhbhách urramach:**
  - → cuirfidh sé/sí aithne mhaith ar leanaí óga, freagróidh go maith dóibh agus soláthróidh bonn cinnte dóibh ónar féidir leo súgradh agus iniúchadh a dhéanamh
  - → déanfaidh sé/sí cumarsáid dhearfach le leanaí óga ag breathnú sa tsúil ar an leanbh, ag baint úsáide as tadhall agus guth bog
  - → bunóidh sé/sí gnáthaimh gan strus le haghaidh gníomhaíochtaí cothaithe, chun dul go dtí an leithreas, le haghaidh codlata agus le haghaidh súgartha agus idirghníomhóidh agus labhróidh sé/sí le leanaí óga le linn na ngnáthamh sin
  - → beidh gnáthaimh aige/aici le haghaidh amanna nuair atá tuismitheoirí ag teacht agus ag imeacht, mar shampla slán a fhágáil, an bréagán is ansa leis an leanbh óg a chur san áit 'speisialta', ainmneacha na leanaí óga eile a rá agus iad ag teacht isteach
  - → roinnfidh sé/sí eolas go rialta chun tuilleadh a fháil amach faoi bhaile na leanaí óga agus faoi eispéiris na leanaí óga lasmuigh den bhaile



- cuideoidh sé/sí le leanaí óga nithe a iniúchadh agus a láimhseáil ar bhealach **ilchéadfaíoch** ionas gur féidir leo nithe a bholú, a bhlaiseadh, a fheiceáil, a bhrath, greim a breithe orthu, a ardú agus ligean dóibh titim:
  - → cuirfidh sé/sí nithe agus ábhair éagsúla sábháilte ar fáil don leanbh óg le bheith ag súgradh leo, mar shampla nithe atá crua, bog, nádúrtha, de dhéantús an duine srl.
  - → cuideoidh sé/sí le leanaí óga a matáin a láidriú trí na leanaí óga a chur i suíomhanna éagsúla, mar shampla ag luí ar an mbolg agus an ceann á ardú chun breathnú mórthimpeall orthu, iad a bheith suite le cúisín taobh thiar díobh, ag luí ar an droim faoi mhóibíl

- cuideoidh sé/sí le leanaí rudaí a **dhéanamh dóibh féin**, tacóidh lena dtionscnaíocht agus lena roghanna agus freagróidh go dearfach dá a n-iarrachtaí ionas go gcothófar meon dearfach iontu i leith na foghlama:
  - → cuideoidh sé/sí le hiarrachtaí leanaí óga, spreagfaidh na hiarrachtaí sin agus déanfaidh iad a dhearbhú, mar shampla, ***Féach anois, tá an bainne á ól agat leat féin***, nó déan bualadh bos nuair a thiontaíonn an leanbh óg leathanach leabhair
  - → agus spreagfaidh sé/sí diongbháilteacht an linbh óig, mar shampla tacaíocht fhisiceach a thabhairt dóibh agus iad ag iarraidh seasamh as a stuaim féin, siúl, nó cruthanna a chur isteach i sórtálaí cruthanna
  - → déanfaidh sé/sí cur síos ar ghníomhaíochtaí an linbh óig agus athdhearbhóidh sé/sí a gcuid iarrachtaí

- cothóidh sé/sí **iontas** an linbh óig:
  - tabharfaidh sé/sí an deis do leanaí óga dul lasmuigh agus cuirfidh sé/sí síos ar a n-eispéiris, mar shampla bláthanna agus duilleoga a bhrath, breathnú ar líontán an damháin alla, breáthú ar uisce reatha, éisteacht leis agus é a bhrath agus súgradh leis an sneachta
  - cuirfidh sé/sí nithe nádúrtha i gciseán ionas gur féidir leis an leanbh óg iad a iniúchadh, mar shampla clocha, míreanna adhmaid, olann, agus feilt, nó léireoidh sé/sí stealladh uisce san fholcadh nó sa doirteal
  - idirghníomhóidh sé/sí le leanaí óga in áit chiúin, mar shampla an leanbh óg ag suí ar bhaclainn an duine fhásta ionas gur féidir breathnú mórthimpeall an tseomra nó éisteacht le píosa bog ceoil, agus freagróidh an duine fásta d'iarrachtaí cumarsáide an linbh óig nó cuirfidh sé/sí síos go ciúin ar na nithe a bhfuil na leanbh óg ag amharc orthu

- éascóidh sé/sí **athdhéanamh agus dúshlán** ionas gur féidir le leanaí óga máistreacht a fháil ar a bhfuil ar siúl acu agus cur leis sin, agus spreagfaidh sé/sí an leanbh óg le rioscaí a thógáil:
  - tabharfaidh sé/sí dúshlán do leanaí óga rudaí nua a thriail, mar shampla bréagáin nó ábhair nua a thairiscint dóibh, nithe a chur i bhfolach le cuid den bhréagán le feiceáil ag an tús agus ansin an bréagán a chur díreach as fad láimhe ionas gur gá don leanbh lámhacán chun teacht air
  - tabharfaidh sé/sí an deis do leanaí óga in áiteanna súgartha éagsúla laistigh agus lasmuigh, mar shampla tabharfaidh sé/sí rochtain do leanaí óga ar chéimeanna nó ar rampaí chun taithí a fháil ar leibhéil éagsúla, fanfaidh i gcóngar agus na leanaí óga ag lámhacán suas na céimeanna, rachaidh ar na glúine chun breathnú isteach i dtollán ionas gur féidir leis an leanbh óg é/í a fheiceáil
  - spreagfaidh sé/sí athdhéanamh gníomhaíochtaí ionas gur féidir leis an leanbh óg máistreacht a fháil ar na gníomhaíochtaí sin, agus athghuthóidh sé/sí fuaimeanna

- cuideoidh sé/sí le leanaí óga **meas** a bheith acu orthu féin agus ar dhaoine eile:
  - cuideoidh sé/sí le leanaí óga a fháil amach gur daoine indibhidiúla iad, mar shampla cuirfidh scátháin agus grianghraif ag leibhéal súl an linbh óig, úsáidfidh ainm an linbh óig go minic srl.
  - cruthóidh sé/sí deiseanna do leanaí óga a bheith le leanaí óga eile agus le leanaí níos sine, agus labhróidh an duine fásta i dtaobh a bhfuil ag tarlú
  - athdhearbhóidh sé/sí iompar an linbh óig, ag rá, mar shampla, ***Maith thú, tá tú ag cuidiú le Mamaí na bréagáin a chur ar ais sa bhosa*** nó ***Tá barróg á bhreith agat ar Theidí.***

## Mamailínigh



Déanfaidh an duine fásta na nithe seo a leanas:

- cinnteoidh sé/sí go bhfaighidh mamailínigh a ndóthain **sosa, cothaithe agus spreagtha:**
  - cuideoidh sé/sí le mamailínigh gnáthaimh a fhorbairt nó leanúint le gnáthaimh le haghaidh amanna ite, codlata agus cúrsaí sláinteachais, agus cuirfidh teaghlaigh na leanaí ar an eolas maidir leis na gnáthaimh sin

- spreagfaidh sé/sí réim bia sláintiúil agus agus na páistí a chur in iúl ar na cineálacha éagsúla bia agus na sochair a bhaineann leo, mar shampla go bhfuil bainne go maith do chnámha agus d'fhiacla, agus go bhfuil glasraí go maith chun an corp a choinneáil folláin
- cuimseoidh sé/sí amanna codlata sa ghnáthamh laethúil dóibh siúd a bhfuil gá acu leis

- cuirfidh sé/sí timpeallacht dea-struchtúrtha ordúil ar fáil do mhamailínigh chomh maith le **gnáthamh intuartha solúbtha:**
  - cuideoidh sé/sí le mamailínigh bheith ag coinne le himeachtaí a tharlaíonn go minic, mar shampla bainfidh sé/sí úsáid as comharthaí chun a chur in iúl go bhfuil an ghníomhaíocht reatha ag teacht chun críche agus déarfaidh sé/sí leis an leanbh cad a tharlóidh ina dhiaidh sin: ***Gan rómhoill beimid ag cur na mbrící i dtaisce sula léifidh mé scéal daoibh*** nó ***Cuirfimid orainn ár gcótaí sula rachaimid amach***
  - déanfaidh sé/sí an timpeallacht a struchtúrú trí nithe a stóráil sna háiteanna céanna i gcónaí, mar shampla beidh bosca na mbréagán sa seomra codlata nó déanfar an spás a roinnt de réir na ngníomhaíochtaí a tharlaíonn iontu, mar shampla áit chiúin, áit na mbréagán, áit an tsúgartha, agus mar sin de, ionas gur féidir leis na mamailínigh nithe a aimsiú

- cuideoidh sé/sí le mamailínigh bheith **neamhspleách:**
  - taispeánfaidh sé/sí do mhamailínigh conas rudaí a dhéanamh, mar shampla conas a gcupán a fháil ón gcófra, cathaoir a ardú, aire a thabhairt do phlanda, a mblaincéad a chur ar an leaba, an meaisín níocháin a líonadh, an t-urlár a scuabadh
  - spreagadh sé/sí na mamailínigh le rudaí a dhéanamh dóibh féin agus cuideoidh leo trí scileanna féinchúraim a fhorbairt, mar shampla lámha a ní agus a thriomú, iad féin a ghléasadh, buataisí a chur orthu féin
  - cuideoidh sé/sí le mamailínigh conas roghanna a dhéanamh, ag rá, mar shampla, ***An bhfuil úll nó oráiste ag teastáil uait? Ar mhaith leat na stocaí gorma nó na stocaí dearga a chaitheamh? Cén scéal a léifidh mé duit roimh am codlata? Ar mhaith leat breith ar mo lámh nó ar lámh Aileen?***

- déanfaidh sé/sí na mamailínigh a spreagadh le **fadhbanna a réiteach** agus smaoineamh ar na bealaí éagsúla le rudaí a dhéanamh:
  - aithneoidh agus spreagfaidh sé/sí iarrachtaí na mamailíneach fadhbanna a réiteach, ag rá, mar shampla, ***O, feicim anois, tharraing tú suas do mhuinchille mar gur theastaigh uait imirt leis an uisce*** nó ***Ar fheabhas, tá tú ag cuidiú linn an gaineamh a thit ar an urlár a ghlanadh suas***
  - tabharfaidh sé/sí cúiseanna agus roghanna do mhamailínigh nuair a chaithfidh siad rud éigin a dhéanamh, mar shampla, ***Caithfidh mé do chlúidín a athrú mar go bhfuil sé salach. Ar mhaith leatsa an clúidín glan a fháil nó an bhfaighidh mise é? Is féidir linn dul amach sa bháisteach má chuireann tú ort do chóta agus do bhuataisí. Teastaíonn an carr uait atá ag Laura – d'fhéadfá carr eile a fháil duit féin?***

- cuirfidh sé/sí roinnt mhaith deiseanna ar fáil chun **matáin** na mamailíneach a láidriú, chun a **scileanna** a thabhairt chun míneadais agus chun feabhas a chur ar an **gcomhordú idir na súile agus na lámha:**
  - cinnteoidh sé/sí le mamailínigh a fháil amach conas a oibríonn a gcorp trí chuidiú leo feidhmeanna na gcodanna éagsúla den chorp a thuiscint agus na fuaimeanna a dhéanann siad sin a chlos, mar shampla síneadh an choirp, comhordú an choirp, éisteacht lena n-análú, nithe a chaitheamh agus breith orthu, an liathróid a speachadh, fráma dreapadóireachta a úsáid
  - cinnteoidh sé/sí go bhfuil an iliomad deiseanna ann do mhamailínigh páirt a ghlacadh i gcineálacha éagsúla súgartha is cuma cibé aois dóibh nó cibé cumas


- cuideoidh sé/sí le mamailínigh **aire a thabhairt don timpeallacht agus dul i dtaithí uirthi:**
  - cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil do mhamailínigh taitneamh a bhaint as an timpeallacht nádúrtha agus foghlaim ina taobh, mar shampla buille coise a thabhairt do locháiníní uisce, tochailt, athchúrsáil, scuabadh, ealaín a chruthú le hábhair nádúrtha, dul ar shiúlóidí, plandaí a chur, dul ar thóir créatúr amhail péisteanna, bóíní Dé, damháin alla, cruibheanna cabáiste, breathnú orthu agus fáil amach ina dtaobh
  - cuirfidh sé/sí éadaí oiriúnacha ar fáil ionas gur féidir le mamailínigh súgradh lasmuigh is cuma cibé aimsir
  - tabharfaidh sé/sí mamailínigh ar thurais, mar shampla cuairt a thabhairt ar fheirm oscailte chun ainmhithe a fheiceáil nó dul chuig gairdín chun bolaithe a fháil agus uigeachtaí éagsúla a bhrath
  - glacfaidh sé/sí grianghraif, cuirfidh iad ar taispeáint ag leibhéal súl an linbh agus úsáidfidh sé/sí iad chun plé a thosú





- cuidiú sé/sí le mamailínigh feidhmiú ar an **bhfiosracht, dul san amhantar,** a **n-aird a dhíriú ar rud,** agus **seiftiúlacht chleachtadh:**
  - cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil do mhamailínigh iarracht eolas a fháil ar rudaí agus a fheiceáil conas a oibríonn siad, mar shampla nuair a chuireann siad uisce ar ithir, nó nuair a chruthaíonn siad rampaí le haghaidh tarracóirí nó rothair trianacha
  - cuideoidh sé/sí le mamailínigh aird a dhíriú ar rudaí trí limistéir chiúine a cruthú agus an torann sa chúlra a laghdú, cinnteoidh sé/sí nach gcuirfear isteach ar na mamailínigh mura bhfuil gá leis nuair atá siad gafa le tasc, agus cuirfidh sé/sí tascanna agus gníomhaíochtaí ar fáil atá bainteach leis na nithe a bhfuil spéis ag na mamailínigh iontu
  - spreagfaidh sé/sí na mamailínigh le dul san amhantar, mar shampla dreapadh chuig barr sleamhnáin, bia nua a thriail, rud a fháil atá ar an tseilf is airde
  - cuideoidh sé/sí le mamailínigh bheith dearfach i leith rudaí fiú nuair nach dtéann siad de réir an phlean, mar shampla nuair a thiteann an túr a bhí á thógáil acu nó nuair nach bhfuil cead acu an bréagán nó an sneaic a bhí ag teastáil uatha a fháil

## Leanaí





Déanfaidh an duine fásta na nithe seo a leanas:

- cuideoidh sé/sí le leanaí **athruithe** agus **imeachtaí strusmhara sa saol a thuar agus déileáil leo:**
  - cuideoidh sé/sí le leanaí a mothúcháin a chur in iúl do dhaoine eile ar bhealach neamhbhriathartha agus briathartha araon agus scileanna a fhorbairt chun déileáil le scileanna amhail cabhair a lorg, labhairt faoinar tharla, nó labhairt faoina bhfuil le tarlú: *Cá bhfuil tú ag dul tar éis dinnéir? Ar mhaith leat breith ar an teidí nuair atá slán á fhágáil agat le Daid? Má tá eagla ort tar agus inis dom é.*
  - cuideoidh sé/sí le leanaí a bheith in iúl ar a bhfuil ag tarlú sa chorp nuair atá imní orthu, nuair atá eagla orthu agus nuair atá fearg orthu, mar shampla nuair atá an bolg as eagar, nuair atá allas ar bhos na lámh, nuair atá an béal tirim
  - tabharfaidh sé/sí sólás do leanaí nuair atá na tuismitheoirí ag scaradh, mar shampla fanacht leo, breathnú ar ghrianghraif den teaghlach, an ghníomhaíocht is fearr leo a dhéanamh leo, súgradh san áit is ansa leo
  - labhróidh sé/sí leis na leanaí maidir le hathruithe amhail tosú ar réamhscoil nó ar an mbunscoil, fanacht thar oíche le baill eile den teaghlach, bogadh chuig teach nua, fáilte a chur roimh leanbh nua isteach sa teaghlach

- rachaidh sé/sí i ngleic le **haighneas** ar bhealach suaimhneach, beidh sé/sí ina dhea-shampla maidir le **hiompar dearfach**, agus cruthóidh sé/sí deiseanna do leanaí nithe a **roinnt lena chéile agus sealaíocht a chleachtadh:**
  - cuirfidh sé/sí dóthain acmhainní ar fáil ionas nach gcaithfidh na leanaí fanacht rófhada dá seal, mar shampla iarraidh ar na leanaí smaoineamh ar straitéisí chun a seal a lorg, abair orláiste uibhe a úsáid chun gach seal a thomhas, liosta feithimh a dhéanamh nó iarraidh ar na leanaí a n-ainm féin a bhaint den liosta a luaithe is atá a seal tógtha acu
  - bainfidh sé/sí úsáid as cur chuige réiteach fadhbanna chun freagairt d'aighneas, mar shampla fiafróidh de leanaí céard a tharla nó céard í an fhadhb, iarrfaidh orthu an fhadhb a shoiléiriú arís, cuideoidh le leanaí réiteach a fháil, cuirfidh tacaíocht ar fáil ina dhiaidh sin agus cinnteoidh go bhfaighidh gach duine a bhí bainteach leis an scéal tacaíocht agus go gcuirfear iad ar a suaimhneas
  - bainfidh sé/sí úsáid as 'Mé' chun díriú ar an bhfadhb agus ní ar an duine ag rá, mar shampla, *Bíonn mé imníoch nuair a dhéanann tú sin mar go bhféadfá tú féin a ghortú* nó *Tuigeann mé go bhfuil tú an-chrosta le Dwayne toisc gur thóg sé an trucail uait*
  - labhróidh sé go suaimhneach, beidh sé/sí béasach, ag rá, le do thoil agus go raibh maith agat, cuirfidh sé/sí míniú ar fáil agus tabharfaidh sé/sí cúiseanna le gníomhartha
  - bainfidh sé/sí úsáid as uainchláir ionas go mbeidh seans ag gach duine sa ghrúpa rudaí a dhéanamh, mar shampla lón a thabhairt amach, cúinne na leabhar a ghlanadh, bheith ar an gcéad duine le rud a dhéanamh nó a fháil





- cuirfidh sé/sí **sláinte mhaith** chun cinn agus spreagfaidh sé/sí leanaí le **roghanna sláintiúla** a dhéanamh:
  - léireoidh sé/sí do na leanaí conas aclaíocht a dhéanamh, aire a thabhairt do na fiacla, lámha a ní, a scuab gruaige féin a úsáid, ciarsúir a úsáid chun an tsrón a ghlanadh
  - spreagfaidh sé/sí leanaí le feabhas a chur ar a scileanna féinchúraim agus féinchabhrach mar shampla sceanra a úsáid, cnaipí a dhúnadh, bróga a chur orthu, lón a ullmhú, malaí a phacáil
  - cuirfidh sé/sí roghanna bia ar fáil ag amanna sneaice agus ag am lóin chun cur leis na cineálacha bia a bhfuil taithí ag na leanaí orthu agus tabharfaidh an deis dóibh bia ó chultúir eile a thriail
  - pléifidh sé/sí bia, cad as don bhia sin, conas a ullmhaítear é, agus conas é a chócaráil agus a ithe, agus tabharfaidh sé/sí an deis do na leanaí páirt a ghlacadh i gcócaráil agus in ullmhú bia de réir mar is cuí, mar shampla im a chur ar arán tíortha, bananaí a mhionghearradh, súnna talún a phiocadh, luibheanna agus glasraí a bhailiú ón ngairdín
  - cuirfidh sé/sí gníomhaíochtaí fisiceacha san áireamh sa ghnáthamh laethúil chun folláine an linbh a chothú

- éistfidh sé/sí leis na leanaí agus beidh **plé domhain** acu leo:
  - éistfidh sé/sí go cúramach lena bhfuil le rá ag leanaí chomh maith leis na nithe nach bhfuil á rá ag na leanaí
  - spreagfaidh sé/sí iad le smaoineamh lena chéile i ngrúpaí beaga trí ráitis oscailte a dhéanamh agus ceisteanna oscailte a chur, ag rá, mar shampla, ***Céard a tharlódh dá… Ní fheadair cén fáth… Cad é do bharúil faoi…?***
  - pléifidh sé/sí ceiseanna doimhne leis na leanaí ar bhealach cinnte a chuireann ar a suaimhneas iad, mar shampla, *Cén fáth ar tháinig mé ar an saol? Cén fáth a bhfuair Mamó bás? Má tá an domhan ciorclach cén fáth nach dtitimid de? An síneann an domhan amach go síoraí? Cé d'ainmnigh laethanta na seachtaine? Cén fáth a bhfuil craiceann dubh ar Mario? Cén fáth nach féidir le Enya Béarla a labhairt? Cén fáth nach n-oibríonn cosa Anto i gceart?*
  - cothóidh sé/sí feasacht i leith éagsúlacht creidimh, mar shampla go bhfuil daoine ann a chreideann i nDia ach ar an taobh eile de go bhfuil daoine ann nach gcreideann sa choincheap seo



- déanfaidh sé/sí pleanáil ar **thréimhsí suaimhnis** agus socróidh áit le haghaidh na **smaointeoireachta agus an athmhachnaimh:**
  - -spreagfaidh sé/sí na leanaí le hathmhachnamh a dhéanamh ar a bhfuil déanta acu nó breathnú go grinn ar rud éigin amhail duilleog nó bláth
  - léireoidh sé/sí straitéisí do na leanaí chun cuidiú leo bheith ar a suaimhneas, mar shampla iarraidh ar leanaí análú go mall nó éisteacht le píosa ceoil

- cinnteoidh sé/sí nach gcuirfear isteach ar roinnt leanaí a bhfuil suaimhneas ag teastáil uathu
- cuimseoidh sé/sí amanna codlata i ngnáthaimh le haghaidh leanaí a bhfuil gá acu leo agus cuirfidh áit chuí chodlata ar fáil

- Déanfaidh sé/sí iniúchadh agus cothú ar choincheap na **saoránachta** agus **an cheartais shóisialta** le leanaí agus caithfidh sé/sí leo mar shaoránaigh óga:
  - cinnteoidh sé/sí go mbeidh súgradh cothrom dearfach ann le haghaidh gach linbh
  - múinfidh sé/sí cluichí le rialacha, mar shampla cluichí cártaí agus cláir chluichí, cleas na bacóide, peil, paraisiút (iarracht liathróid a phreabadh amach thar imeall bráillín a bhfuil greim láimhe ag baill eile an dá fhoireann uirthi)
  - pléifidh sé/sí saincheisteanna tábhachtacha le leanaí, mar shampla alt sa nuachtán a mbeadh spéis acu ann, nó coincheapa amhail cothroime, cumhacht, freagracht, saoirse, cearta, nó claontacht i gcomhthéacs eispéiris laethúla na leanaí
  - cinnteoidh sé/sí go mbeidh leanaí páirteach sa chinnteoireacht agus i ndéanamh rialacha, mar shampla dul i gcomhairle leo maidir le rialacha don chaint agus don éisteacht, i leith na sealaíochta agus iniúchadh a dhéanamh ar na cúiseanna a bhfuil rialacha tábhachtach
  - cuirfidh sé/sí roghanna ar fáil do leanaí, ag rá, mar shampla, *Cad ba mhaith leatsa a dhéanamh ar maidin? Cén scéal a léifimid?* Agus iarrfaidh sé/sí ar leanaí vóta a chaitheamh nó teacht ar chomhdhearcadh
  - cinnteoidh sé/sí go nglacfaidh gach leanbh páirt in idirbheartaíocht, mar shampla cuidiú le leanaí cúthaile scáfara páirt a ghlacadh
  - cothóidh sé/sí comhbhá agus cothroime na leanaí ach iarraidh orthu plé a dhéanamh ar cheist áirithe



- Molfaidh sé/sí **iarrachtaí** na leanaí, aithneoidh na láidreachtaí agus cumais indibhidiúla acu agus cuideoidh leo **déileáil leis an teip agus triail arís:**
  - breathnóidh sé/sí go dlúth ar leanaí ionas go mbeidh sé soiléir cad iad na spéiseanna agus láidreachtaí atá ag na leanaí sin agus cuideoidh leo na spéiseanna sin a chothú
  - spreagfaidh sé/sí na leanaí le húsáid a bhaint as na cumais agus na láidreachtaí ionadúla acu, mar shampla réiteach le daoine eile, bheith ealaíonta nó ceolmhar, páirt a ghlacadh i spóirt, taitneamh a bhaint as léitheoireacht
  - cuideoidh sé/sí le leanaí athmhachnamh a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach acu agus ar a spéiseanna agus aithneoidh sé/sí spriocanna pearsanta, ag rá, mar shampla, *Céard is féidir leatsa a dhéanamh anois nach raibh ar do chumas a dhéanamh anuraidh nó nuair a bhí tú i do leanbh óg? Céard ba mhaith leat a bheith ar do chumas a dhéanamh? Cén ghníomhaíocht is fearr leat? Cén fáth?*
  - múinfidh sé/sí straitéisí do na leanaí chun cuidiú leo bheith dianseasmhach nuair a chaithfidh siad aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí, mar shampla céard is cóir a dhéanamh nuair nach bhfuil ag éirí leo míreanna mearaí a chur in oiriúint dá chéile nó nuair a thiteann an caisleán gainimh









# Féiniúlacht agus Muintearas

# Téama: Féiniúlacht agus Muintearas

**Is éard atá i gceist leis an téama *Féiniúlacht agus Muintearas* ná dearcadh dearfach a chothú sa leanbh ina leith féin, agus cuidiú leis/léi a bhrath go bhfuil luach ag baint leis/léi agus go bhfuil meas air/uirthi mar chuid de theaghlach nó de phobal.**

Ón am a thagann sé/sí ar an saol, bíonn tuiscint éigin ag an leanbh ar cé hé/hí féin. Tá ról lárnach ag caidrimh le baill den teaghlach, le daoine fásta agus leanaí eile, le cairde agus leis an bpobal ar thógáil na féiniúlachta seo. Múnlaítear féiniúlacht leanaí ar a saintréithe, a n-iompar, agus an tuiscint atá acu orthu féin, ar a dteaghlach agus ar dhaoine eile. Is éard atá i gceist le muintearas ná caidreamh socair nó gaol a bheith ag an leanbh le grúpa áirithe daoine. Má bhraitheann leanbh go bhfuil sé/sí páirteach beidh sé/sí bródúil as a t(h)eaghlach, as leanaí eile, agus as a p(h)obal. Beidh sé/sí láidir ó thaobh mothúchán de, féinmhuiníneach agus beidh sé/sí in ann déileáil le dúshláin agus le deacrachtaí. Cruthaíonn sé seo bunchloch thábhachtach le haghaidh na foghlama agus na forbartha.

Má tá meas, grá, moladh agus tacaíocht ann do leanaí cuideoidh sé leo bheith dearfach ina leith féin agus a bhrath go bhfuil cion tábhachtach le déanamh acu is cuma cá bhfuil siad. Má chuirtear teachtaireachtaí dearfacha in iúl i leith a dteaghlach, a gcúlraí, a gcultúr, agus a dteangacha beidh siad mórálach astu féin. Cuideoidh na teachtaireachtaí seo leo bheith féinmhuiníneach, a dtuairimí agus a ndearcadh a chur in iúl, roghanna a dhéanamh agus a bhfoghlaim féin a mhúnlú.

'Trí fháiltiú roimh éagsúlacht, trí iniúchadh a dhéanamh ar a dtuairimí féin i ndáil le comhionannas agus éagsúlacht, agus trí thuiscint a fháil ar an tionchar a bhíonn ag a ndearcadh agus a luachanna ar leanaí, féadfaidh daoine fásta léargais a fháil, cur lena bhféinfheasacht agus scileanna a fhorbairt. Is riachtanach iad na nithe sin chun cuidiú le leanaí féiniúlacht agus muintearas láidir a chothú. Cinnteoidh sé seo go léireofar meas ar leanaí agus gur féidir leo a aithint nuair atá éagóir agus claontacht ag titim amach agus conas déileáil leis sin.

**Tábla 2: Aidhmeanna agus spriocanna foghlama go *Féiniúlacht agus Muintearas***

| Féiniúlacht agus Muintearas | |
|---|---|
| **Aidhmeanna** | **Spriocanna foghlama** |
| **Aidhm 1**<br>Beidh féiniúlacht láidir ag leanaí agus braithfidh siad go bhfuil meas orthu agus gur daoine indibhidiúla ar leith iad a bhfuil a scéal féin acu. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. cruthóidh caidrimh urramacha le daoine eile<br>2. beidh tuiscint acu ar na saintréithe éagsúla atá ag daoine éagsúla (ainm, toise, gruaig, lorg láimhe agus coise, inscne, breithlá)<br>3. tuigfidh go bhfuil siad éagsúil mar dhaoine indibhidiúla le daoine eile agus go bhfuil a riachtanais féin orthu, go bhfuil a spéiseanna féin acu agus go bhfuil cumais ar leith ar a dtoil<br>4. tuigfidh siad 'cé hiad féin' agus beidh siad ábalta cur síos ar a gcúlraí, a láidreachtaí agus a gcumais<br>5. mothóidh siad go bhfuil siad luachmhar agus feicfidh siad sa timpeallacht nithe a bhaineann leo agus leis na spéiseanna atá acu<br>6. cuirfidh siad in iúl a smaointe féin, a roghanna agus a riachtanais, agus freagrófar dóibh seo go hurramach, comhsheasmhach |
| **Aidhm 2**<br>Beidh féiniúlacht ghrúpa ag leanaí mar a ndéanfar gaol leis an teaghlach agus leis an bpobal a aithint agus cur leis sin. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. braithfidh siad go bhfuil áit acu agus go bhfuil an ceart acu bheith ina mbaill de ghrúpa<br>2. beidh fhios acu go bhfuil fáilte roimh bhaill a dteaghlaigh agus a bpobail agus go bhfuil meon dearfach ann i leith na ndaoine sin<br>3. beidh siad in ann eispéiris phearsanta a roinnt i ndáil lena dteaghlaigh agus a gcultúir féin, agus foghlaimeoidh siad go bhfuil struchtúir éagsúla teaghlaigh, cultúir éagsúla agus cúlraí éagsúla ann<br>4. tuigfidh siad gnáthaimh, gnásanna, féilte agus ceiliúradh agus glacfaidh siad páirt iontu<br>5. tuigfidh siad go bhfuil siad ina bpáirt de phobal níos leithne agus beidh eolas acu ar a gceantar áitiúil, roinnt de na háiteanna sa cheantar sin agus roinnt de na gnéithe agus daoine a bhaineann leis an gceantar<br>6. tuigfidh siad na róil éagsúla atá ag daoine éagsúla sa phobal. |
| **Aidhm 3**<br>Beidh leanaí ábalta a gcearta a chur in iúl agus tuiscint a léiriú ar fhéiniúlacht, ar chearta agus ar dhearcadh daoine eile. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. cuirfidh siad a ndearcadh in iúl agus beidh páirt acu i gcinntí a bhfuil tionchar acu orthu féin<br>2. tuigfidh siad rialacha agus teorainneacha an iompair inghlactha<br>3. idirghníomhóidh siad, oibreoidh siad go comhoibritheach agus cuideoidh siad le daoine eile<br>4. beidh siad in iúl ar riachtanais, cearta, mothúcháin, cultúr, teanga, cúlra agus creidimh dhaoine eile agus déanfaidh iadsan a urramú<br>5. tuigfidh ceartas sóisialta agus déileálfaidh le hiompar éagórach<br>6. léireoidh scileanna comhoibriúcháin, freagrachta, idirbheartaíochta agus réiteach fadhbanna |
| **Aidhm 4**<br>Tuigfidh leanaí gur foghlaimeoirí inniúla iad. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. forbróidh siad réimse leathan cumas agus spéiseanna<br>2. léireoidh feasacht i leith a láidreachta, cumas agus stíleanna foghlama féin, agus bheith toilteanach a scileanna agus a n-eolas a roinnt le daoine eile<br>3. léireoidh siad féinmhuinín i leith a bhfoghlama féin<br>4. léireoidh siad meonta amhail fiosracht, dianseasmhacht agus freagracht<br>5. gheobhaidh taithí ar dheiseanna foghlama atá bunaithe ar spéiseanna pearsanta, agus a bhfuil gaol acu lena mbaile, lena bpobal agus lena gcultúr<br>6. beidh siad inspreagtha, agus tosóidh ag machnamh ar cén dul chun cinn atá déanta agus ar a bhfuil bainte amach. |





## Deiseanna foghlama samplacha

### Leanaí óga

Déanfaidh an duine fásta na nithe seo a leanas:

- breathnóidh sé/sí go grinn ar leanaí óga, cuirfidh sé/sí aithne mhaith ar a **bpearsantachtaí**, beidh meas aige/aici ar a **riachtanais agus a roghanna indibhidiúla** agus freagraíodh dóibh agus tógfaidh ar **chroíchleachtais** ón mbaile:
  - foghlaimeoidh sé/sí rithimí nádúrtha an linbh óig, cuirfidh nithe a thugann sólás don leanbh ar fáil, mar shampla blaincéad, teidí, gobán súraic
  - cuirfidh sé/sí grianghraif de na tuismitheoirí in aice leis an áit chodlata agus beidh ar a laghad cúpla focal de theanga dhúchais an linbh ar eolas i gcás nach Béarla ná Gaeilge an teanga sin
  - freagróidh sé/sí go hiomchuí do mhothúcháin an linbh, mar shampla tabharfaidh sólás dóibh nuair atá imní orthu, spreagfaidh a bhfiosracht, cuirfidh teagmháil fhisiceach ar fáil amhail muirniú, barróga agus suí ar an mbaclainn.

- tacóidh sé/sí le **féiniúlacht** an linbh óig agus an fhéiniúlacht sin ag fás:
  - cuideoidh sé/sí le leanaí óga tuiscint a fháil ar a gcumais fhisiceacha agus iad a úsáid, mar shampla cuideoidh leo bualadh bos a dhéanamh, síneadh amach chun greim a bhreith ar rudaí, mionghháire a dhéanamh, lámh a chroitheadh, pointeáil, agus labhairt ag baint úsáide as gliogáil agus as fuaimeanna
  - cuideoidh sé/sí le leanaí óga iad féin a idirdhealú ó leanaí óga eile, mar shampla déarfaidh ainmneacha na leanaí óga eile agus ainmneacha bhaill an teaghlaigh, féachfaidh ar ghrianghraif agus pointeálfaidh ina dtreo
  - cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil do leanaí óga a bheith le leanaí eile, breathnú orthu agus éisteacht leo
  - cuirfidh scátháin ag leibhéal súl an linbh ar fáil agus bréagáin scáthánacha, amhail ciúbanna gníomhaíochta agus scátháin shábháilte, chun a scáth féin a aithint
  - taispeánfaidh sé/sí grianghraif dóibh de leanaí óga agus den obair a rinne siad sa suíomh
  - taispeánfaidh sé/sí an gnáthamh laethúil trí ghrianghraif, trí fhillteáin a dhéanamh a léiríodh na nithe a dhéanfaidh na leanaí óga féin agus iad ag fás
  - cuideoidh sé/sí le leanaí óga codanna an choirp a aithint trí phointeáil, teagmháil agus iad a ainmniú, mar shampla pointeáil i dtreo na mbarraicíní, méara a lúbarnaíl, méar nó lámh a chur ar an gceann agus méar nó lámh a chur ar na cluasa

- cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil do **dheartháireacha agus deirfiúracha níos sine, do leanaí ar chomhaois agus do leanaí óga** a chéile a fheiceáil agus a bheith le chéile ag amanna éagsúla i rith an lae, agus an leas is fearr a bhaint as deiseanna a chuideoidh leo idirghníomhú agus cumarsáid a dhéanamh:
  - déanfaidh sé/sí gníomhaíochtaí agus imeachtaí a phleanáil mar ar féidir le leanaí óga, deartháireacha agus deirfiúracha, agus leanaí níos sine a bheith lena chéile, mar shampla amanna béiltí, amanna amhránaíochta, agus sula dtéann siad abhaile

- cinnteoidh sé/sí go mbeidh am ag leanaí óga agus a ndeartháireacha agus a ndeirfiúracha súgradh lena chéile go rialta

- cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil do leanaí óga dul i dtaithí ar an **saol lasmuigh:**
  - tabharfaidh sé/sí leanaí óga amach chun iniúchadh a dhéanamh agus breathnú ar nithe ar bhonn rialta
  - tabharfaidh sé/sí deiseanna do leanaí óga an saol lasmuigh a fheiceáil, mar shampla cuirfidh an leanbh óg ag suí ar leac na fuinneoige más fuinneog íseal í ionas gur féidir leis an leanbh breathnú amach
  - cuirfidh sé/sí rudaí ón dúlra ar fáil do leanaí óga, maille le pictiúir agus leabhair den dúlra, mar shampla an aimsir, na hainmnithe, agus nithe a tharlaíonn lasmuigh cosúil le feirmeoireacht, taisteal, nó foirgnimh
  - déanfaidh sé/sí cuairteanna ar áiteanna sa phobal áitiúil a phleanáil mar shampla ar an bpáirc, ar leabharlann, ar chlós súgartha, ar mhargadh
  - tabharfaidh sé/sí leanaí óga chuig grúpaí áitiúla 'tuismitheoir agus mamailíneach'

## Mamailínigh





Déanfaidh an duine fásta na nithe seo a leanas:

- déanfaidh sé/sí súgradh le mamailínigh agus breathnóidh orthu agus cuirfidh san áireamh a **spéiseanna, riachtanais, cearta agus mianta:**
  - breathnóidh sé/sí ar a bhfuil ar siúl ag mamailínigh agus éistfidh go cúramach lena bhfuil á dhéanamh agus á rá acu, cuirfidh athfhriotal ar a bhfuil ráite acu ar bhealach dearfach, mar shampla nuair a déarfaidh an mamailíneach, Tá 'púnóg uaim, déarfaidh an duine fásta, ***Oh, tá spúnóg uait, Amy, an bhfuil? Seachas a rá ná habair 'púnóg Amy.***
  - léireoidh sé/sí comhbhá leis na mamailínigh agus freagróidh dóibh nuair atá imní nó eagla orthu
  - urramóidh sé/sí na nithe atá tábhachtach do mhamailínigh cosúil le caidrimh, teaghlach, peataí, míreanna ar leith, mar shampla más breá leis an mamailíneach tarracóirí is féidir cur leis an ábhar spéise seo trí leabhair a bheith ann ar tharracóirí, feirm bhréige a bheith ann mar bhréagán, nó cuairt a thabhairt ar fhíorfheirm

- caithfidh sé/sí am duine le duine leis na mamailínigh ionas go mbraithfidh siad go bhfuil siad **speisialta, luachmhar:**
  - déanfaidh sé/sí súgradh leis na mamailínigh agus cuirfidh i gcrích tascanna nó tionscadail in éineacht leo, ligfidh dóibh gníomhaíochtaí a threorú, agus tabharfaidh a lán deiseanna dóibh le haghaidh an idirghníomhaithe agus an athdhearbhaithe
  - léifidh sé/sí na scéalta is fearr leo dóibh agus léifidh scéalta oiriúnacha nua
  - rachaidh sé/sí ar shiúlóidí agus beidh comhráití acu leis na mamailínigh ar an mbealach

- cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil ionas gur féidir leis na mamailínigh bheith cruthaitheach, mar shampla cártaí a dhéanamh d'ócáidí speisialta, taos súgartha daite éagsúil a dhéanamh agus súgradh leis, colláis a dhéanamh as drámh-ábhair
- cuirfidh sé/sí obair na mamailíneach ar taispeáint maille lena n-ainmneacha agus na dátaí, mar shampla grianghraif, nithe a tógadh, péintéireacht, colláisí
- tabharfaidh sé/sí spás sannta do na mamailínigh áit ar féidir leo a ngiuirléidí a chur
- iarrfaidh sé/sí ar na mamailínigh labhairt faoi nithe nua ag tarlú ina saol, a n-eispéiris agus a mothúcháin
- breathnóidh sé/sí ar fhillteáin oibre foghlama na mamailíneach, duine ar dhuine, agus labhróidh leo mar gheall ar a bhfuil bainte amach acu

■ bainfidh sé/sí úsáid as acmhainní agus ábhair atá bainteach le **teaghlaigh, inscní, cumais, cúlraí agus cultúir** na mamailíneach:

- cuirfidh leabhair agus puzail ar fáil a léireoidh cineálacha teaghlach, bailte agus gairmeacha, a áireoidh na cineálacha a bhaineann le tuismitheoir(í) na mamailíneach, ag cur san áireamh a gcumais, a míchumais agus a gcultúir, ag trácht ar dtús ar na daoine atá sa suíomh agus ansin ag trácht ar an bpobal i gcoitinne
- beidh sé/sí ag súgradh leis na mamailínigh ag baint úsáide as bábóga – cineálacha éagsúla bábóg, mar shampla bábóga le dathanna éagsúla craicinn agus cineálacha éagsúla gruaige
- seinnfidh sé/sí ceol atá iomchuí ó thaobh an chultúir de agus freagróidh don cheol sin
- léifidh sé/sí leabhair faoi dhaoine a bhfuil cuma éagsúil orthu (daoine faoi mhíchumas san áireamh) mar shampla daoine a chaitheann spéaclaí nó áiseanna éisteachta, daoine a úsáideann cathaoireacha rothaí, maidí croise nó frámaí Zimmer, daoine ar speictream an uathachais, nó daoine le tinneas amhail galair Alzheimer nó Parkinson
- cuirfidh sé/sí réimse leathan dathanna crián agus péinteanna ar fáil agus iarrfaidh ar na mamailínigh dathanna éagsúla craicinn a tharraingt ina bpictiúir
- leagfaidh sé/sí an áit don súgradh samhlaíoch amach ar bhealach atá cosúil leis an gceann sa bhaile ag na mamailínigh, mar shampla éadaí maiseacha, uirlisí, bia agus ábhar agus uirlisí cócaireachta, go háirithe le haghaidh na mamailíneach a thagann ó bhaile atá éagsúil ó thaobh an chultúir de
- cuirfidh sé/sí nithe agus uirlisí ar fáil atá cosúil leis na cinn a úsáideann tuismitheoirí na mamailíneach ag an obair, d'fhonn an speictream leathan gairmeacha a léiriú

■ éascóidh sé/sí gníomhaíochtaí a chuirfidh ar na mamailínigh **idirghníomhú agus súgradh le daoine eile:**

- spreagfaidh sé/sí leanaí le hainmneacha a chéile a fhoghlaim agus iad a úsáid nuair atá siad ag beannú do dhaoine eile, ag canadh breithlá shona duit, nó ag súgradh lena chéile
- tacaíodh sé/sí le meantóireacht piaraí, mar shamplaí iarrfaidh ar leanaí cabhrú lena cheile, oibriú i mbeirteanna de réir mar is cuí, agus súgradh le chéile nuair is mian leo (chomh maith le tacú le súgradh comhthráthach nó aonair)





- pleanálfaidh sé/sí cluichí comhoibritheacha i ngrúpaí beaga amhail míreanna mearaí ar an urlár, brící tógála, súgradh le teidí agus le bábóga, tionscadail chruthaitheacha a dhéanamh i ngrúpaí


- tacóidh sé/sí le mamailínigh tús a chur le **bainistiú iompair** ar bhealach iomchuí agus fhios a bheith acu cad is iompar inghlactha ann:
  - freagróidh sé/sí do mhamailínigh go dearfach trí chumarsáid bhriathartha agus neamhbhriathartha araon
  - bainfidh sé/sí úsáid as gnáthaimh intuartha, socróidh rialacha agus teorainneacha agus cuirfidh iad seo i bhfeidhm go comhsheasmhach
  - ní foláir dó/di a bheith ag coinne go dtarlóidh aighneas agus nithe a chuirfidh isteach ar na mamailínigh agus a chuirfidh bac orthu, agus cuideoidh sé/sí leo déileáil leis seo
  - beidh comhbhá aige/aici le mamailínigh agus cuideoidh leo tuiscint a fháil ar céard atá inghlactha trí thacaíocht dhearfach agus athdhearbhú a sholáthar
  - breathnóidh sé/sí ar iompar na mamailíneach agus cuirfidh sólás, aiseolas agus tacaíocht ar fáil dóibh in am an ghátair, mar shampla nuair atá an mamailíneach corraithe, nuair atá siad in éad le duine eile nó nuair atá siad faoi bhrú
  - cothóidh sé/sí mothúcháin na comhbhá agus na tuisceana i measc mamailíneach, mar shampla a léiriú dóibh go raibh an ceart acu nuair a thairg siad teidí do dheartháir nó do dheirfiúr a bhí ag caoineadh, nó labhairt le mamailíneach faoina mothúcháin nuair a sciob duine bréagán uathu

- cinnteoidh sé/sí go spreagfar idir **bhuachaillí is chailíní** le hiniúchadh a dhéanamh, dul san amhantar agus taitneamh a bhaint as dúshláin agus róil chúraim a ghlacadh orthu féin:
  - déanfaidh sé/sí súgradh neamhsteiréitipiciúil a chothú, mar shampla scéalta a insint a thacaíonn leis seo, sampla a thabhairt de róil neamhsteiréitipiciúla, póstaeir a chur ar taispeáint a léiríonn idir mhná agus fhir ag glacadh páirte sna tascanna céanna sa bhaile agus ag an obair
  - déanfaidh sé/sí a chinntiú go bhfuil rochtain ag idir bhuachaillí is chailíní ar gach limistéar agus gach bréagán agus píosa trealaimh, agus spreagfaidh iad le húsáid a bhaint astu
  - cuirfidh gníomhaíochtaí ar fáil a bhfuil dúshlán fisiceach ag baint leo le haghaidh buachaillí agus cailíní araon.

## Leanaí

Déanfaidh an duine fásta na nithe seo a leanas:

- tacóidh sé/sí le leanaí **machnamh orthu féin**, ar cé hiad féin agus ar a láidreachtaí, a spéiseanna agus a gcumais:
  - spreagfaidh sé/sí leanaí le póstaer 'gach ní fúm féin' a dhéanamh ina mbeidh grianghraif nó líníochtaí de leanaí, dá dteaghlaigh, dá mbailte, dá bpeataí agus de na bréagáin agus na gníomhaíochtaí is fearr a thaitníonn leo agus iarrfaidh orthu labhairt faoi na nithe seo




- ➜ cuirfidh sé/sí ábhair ealaíne ar fáil a léiríonn dathanna éagsúla craicinn
- ➜ déanfaidh sé/sí iniúchadh in éineacht le leanaí ar na nithe a idirdhealaíonn iad ó leanaí eile, mar shampla a saintréithe féin a dhéanann iad éagsúil lena ndeartháireacha agus deirfiúracha agus le leanaí eile
- ➜ pléifidh sé/sí le leanaí a láidreachtaí agus a spéiseanna ar leith, mar shampla spórt, ainmhithe, carranna, damhsa, amhránaíocht, cumas seanma uirlise, ríomhairí, litearthacht, uimhearthacht
- ➜ bainfidh sé/sí úsáid as líníochtaí agus as scríbhneoireacht luath chun cuidiú le leanaí leabhair a chruthú, mar shampla ag baint úsáide as an bhfoireann spóirt is ansa leo nó a laethanta saoire (le duine fásta ina scríobhaí do leanaí níos óige)
- ➜ tabharfaidh sé/sí aitheantas d'ócáidí ceiliúrtha éagsúla, de réir mar is cuí, amhail laethanta breithe, Athbhliain na Síne, An Nollaig nó Diwali, Ramadan, agus Rosh Hashanah
- ➜ cuirfidh sé/sí obair na leanaí ar taispeáint áit ar féidir í a fheiceáil
- ➜ glacfaidh sé/sí grianghraif nó déanfaidh taifeadadh ar fhíseán de leanaí ag glacadh páirte i gceoltóireacht, i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha, i ndrámaíocht, i súgradh samhlaíoch, agus taispeánfaidh iad do leanaí agus dá dteaghlaigh
- ➜ aimseoidh sé/sí leabhair nó déanfaidh leabhair a léiríonn cúlraí agus cultúir na leanaí, an Lucht Siúil san áireamh, tuismitheoirí singile agus daoine faoi mhíchumas

- cruthóidh sé/sí deiseanna iolracha le haghaidh leanaí óga **labhairt, éisteacht agus deiseanna le go n-éistfí leo** nuair is féidir i measc **leanaí eile, daoine fásta, nó i ngrúpaí beaga:**
  - ➜ suífidh sé/sí le leanaí le linn am sosa, spreagfaidh iad chun cainte, chun a n-eispéiris a roinnt, agus chun éisteachta le daoine eile
  - ➜ spreagfaidh sé/sí plé faoi obair agus súgradh na leanaí, mar shampla céard atá ar siúl acu anois agus cad atá feicthe nó déanta acu
  - ➜ cuirfidh sé/sí póstaeir ar taispeáint a léiríonn daoine le mothúcháin éagsúla, gairmeacha éagsúla, agus in áiteanna éagsúla, chun comhrá a spreagadh
  - ➜ coinneoidh sé/sí taifead d'ord imeachtaí i dtaifead pearsanta stair chlainne, mar shampla iarraidh ar na leanaí breathnú ar a ngrianghraif féin nuair a bhí siad ina leanbh óg nó ina mamailíneach, agus labhairt faoi bhréagáin ar imir mamó agus daideo leo, éadaí a chaith a dtuismitheoirí agus ceol ar éist a dtuismitheoirí leis
  - ➜ spreagfaidh sé/sí labhairt agus éisteacht le daoine eile i ngrúpa, mar shampla seolfaidh ó dhuine go duine micreafón agus tabharfaidh an deis do gach leanbh rud éigin a rá, chomh maith le héisteacht lena bhfuil le rá ag daoine eile

- bainfidh sé/sí úsáid as súgradh samhlaíoch chun tacú le leanaí eile bheith **comhbhách** agus **dearcadh duine eile a thuiscint:**
  - ➜ bainfidh sé/sí úsáid as frapaí cosúil le héadaí maiseacha chun cuidiú le leanaí féiniúlachtaí nua a thástáil, nó roinnt bábóga beaga a úsáid mar mhacasamhail an tsaoil ina dtimpeall

- spreagfaidh sé/sí leanaí le taithí a fháil ar lagú na gcéadfaí trí chluichí gníomhacha a imirt, mar shampla Cluiche Púicín, mufaí cluaise a chaitheamh, comhbhá le daoine atá faoi mhíchumais fhisiceacha trí acmhainní súgartha a úsáid, cosúil le cathaoir rothaí beaga, maidí croise beaga, frámaí, madraí treorach
- bainfidh sé/sí úsáid as scéalta chun gníomhartha, mothúcháin agus cúiseanna gníomhaíochta carachtar a phlé, mar shampla, *Tá imní ar Sarah mar nach féidir léi a blaincéad a aimsiú. Conas is féidir liom cuidiú léi gan a bheith imníoch? Conas a bhraitheann John nuair a dhéanann tú …? Conas a bhraithfeadh tusa dá … Conas a bhraith na muicíní nuair a bhí an mac tíre lasmuigh den doras? Conas a bhraith Declan nuair a bhí sé caillte sa siopa?*
- spreagfaidh sé/sí na leanaí le moladh a thabhairt dá chéile maidir lena bhfuil bainte amach acu





- mionathróidh sé/sí na gnáthaimh chun freastal ar **riachtanais, spéiseanna, roghanna agus cumais indibhidiúla:**
  - cuideoidh sé/sí le leanaí bheith páirteach i ngníomhaíochtaí eile nó gníomhaíochtaí a roghnú
  - urramóidh sé/sí roghanna na leanaí, mar shampla tacóidh leo ina rogha má theastaíonn uathu bheith ag súgradh ina n-aonar, le deartháir, deirfiúr nó leanbh eile, nó i ngrúpa
  - socróidh sé/sí tascanna a fhreastalódh ar chumais éagsúla ionas go mbraithfidh gach duine gur éirigh leo
  - spreagfaidh sé/sí gach iarracht agus molfaidh na hiarrachtaí sin

- cruthóidh sé/sí **timpeallacht teanga** a bheidh ina léiriú ar na teangacha ag gach leanbh agus duine fásta sa suíomh:
  - cuirfidh sé/sí lipéid ar mhíreanna agus ar acmhainní a úsáidtear go minic ag baint úsáide as pictiúir agus as teangacha éagsúla, mar shampla crochadáin chótaí, boscaí bróg, poill chlóiséidín le haghaidh oibre, mataí boird, gnáthaimh laethúla, limistéir éagsúla den seomra
  - bainfidh sé/sí úsáid as nótaí i dteangacha éagsúla chun cumarsáid a dhéanamh le teaghlaigh
  - iarrfaidh sé/sí ar na leanaí focail a mhúineadh do na leanaí eile ina dteanga dhúchais, scríobhfaidh sé/sí na focail thábhachtacha agus cuirfidh iad ar taispeáint
  - bainfidh sé/sí úsáid as litriú agus fuaimniú ceart ainmneacha na leanaí

- forbróidh sé/sí feasacht na leanaí i leith an **phobail** ina bhfuil cónaí orthu:
  - cuideoidh sé/sí le leanaí bheith feasach agus gníomhach i leith a suímh (a micreaphobail)
  - cinnteoidh sé/sí go bhfuil ainm an tsuímh ar eolas acu agus go n-aithníonn siad roinnt de na daoine fásta agus leanaí eile atá páirteach ann
  - cuirfidh sé/sí iad san áireamh sa chinnteoireacht i ndáil le gníomhaíochtaí pobail amhail coirmeacha ceoil, tionóil agus taispeántais
  - tabharfaidh sé/sí cuairt ar áiteanna sa phobal agus éascóidh cuairteanna ó dhaoine sa phobal agus idirghníomhú leo





- spreagfaidh sé/sí na leanaí le ceisteanna a chur ar na cuairteoirí
- pléifidh sé/sí róil na ndaoine sa phobal amhail an garda, altra, oifigeach leasa shóisialaigh, leabharlannaí, múinteoir, maor scoile
- oibreoidh sé/sí ar thionscadail amhail 'Ár bPobal' – déanfar cinneadh cá rachfar agus cad a dhéanfar, cruthófar léarscáileanna nó póstaeir den cheantar áitiúil le pictiúir de shainghnéithe suntasacha amhail dealbh, caisleán nó cnoc, déanfaidh balla pobail
- bainfidh sé/sí úsáid as trealamh TFC, amhail scanóirí, ceamaraí digiteacha, cláir bhána idirghníomhúcháin, nó taispeántais sleamhnáin chun eolas a thiomsú agus a thaispeáint faoina bpobal
- cuideoidh sé/sí le leanaí féiniúlacht áite a fhorbairt agus freagracht a ghlacadh as aire a thabhairt don áit sin, mar shampla aire a thabhairt d'áit ar leith sa seomra, nithe a choinneáil néata, freagracht a ghlacadh as réimse ar leith cosúil le na héadaí maiseacha a chóiriú, nithe in-athchúrsáilte a bhailiú le chéile, bláthanna a chur agus aire a thabhairt dóibh ag bealach isteach an tsuímh, bruscar a phiocadh suas.





# Cumarsáid

# Téama: Cumarsáid

**Is éard atá i gceist leis an téama Cumarsáid ná go roinnfeadh leanaí a n-eispéiris, a smaointe, a dtuairimí agus a mothúcháin le daoine eile agus go rachadh a bhféinmhuinín agus inniúlacht i méid ar bhealaí éagsúla agus chun críocha éagsúla.**

Sa chumarsáid bíonn sé i gceist eolas a thabhairt, eolas a fháil agus eolas a thuiscint. Déanann leanaí cumarsáid ar bhealaí neamhbhriathartha agus trí chaint, éisteacht, smaoineamh, agus rudaí a thuiscint. Le caitheamh ama saibhríonn scileanna na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta an t-eispéireas seo. Is gníomhaíocht í an chumarsáid a oibríonn sa dá bhealach; ní hé amháin go bhfoghlaimíonn leanaí conas a n-eispéiris a roinnt le daoine eile ach foghlaimíonn siad conas na nithe a bhfuil daoine eile ag rá leo a thuiscint. Déanann siad cumarsáid ar bhealaí iomadúla éagsúla – ina measc gothaí gnúise, geáitsí, gluaiseachtaí coirp, fuaimeanna, teanga agus i gcás roinnt leanaí, trí theicneolaíocht oiriúnaitheach. Ní teanga, frásaí agus abairtí amháin atá i dteanga leanaí. Áiríonn sí freisin ealaín, Braille, damhsa, drámaíocht, ceol, filíocht, pictiúir, dealbhóireacht, canadh agus scéalta. Cé go bhfaigheann a bhformhór máistreacht ar an urlabhra agus an teanga scríofa mar phríomh-mhodh cumarsáide, bíonn siad i gcónaí ag labhairt trí mheán a ngeáitsí, a ngluaiseachtaí coirp agus a ngothaí, a bheag nó a mhór. I gcás roinnt leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu beidh gá acu le tacaíocht bhreise chomhsheasmhach ar feadh an tsaoil ionas gur féidir leo cumarsáid neamhbhriathartha a chleachtadh, a fhoghlaim agus a thabhairt chun foirfeachta.

Tá sé thar a bheith tábhachtach le haghaidh na forbartha go mbeadh leanaí ina gcumarsáidithe maithe. Spreagann an duine fásta leanaí le cumarsáid a dhéanamh trí éisteacht leo, tuiscint a fháil ar a bhfuil ár rá acu, freagairt dóibh, agus dea-shampla den chumarsáid a thabhairt dóibh. Chomh maith leis sin cruthaíonn an duine fásta an timpeallacht a spreagfaidh leanaí le hidirghníomhú lena chéile agus leis an duine fásta, agus leis na nithe agus áiteanna ann. Trí spéis agus fiosracht an linbh a spreagadh agus dúshlán a thabhairt dóibh a n-eachtraí a iniúchadh agus a roinnt le daoine eile, féadfaidh an timpeallacht a smaointeoireacht, a samhlaíocht agus a gcruthaitheacht a spreagadh, agus ar an gcaoi sin cumarsáid a shaibhriú. Cuidíonn na heispéiris luatha seo le leanaí a bheith ina gcumarsáidithe fhéinmhuiníneacha inniúla.

**Table 3: Aidhmeanna agus spriocanna foghlama go Cumarsáid**

| Cumarsáid | |
|---|---|
| **Aidhmeanna** | **Spriocanna Foghlama** |
| **Aidhm 1**<br>Bainfidh leanaí úsáid as scileanna cumarsáide neamhbhriathartha. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. úsáidfidh siad réimse gluaiseachtaí coirp, gothaí gnúise agus guthú luath chun mothúcháin a chur in iúl agus eolas a roinnt<br>2. tuigfidh siad rialacha cumarsáide neamhbhriathartha agus úsáidfidh iad, mar shampla sealaíocht a chleachtadh agus breathnú sa tsúil<br>3. tuigfidh siad cumarsáid neamhbhriathartha a dhéanann daoine eile agus freagróidh di<br>4. tuigfidh siad go bhfuil roinnt daoine a bhíonn ag brath ar chumarsáid neamhbhriathartha ar an bpríomhbhealach le hidirghníomhú le daoine eile<br>5. úsáidfidh siad idir chumarsáid bhriathartha agus neamhbhriathartha chun iad féin a chur in iúl<br>6. cuirfidh siad iad féin in iúl go cruthaitheach, samhlaíoch ag baint úsáide as cumarsáid neamhbhriathartha. |
| **Aidhm 2**<br>Bainfidh leanaí úsáid as teanga. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. idirghníomhú le leanaí agus daoine fásta eile trí éisteacht, plé agus fanacht lena seans sa comhrá<br>2. déanfaidh siad iniúchadh ar fhuaim, ar phátrúin, ar rithim agus ar athrá i dteanga<br>3. cuirfidh siad leis an stór focal agus frásaí, agus léireoidh tuiscint mhéadaitheach ar chomhréir agus ar bhrí<br>4. bainfidh siad úsáid mhuiníneach as teanga agus le hinniúlacht chun eolas a thabhairt agus a fháil, ceisteanna a chur, nithe a iarraidh, diúltú, idirbheartú, fadhbanna a réiteach, samhlú agus róil agus suíomhanna a athchruthú, agus smaointeoireacht, smaointe agus mothúcháin a shoiléiriú<br>5. beidh siad ina n-úsáideoirí oilte teanga amháin ar a laghad agus beidh siad in iúl ar theangacha eile<br>6. beidh siad dearfach i leith a dteanga dhúchais, agus beidh fhios acu conas teangacha éagsúla a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le daoine éagsúla agus i suíomhanna éagsúla. |
| **Aidhm 3**<br>Cuirfidh leanaí leis an tuiscint atá acu ar an domhan trí eispéiris a thuiscint trí mheán na teanga. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. úsáidfidh siad teanga chun eispéiris a thuiscint, chun fadhbanna a réiteach, agus chun smaointeoireacht, smaointe agus mothúcháin a shoiléiriú<br>2. úsáidfidh siad leabhair agus TFC ar mhaithe le spraoi a bhaint astu, eolas a fháil agus cur lena dtuiscint ar na domhan<br>3. cuirfidh siad lena bhfeasacht ar shiombailí éagsúla (pictiúir, cló, uimhreacha) a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh, agus tuigfidh siad gur féidir le daoine eile iad seo a léamh<br>4. rachaidh siad i dtaithí ar chlónna éagsúla ar bhealach taitneamhach suntasach<br>5. beidh deiseanna acu úsáid a bhaint as ábhair éagsúla chun marcanna a dhéanamh agus cuirfidh siad é seo i ngníomh ar bhealach taitneamhach suntasach<br>6. forbróidh siad scileanna comhairimh, agus beidh tuiscint níos fearr acu ar bhrí agus úsáid uimhreacha agus ar theanga na matamaitice ar bhealach taitneamh suntasach |
| **Aidhm 4**<br>Cuirfidh leanaí iad féin in iúl go cruthaitheach samhlaíoch. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. roinnfidh siad a mothúcháin agus a smaointe trí mheán na scéalaíochta, na healaíne, damhsa, trí rólghlacadh, réiteach fadhbanna agus freagairt do na heispéiris seo<br>2. cuirfidh iad féin in iúl trí na hamharc-ealaíona ag baint úsáide as scileanna amhail gearradh, líníocht, gliúáil, greamú, péinteáil, tógáil, priontáil, dealbhóireacht agus fuáil<br>3. éistfidh siad le cineálacha éagsúla ceoil, canfaidh amhráin agus déanfaidh ceol ag baint úsáide as uirlisí<br>4. úsáidfidh siad teanga chun róil agus eispéiris a shamhlú agus a athchruthú<br>5. cruthóidh siad eispéiris litearthachta agus freagróidh dóibh trí scéalta, filíocht, amhráin agus drámaíocht<br>6. beidh siad féinmhuiníneach agus iad ag baint trialach as rudaí nua, ag dul san amhantar, agus ag smaoineamh go cruthaitheach. |

## Deiseanna foghlama samplacha

### Leanaí Óga






Déanfaidh an duine fásta na nithe seo a leanas:

- idirghníomhóidh sé/sí go **neamhbhriathartha** le leanaí óga agus bainfidh úsáid as teicnící iomchuí tacúla chun an chumarsáid a spreagadh:
  - breathnóidh sé/sí sa tsúil ar leanaí óga, labhróidh leo agus iad ag idirghníomhú leo, agus glacfaidh sos chun seans idirghníomhaithe a thabhairt do na leanaí óga
  - déanfaidh sé/sí athrá ar fhuaimeanna leanaí óga agus úsáidfidh urlabhra atá dírithe ar an leanbh óg nuair atáthar ag labhairt leo (guth níos airde, frásaí níos giorra, focail shimplí, luas mall agus gutaí fada a úsáid)
  - tabharfaidh sé/sí sampla de straitéisí neamhbhriathartha chun mothúcháin a roinnt, mar shampla súile a leathnú chun iontas a léiriú, miongháire agus bualadh bos a dhéanamh chun áthas a léiriú
  - léireoidh sé/sí tuiscint ar fhuaimeanna, ar ghothaí agus ar ghluaiseachtaí coirp an linbh agus freagróidh dóibh, mar shampla sólás a thabhairt do leanaí óga, friotal a chur ar an rud atá ar intinn acu, freagairt do gheáitsí, agus pointeáil i dtreo rudaí
  - beidh sé/sí ar an airdeall le haghaidh comharthaí go bhfuil leanaí óga ag díriú ar rud ar leith a fheiceann siad, a chloiseann siad, a bhlaiseann siad agus tabharfaidh sampla sa chomhrá trí cheisteanna simplí a chur agus freagraí a sholáthar

- cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil do leanaí ionas gur féidir leo **teanga** a fhoghlaim ó dhaoine eile:
  - cuideoidh sé/sí le leanaí óga breathnú ar dhaoine fásta agus leanaí eile agus éisteacht leo
  - spreagfaidh sé/sí leanaí eile le labhairt agus bheith ag súgradh leis na leanaí óga ionas go gcloisfidh siad fuaimeanna, focail agus abairtí in úsáid
  - déanfaidh sé/sí athrá ar ainmneacha na leanaí eile atá timpeall ar na leanaí óga agus cuirfidh síos ar a bhfuil ar siúl acu

- cruthóidh sé/sí **timpeallacht lán leabhar** agus cothóidh **taitneamh a bhaint as leabhair:**
  - roinnfidh sé/sí leabhair éagsúla - na cinn is ansa leis na leanaí óga san áireamh, agus spreagfaidh iad leis na flapaí a ardú, uigeachtaí a bhrath agus cnaipí a bhrú chun fuaimeanna a chlos
  - breathnóidh sé/sí ar phictiúir agus ar ghrianghraif atá gaolta le heispéiris na leanaí óga agus labhróidh ina dtaobh
  - cuirfidh sé/sí bréagáin ar fáil a 'labhraíonn' ar féidir súgradh leo
  - cuirfidh sé/sí síos ar a bhfuil ag tarlú mórthimpeall orthu, mar shampla torannacha, dathanna, an aimsir, agus gníomhaíochtaí
  - taispeánfaidh sé/sí grianghraif de na leanaí óga agus a n-ainmneacha scríofa ina aice leo

- tacóidh sé/sí le **forbairt teanga** trí scéalta, cluichí, amhráin agus rannta le gníomhartha ag gabháil leo, gluaiseachtaí méar agus amharcfhrapaí:
  - déanfaidh sé/sí focail, amhráin agus rannta a athrá ionas gur féidir le leanaí óga taithí a fháil ar na fuaimeanna
  - léifidh sé/sí scéala le leanaí óga agus bainfidh taitneamh as ina dteannta
  - bainfidh sé/sí úsáid as frapaí atá oiriúnach ó thaobh an chultúir de amhail bábóga, puipéid, míreanna maise, nithe a úsáidtear gach lá, geáitsí áibhéalacha, agus gluaiseacht chun céadfaí na leanaí óga a spreagadh nuair atá scéalta agus rannta á n-insint
  - cuiridh sé/sí leanaí óga san áireamh in insint 'rannta', mar shampla stad agus fanacht le leanaí óga aithris a dhéanamh ar ghníomh nó fuaim a dhéanamh le haghaidh líne nó focail sa rím a bhfuil taithí acu air
  - déarfaidh sé/sí focail agus frásaí lárnacha ag baint úsáide as teanga dhúchais an linbh óig i gcás nach Béarla nó Gaeilge an teanga sin (iarrfar cúnamh ar na tuismitheoirí ina leith seo)




- cothóidh sé/sí s**cileanna éisteachta** ag baint úsáide as airde amhránaíochta an ghutha, ceol, gluaiseacht, amhráin agus rannta:
  - imreoidh sé/sí cluichí éisteachta ar fhuaimeanna agus ar phátrúin fuaime ar leith
  - bainfidh sé/sí úsáid as guth an duine nuair is féidir, seachas taifeadadh, chun amhráin, dánta agus rannta nua a chur i láthair
  - canfaidh sé/sí amhráin go mall ag fágáil bearnaí a thugann an deis do leanaí óga canadh in éineacht leat
  - gluaisfidh sé/sí de réir bhuille an cheoil agus cuideoidh le leanaí óga a mhacasamhail a dhéanamh
  - cuiridh sé/sí uirlisí éagsúla 'de dhéantús an duine' agus 'uirlisí nádúrtha' ar fáil le haghaidh leanaí ionas gur féidir leo iad a sheinm

- tacóidh sé/sí le **gothaí cruthaitheacha:**
  - cuideoidh sé/sí le leanaí óga iniúchadh a dhéanamh ar réimse ábhar, mar shampla péinteáil leis na lámha, súgradh le boilgeoga, lámhacán ar uigeachtaí éagsúla
  - seinnfidh sé/sí cineálacha éagsúla ceoil agus spreagfaidh leanaí le freagairt don cheol sin, mar shampla bualadh bos, lámh a chur ar an gceann, an lámh a chroitheadh, scread a ligean, gluaiseacht go gasta le ceol gasta
  - cuirfidh sé/sí bréagáin éagsúla le toisí, dathanna, cruthanna agus uigeachtaí éagsúla acu agus cuirfidh síos ar a saintréithe, mar shampla, ***Feicim go bhfuil cat clúmhach agat. Cia, breathnaigh ar an réalta bhuí.***

## Mamailínigh

Déanfaidh na duine fásta na nithe seo a leanas:

- tacóidh sé/sí le mamailínigh i bhforbairt a **dteanga:**
  - ainmneoidh sé/sí nithe a bhfuil taithí ag na mamailínigh orthu agus cuirfidh síos ar eispéiris



- le caitheamh ama tabharfaidh sé/sí focail nua isteach sa chomhthéacs, tabharfaidh samplaí de struchtúir teanga níos casta, mar shampla focail thuairisciúla a chur san áireamh: ***Ghluais an tseilide go mall. Bhí an-ocras ar an bhfathach mór. Tá Tony brónach mar go bhfuil a pheata tinn .***
- léireoidh sé/sí an bhrí atá le focail trí ghaol a léiriú idir gníomhartha agus eispéiris leanaí
- spreagfaidh sé/sí mamailínigh le húsáid a bhaint as a dteanga dhúchais (nuair nach Béarla ná Gaeilge an teanga sin) sa suíomh, mar shampla i rann

- cruthóidh sé/sí **timpeallacht lán leabhar** agus cothóidh gean na mamailíneach i leith **leabhar**, an taitneamh a bhaineann siad astu agus an tuiscint atá acu orthu:
  - léifidh sé/sí scéalta, bainfidh taitneamh astu agus déanfaidh iniúchadh orthu
  - iarrfaidh sé/sí ar na mamailínigh scéalta a 'léamh' ag baint úsáide as pictiúir
  - tabharfaidh sé/sí sampla den chaoi le leabhair Bhéarla agus Ghaeilge a úsáid – an taobh ceart in airde, ó chlé go deas ar an leathanach
  - cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil do mhamailínigh machnamh ar céard a tharlóidh ina dhiaidh sin sa leabhar, é sin a thuar, a mholadh, a insint agus a buille faoi thuairim a thabhairt
  - spreagfaidh sé/sí na mamailínigh le marcanna a dhéanamh, mar shampla le criáin, péintéireacht agus scríobh, oibriú le cailc

- spreagfaidh sé/sí na mamailínigh le **cumarsáid chruthaitheach** a dhéanamh trí scéalta, amhráin, dealbhóireacht, rannta, súgradh, ceol, damhsa agus ealaín:
  - déanfaidh sé/sí scéalta a insint agus eispéiris a athinsint agus a athrú trí shúgradh samhlaíoch, mar shampla na mamailínigh ag cruthú áite ina gcodlóidh na hainmhithe istoíche, 'bus' a chruthú agus dul ar thuras ag bailiú paisinéirí ar an mbealach, lialann tréidlia a bhunú áit a gcuirfear cóireáil ar pheataí atá tinn, caladh iascaigh a thógáil inar féidir leo na héisc a thabhairt i dtír agus iad a shortáil
  - cuirfidh sé/sí ábhair ar fáil agus cuideoidh le mamailínigh uirlisí ceoil a dhéanamh as drámh-ábhair, agus spreagfaidh na mamailínigh le húsáid a bhaint astu seo chun ceol a dhéanamh le buille rialta
  - spreagfaidh sé/sí na mamailínigh le héisteacht le ceol agus freagairt don cheol sin, mar shampla tapáil, luascadh, gluaiseacht in éineacht le buille an cheoil
  - cuirfidh sé/sí síos ar ghothaí gnúise agus déanfaidh na gothaí sin chun a mhíniú cad iad na mothúcháin a mhúsclaíonn píosa áirithe ceoil
  - cuirfidh sé/sí ábhair éagsúla ealaíne agus frapaí súgartha ar fáil ionas gur féidir leis na mamailínigh iad a úsáid chun a smaointe agus a mothúcháin a chur in iúl

- déanfaidh sé/sí comhaireamh agus bainfidh úsáid as **teanga na matamaitice** i ngnáthsuíomhanna:
  - déanfaidh sé/sí comhaireamh leis na leanaí mar chuid de ghnáthaimh laethúla, mar shampla, ***Cá mhéad naprún a bhfuil gá againn leo ionas gur féidir le gach duine arán a dhéanamh? Déanaimis comhaireamh lena chéile. Feicim a lán uirlisí i do cheardlann. Cá mhéad tairne atá á chur agat isteach sa phíosa adhmaid sin? An bhfuil dóthain cathaoireacha agus leapacha ann do na seacht n-abhac?***

- bainfidh sé/sí úsáid as deiseanna laethúla chun cuidiú leis na mamailínigh uimhreacha a thuiscint, mar shampla scuab péinte a chur i ngach pota péinte, leabhar scéalta a thabhairt do gach leanbh, a sheiceáil go bhfuil bábóg ag gach mamailíneach sa bhugaí agus iad ag dul i gcomhair siúlóide, úsáid a bhaint as uimhreacha nuair atá pátrúin á bpéinteáil ar bhréagáin, mar shampla brú tráchta – carr amháin dearg, carr amháin buí, carr amháin dearg, carr amháin buí
- déanfaidh sé/sí iniúchadh ar shaintréithe rudaí, cosúlachtaí agus éagsúlachtaí a thabhairt faoi deara, mar shampla dath agus toise na mbláthanna i ngairdín nó i bpáirc, toise, cruth agus dath na sliogán nó na gcloch
- cuideoidh sé/sí le mamailínigh roinnt le daoine eile, mar shampla taos súgartha a thabhairt do gach duine de cheithre leanbh nó oráiste mandairín a roinnt i gceithre chuid agus roinnt le cara, bréagáin rothaí a roinnt i measc grúpa leanaí
- bainfidh sé/sí taitneamh as cluichí méire agus as rannta ina mbaintear úsáid as comhaireamh
- cuirfidh sé/sí gníomhaíochtaí ar fáil chun cuidiú le mamailínigh teanga suíomhach a úsáid amhail suas agus síos, isteach agus amach, taobh thiar, os comhair, faoi bhun agus os cionn agus cuirfidh síos orthu seo de réir mar a théann na mamailínigh i dtaithí orthu



## Leanaí

Déanfaidh an duine fásta na nithe seo a leanas:

- spreagfaidh sé/sí na leanaí lena **gcumarsáid neamhbhriathartha** a fhorbairt:
  - cruthóidh sé/sí deiseanna do leanaí freagairt d'eispéiris litearthachta ag baint úsáide as gothaí gnúise agus as gluaiseachtaí coirp, mar shampla léireoidh mothúcháin trí ghothaí gnúise de réir mar a thagann siad chun cinn i ndán nó i scéal atá á léamh os ard ag an duine fásta, ag baint úsáide as gluaiseachtaí agus gníomhartha coirp chun freagairt do chasfhocail agus rabhlóga nó d'amhrán
  - tabharfaidh sé/sí sampla de rialacha neamhbhriathartha amhail seansanna a ghlacadh, agus spreagfaidh sé/sí leanaí le húsáid a bhaint astu seo ina n-idirghníomhú le daoine eile
  - léireoidh sé/sí comhbhá ag freagairt do leanaí i leith scéalta agus eispéireas agus spreagfaidh sé/sí na leanaí le gothaí gnúise agus comharthaíocht choirp a chéile a 'léamh'

- cuideoidh sé/sí le leanaí a **scileanna éisteachta** a fhorbairt:
  - spreagfaidh sé/sí leanaí le cluichí a imirt i ngrúpaí, mar shampla, cluichí ina bhfuil sé i gceist a bheith ag éisteacht le liostaí, iad a chur de ghlanmheabhair agus cur leis an liosta sin mar a bheadh liosta siopadóireachta, ***D'imigh mé go dtí an siopa agus cheannaigh mé bollóg aráin, lítear bainne, canna pónairí…***
  - cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil do leanaí éisteacht le cineálacha éagsúla fuaimeanna ina dtimpeallacht agus cur síos orthu agus iad a aithint
  - iarrfaidh sé/sí ar na leanaí díriú ar na sainghnéithe i bpíosa ceoil, mar shampla gasta/mall, ard/íseal, agus glórach/bog, agus iad a roinnt trí mheán plé, gluaiseachta agus ealaíne

- spreagfaidh sé/sí leanaí le héisteacht lena chéile agus scéalta a insint dá chéile
- Oibreoidh sé/sí le leanaí chun cuidiú leo cinneadh a dhéanamh 'cén chaoi a n-éistimid' d'fhonn atmaisféar a chur chun cinn a chothaíonn meas ar an méid a dhéanann an duine eile

■ spreagfaidh sé/sí leanaí le smaoineamh agus labhairt faoina **mothúcháin féin agus faoi mhothúcháin daoine eile:**

- úsáidfidh teanga na mothúchán: ***Tá mé sona inniu toisc... Bhí mé crosta nuair... Bhí eagla orm inné mar...***
- tabharfaidh sé/sí sampla d'admháil go ndearna tú botún agus déarfaidh ***gabh mo leithscéal***
- spreagfaidh sé/sí leanaí le súgradh samhlaíoch a chleachtadh chun déileáil le mothúcháin amhail imní, eagla agus éad, cuirfidh a lán frapaí, éadaí maisitheacha agus trealamh ar fáil chun cuidiú leis seo
- spreagfaidh sé/sí leanaí le labhairt faoi na nithe is maith leo agus nach maith leo nó pictiúir a tharraingt de sin
- spreagfaidh sé/sí leanaí lena láidreachtaí a aithint maille leis na nithe atá éasca agus deacair dóibh
- iarrfaidh sé/sí ar na leanaí stiallchartúin ghrinn a tharraingt nó pictiúir a sholáthar chun sraith scéalta faoi mhothúcháin a chruthú
- léifidh agus pléifidh sé/sí leabhair ina bhfuil léiriú ar réimse mothúchán agus téamaí, amhail iombhá, éagóir, comhionannas agus cothroime'



■ tacóidh sé/sí le leanaí de réir mar atá **a dteanga** á forbairt acu:



- tabharfaidh sé/sí sampla de dhea-úsáid teanga agus cuirfidh a lán deiseanna ar fáil do na leanaí le labhairt agus le bheith ag éisteacht (tá tábhacht ar leith ag baint leis seo do leanaí a bhfuil Béarla nó Gaeilge á foghlaim acu mar dhara teanga)
- éistfidh sé/sí go cúramach le leanaí agus ní dhéanfaidh beag is fiú dá smaointe
- cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil do leanaí labhairt le daoine éagsúla duine le duine, i ngrúpa beag, agus i ngrúpa mór, mar shampla leanbh agus rann á insint le cara nó nuacht á insint faoi rud éigin a rinne siad le chéile, leanaí ag cur agallaimh ar bhall de phobal
- spreagfaidh sé/sí leanaí leis an todhchaí a phleanáil, a thuar agus tuairimí a thabhairt ina leith nó faoi eispéiris shamhlaíocha nuair atá siad i mbun súgartha samhlaíoch
- imreoidh sé/sí cluichí teanga leis na leanaí, mar shampla *Feicim le mo shúil cinn*
- aimseoidh agus cruthóidh sé/sí focail a dhéanann rím, focail sheafóideacha san áireamh, cosúil le *arán, bán, fán, seán, ván, bacán*
- déanfaidh sé/sí rabhlóga agus casfhocail a aithris
- léifidh sé/sí scéalta leis na leanaí agus déanfaidh na carachtair agus na himeachtaí iontu a iniúchadh leo
- roghnóidh sé/sí focail nua ón scéal agus tabharfaidh samplaí dá n-úsáid ar bhealach suntasach

- spreagfaidh sé/sí na leanaí le bheith ag machnamh agus le labhairt faoi cén fáth ar tharla na heachtraí mar a rinne sa scéal
- spreagfaidh sé/sí na leanaí le scéalta a athinsint agus a n-ord a chur in iúl agus topaicí a iniúchadh a eascraíonn as na scéalta sin mar shampla cothroime, eagla, cairdeas, bulaíocht agus bheith slán sábháilte
- cuirfidh sé/sí ceisteanna oscailte agus déanfaidh ráitis chun na leanaí a spreagadh le bheith ag smaoineamh os ard, le machnamh ar fhéidearthachtaí agus iadsan a iniúchadh leis an duine fásta, mar shampla ***Céard is cara ann? Ní fheadair an bhfuil ann do shíoga i ndáiríre. Nuair a bhíonn eagla orm bíonn mé fuar! Conas a fhanann eitleáin sa spéir?***
- díreoidh sé/sí aird na leanaí ar litreacha agus ar a bhfuaimeanna mar chuid dá ngníomhaíochtaí, dá súgradh agus dá ngnáthaimh laethúla

- cinnteoidh sé/sí go mbeidh na leanaí i **dtimpeallacht lán leabhar** agus cothóidh iontu gean ar **leabhair**, an taitneamh a bhaineann siad astu agus an tuiscint atá acu orthu:
  - cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil go minic do na leanaí bheith ag súgradh le leabhair agus bheith á léamh
  - eagróidh sé/sí cuairteanna ar an leabharlann
  - léifidh sé/sí réimse leabhar go rialta leis na leanaí atá oiriúnach ó thaobh an chultúir de agus a léiríonn cumais éagsúla an duine, cineálacha éagsúla teaghlach agus topaicí éagsúla
  - úsáidfidh sé/sí frapaí, puipéid, geáitsí agus guthanna chun scéalta a thabhairt chun beatha trí rólghlacadh agus drámaíocht
  - cuideoidh sé/sí le leanaí bheith ina scéalaithe, mar shampla tosóidh scéal agus ansin iarrfaidh ar na leanaí leanúint leis an scéal (mar shampla an scéal a chur ar théip agus é a sheinm dóibh nó é a scríobh síos)
  - taispeánfaidh sé/sí pictiúir agus grianghraif do na leanaí agus iarrfaidh orthu a scéalta faoin ina dtaobh a chruthú, mar shampla grianghraf de thíogar ar an mbus!
  - úsáidfidh sé/sí leabhair éagsúla, ina measc leabhair le cló mór chun cuidiú le leanaí lena scileanna luathléitheoireachta agus chun foghlaim faoin téarmaíocht bhunúsach agus na coinbhinsiúin bhunúsacha i leabhair Bhéarla agus Ghaeilge – údar agus maisitheoir, an scéal a thuar ó na pictiúir, ag dul ó bharr go bun agus ó chlé go deas, ag casadh na leathanach san ord ceart, úsáid uimhreacha na leathanach chun scéal a aimsiú, ag díriú airde ar fhocail ghníomhaíochta
  - spreagfaidh sé/sí na leanaí le scéalta a léamh agus taitneamh a bhaint astu in éineacht lena dtuismitheoirí, le mamó agus daideo, agus lena ndeartháireacha agus deirfiúracha



- cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil do leanaí le brí a bhaint as a n-eispéiris agus déanfar seo trína smaointe a léiriú trí **mharcanna a dhéanamh agus luathscríbhneoireacht:**
  - cuideoidh sé/sí le leanaí dul i dtaithí ar chló trí mheán na líníochta, na péintéireachta agus trí mharcanna a dhéanamh le huirlisí scríbhneoireachta éagsúla
  - tabharfaidh sé/sí sampla den scríbhneoireacht trí fheidhmiú mar scríobhaí le haghaidh na leanaí agus trí léamh amach dóibh céard a dúirt siad, ag cur deiseanna

ar fáil i suíomhanna súgartha ionas gur féidir leis na leanaí fortheidil agus liostaí a scríobh ag baint úsáide as 'litriú a chruthaigh siad féin', mar shampla marglann an fheirmeora, siopa an nuachtánaí, clár bia i gcaife, rabhadh scríofa don eachtrán ón spás a bhfuil mar aidhm aige an domhan a scrios!

- imreoidh sé/sí le leanaí de réir mar a úsáideann siad scríbhneoireacht agus léitheoireacht ina suíomhanna súgartha, mar shampla oidis a scríobh le haghaidh na n-othar i lialann an dochtúra, stampaí a dhéanamh d'oifig an phoist agus seoladh a chur ar litir chun é a chur sa phost, scanóir agus meaisín cártaí a úsáid san ollmhargadh, pasanna agus ticéid eitleáin a dhéanamh don aerfort
- cuideoidh sé/sí le leanaí níos sine litreacha móra nó beaga a rianú nó a ghearradh amach, uimhreacha uigithe a dhéanamh, súgradh le huimhreacha maighnéadacha, plaisteacha agus adhmaid
- cruthóidh sé/sí limistéar scríbhneoireachta le cártaí bána, 'post-its', clúdaigh litreach, ábhair scríbhneoireachta agus clár fáiscthe le peann luaidhe ceangailte leis, sean-chlóscríobhán, ríomhaire le bogearra próiseálaí focal nó ríomhphost (labhair le leanaí i suíomh eile ag baint úsáide as ríomhphost nó post gréasáin nó ceamara gréasáin)
- taispeánfaidh sé/sí do leanaí conas TFC a úsáid chun imeachtaí a thaifeadadh agus chun pictiúir agus teachtaireachtaí a chruthú, mar shampla bogearraí a úsáid a chuidíonn le leanaí litreacha, uimhreacha, pictiúir nó siombailí eile a ghearradh agus a ghreamú

- cuideoidh sé/sí le leanaí cur lena dtuiscint ar **uimhreacha sa timpeallacht:**
  - díreoidh sé/sí aird ar uimhreacha sa timpeallacht, mar shampla fógraí, comharthaí, soithí bia, fuinneoga siopaí, uimhreacha tí, plátaí clárúcháin gluaisteáin, lipéid, féilirí, uimhreacha teileafóin, scálaí meáchain
  - úsáidfidh sé/sí cairteacha poist, cairteacha aimsire agus póstaeir, chomh maith le nuachtáin, irisí, eolairí agus taispeánfaidh scríbhneoireacht an linbh féin, chun aird a dhíriú ar uimhreacha
  - spreagfaidh sé/sí na leanaí le húsáid a bhaint as uimhreacha ina gcuid súgartha trí fhrapaí a sholáthar amhail cloig, stad-uaireadóir, fóin, teirmiméadair, liosta praghais, airgead agus iarraidh ar leanaí le haghaidh cúnaimh i suíomhanna súgartha, mar shampla, *Cad iad na comhábhair a mbeadh gá agam leo chun píotsa a dhéanamh agus cá mhéad de gach comhábhar a bheadh ag teastáil? An ndéanfása an liosta siopadóireachta don chóisir breithlae? Cad iad na horduithe a fuair an bláthadóir inniu?*



- cuideoidh sé/sí le leana óga iad féin a chur in iúl go **cruthaitheach** trí ealaín, cócaireacht, drámaíocht, teanga, ceol, taiscéaladh eolaíochta, agus scéalta:
  - spreagfaidh sé/sí leanaí le bheith ag súgradh go samhlaíoch le hábhair chruthaitheacha chun fadhbanna a réiteach agus chun teacht ar smaointe nua le húsáid a bhaint as ábhair
  - cuirfidh sé/sí acmhainní oscailte ar fáil amhail cré, cruthanna pasta, páipéir le huigeachtaí éagsúla, ábhair scríbhneoireachta, péint, ceamara digiteach agus acmhainní nádúrtha (coirceoga giúise, clocha, duilleoga, gaineamh, uisce) le haghaidh thionscadail agus shúgradh na leanaí



- éascóidh sé/sí deiseanna le haghaidh leanaí a bhfuil cumais éagsúla acu oibriú go cruthaitheach le caitheamh ama ar thionscadal, mar shampla pictiúr de ghrúpa bunaithe ar phíosa ceoil a chuala na leanaí, tionscadal maidir le tógáil tí – teach a bheadh chomh láidir nach bhféadfadh an mac tíre dul isteach ann, cóiste chun Cinderella a thabhairt go dtí an bál a bheidh fós ina chóiste tar éis an mheáin oíche, nó pluais áit nach féidir leis na daoine fásta iad a aimsiú
- freagróidh sé/sí go dearfach d'iarrachtaí cruthaitheacha na leanaí, mar shampla troscán nó trealamh a bhogadh chun tuilleadh spáis a chruthú, comhábhair a thiomsú agus a mheascadh chun deoch na caillí a dhéanamh (na comhábhair, an modh agus an chaoi a n-oibríonn sé á mbreacadh síos)
- cuideoidh sé/sí le leanaí iniúchadh, déanamh, athmhachnamh, comhoibriú agus cumarsáid a déanamh trí ghluaiseacht, damhsa agus rólghlacadh.





# Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

# Téama: Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht


**Is éard atá i gceist leis an téama *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht* ná cuidiú le leanaí brí a bhaint as rudaí, áiteanna agus daoine atá sa saol trí idirghníomhú le daoine eile, súgradh leo, iniúchadh, ceistiú, agus trí smaointe a fhoirmiú, a thástáil agus a thabhairt chun míneadais.**

Baineann leanaí úsáid as a gcéadfaí, as a n-intinní agus as a gcoirp chun na nithe a fheiceann siad, a bhraitheann siad agus a bhfaigheann siad taithí orthu sa saol mórthimpeall orthu a thuiscint. Bailíonn siad eolas agus forbraíonn siad scileanna nua, amhail scileanna smaointeoireachta. Foirmíonn siad smaointe agus teoiricí agus baineann siad triail astu. Tugann siad a gcuid smaointe chun míneadais ach a dtimpeallacht a iniúchadh agus trí idirghníomhú le daoine fásta agus le leanaí eile agus cumarsáid a dhéanamh leo. Tarlaíonn a fhormhór de seo trí shúgradh agus trí eispéiris eile a chuidíonn le leanaí bheith cruthaitheach, dul san amhantar agus trí fhionnachtana a dhéanamh. De réir mar a fhoghlaimíonn siad déanann siad a dteoiricí a thástáil athuair agus cuireann siad na teoiricí sin in oiriúint chun na fionnachtana agus na heispéiris nua a chur san áireamh.

Le linn na luath-óige forbraíonn formhór na leanaí go fisiceach agus go cognaíoch ach an timpeallacht a iniúchadh, cé go bhfuil roinnt leanaí faoi mhíchumas agus mar sin bíonn sé níos deacra é seo a bhaint amach. Chomh maith le heolas a fháil agus scileanna a fhorbairt, is gá go mbeadh dearcadh dearfach ag leanaí i leith na foghlama. Tá dúil acu ó dhúchas eolas a fháil ar an domhan. Féadfaidh an duine fásta an fhorbairt a chothú trí ghníomhaíochtaí a phleanáil dóibh agus is féidir leo ansin rath a bheith orthu mar fhoghlaimeoirí. Is éard atá i gceist leis seo ná gníomhaíochtaí a phleanáil atá in oiriúint do riachtanais na leanaí indibhidiúla agus a chruthaíonn gaol idir a n-eispéiris agus a spéiseanna agus ag an am céanna a thugann dúshlán dóibh cur leis an eolas, a scileanna a thabhairt chun míneadais agus fadhbanna a réiteach i dteannta a chéile.

**Tábla 4: Aidhmeanna agus spriocanna foghlama go *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht***

| Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht | |
|---|---|
| **Aidhmeanna** | **Spriocanna foghlama** |
| **Aidhm 1**<br>Foghlaimeoidh leanaí faoin domhan ina dtimpeall agus gheobhaidh tuiscint air. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. glacfaidh siad páirt ina dtimpeallacht, déanfaidh iniúchadh agus tástáil ar an timpeallacht sin agus úsáidfidh scileanna nua fisiceacha chun nithe agus ábhair a láimhseáil<br>2. cuirfidh siad lena dtuiscint orthu féin agus ar dhaoine eile ina bpobal<br>3. tuigfidh siad go bhfuil athrú ina chuid den saol<br>4. foghlaimeoidh siad níos mó faoin dúlra maille lena ghnéithe, a ábhair, a ainmhithe, agus a phlandaí, agus faoin bhfreagracht atá orthusan mar chúramóirí na timpeallachta<br>5. gheobhaidh siad tuiscint ar am, ar chruthanna, spás agus suíomh<br>6. gheobhaidh siad tuiscint ar choincheapa amhail meaitseáil, rudaí a chur i gcomparáid, rud a chur in ord, sórtáil, toise, meáchan, airde, fad, toilleadh, agus airgead, ar bhealach taitneamhach suntasach |
| **Aidhm 2**<br>Forbróidh leanaí scileanna agus straitéisí agus úsáidfidh iad le haghaidh na breathnadóireachta, an cheistiúcháin, an iniúchta, na tuisceana, na hidirbheartaíochta, agus chun fadhbanna a réiteach, agus samhlóidh siad iad féin ina dtaiscéalaithe agus ina smaointeoirí. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. aithneoidh pátrúin agus aithneoidh gaol idir foghlaim nua agus an méid atá ar eolas acu cheana féin<br>2. baileoidh siad eolas ó fhoinsí éagsúla ag baint úsáide as a scileanna cognaíocha, fisiceacha agus sóisialta agus úsáidfidh siad an t-eolas sin<br>3. bainfidh siad usáid as a dtaithí agus a gcuid eolais chun teoiricí atá i bhfeidhm a iniúchadh agus a fhorbairt – teoiricí faoin gcaoi a n-oibríonn an domhan, agus machnamh ar na cúiseanna a bhfoghlaimíonn siad faoi rudaí agus an chaoi a ndéanann siad amhlaidh<br>4. léireoidh siad a gcumas réasúnaíochta, idirbheartaíochta agus smaointeoireachta loighciúla<br>5. déanfaidh siad comhoibriú le daoine eile chun spéiseanna a roinnt agus fadhbanna a réiteach go féinmhuiníneach<br>6. bainfidh siad úsáid as a gcruthaitheacht agus a samhlaíocht chun smaoineamh ar bhealaí nua chun fadhbanna a réiteach |
| **Aidhm 3**<br>Déanfaidh leanaí iniúchadh ar bhealaí nua chun smaointe, mothúcháin, míreanna agus gníomhartha a chur i láthair trí shiombailí. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. déanfaidh siad marcanna agus bainfidh úsáid as líníocht, péintéireacht agus samhail-dhéantús chun nithe, imeachtaí agus smaointe a thaifead<br>2. gheobhaidh siad taithí ar shiombailí (pictiúir, uimhreacha, litreacha agus focail) agus aithneoidh siad an gaol atá acu leis na nithe a léiríonn siad<br>3. cuirfear lena bhfeasacht ar shiombailí éagsúla (pictiúir, cló, uimhreacha) a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh agus bainfidh úsáid astu ar bhealach taitneamhach suntasach a chuideoidh leo ina dhiaidh sin léamh agus scríobh<br>4. cuirfidh mothúcháin agus smaointe in iúl trí thobchumadh, gluaiseacht, súgradh, caint, scríobh, scéalaíocht, ceol agus ealaín<br>5. bainfidh siad úsáid as litreacha, focail, abairtí, uimhreacha, comharthaí, pictiúir, dathanna agus cruthanna chun eolas a thabhairt agus a thaifead, chun cur síos a dhéanamh agus chun brí a bhaint as a n-eispéiris agus as eispéiris daoine eile<br>6. bainfidh úsáid as leabhair agus TFC (bogearraí agus an t-idirlíon) mar ábhar spraoi agus mar fhoinse eolais |
| **Aidhm 4**<br>Beidh dearcadh dearfach ag leanaí i leith na foghlama agus forbróidh siad meonta amhail fiosracht, spraoi, dianseasmhacht, féinmhuinín, seiftiúlacht agus dul san amhantar. | I gcomhpháirt leis an duine fásta déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:<br>1. cuirfidh siad lena bhféinmhuinín ó thaobh rudaí a dhéanamh dóibh féin agus do dhaoine eile<br>2. rachaidh siad i ngleic le dúshláin agus déileálfaidh le nithe a chuireann bac orthu<br>3. glacfaidh siad cinntí agus cuirfidh leis an méid freagrachta a ghlacann siad as a gcuid foghlama<br>4. beidh muinín acu as a smaointe agus as a gceisteanna, go n-éistfear leo agus nach ndéanfar beag díobh<br>5. forbróidh siad scileanna smaointeoireachta d'ord níos airde amhail réiteach fadhbanna, nithe a thuar, anailísiú, ceistiú agus seasamh le cinntí<br>6. feidhmeoidh siad ar a bhfiosracht, rachaidh siad san amhantar agus beidh siad oscailte do smaointe nua agus d'éiginnteacht. |





## Deiseanna foghlama samplacha

### Leanaí óga

Déanfaidh an duine fásta na nithe seo a leanas:

- cothóidh sé/sí caidreamh fáilteach muiníneach le leanaí óga trí **shúgradh agus iniúchadh:**
  - bainfidh sé/sí an leas is fearr as deiseanna a bhíonn ag an duine fásta idirghníomhú leis an leanbh óg (breathnú sula n-idirghníomhaítear), le linn súgartha agus taiscéaladh céadfaíoch
  - bainfidh sé/sí amach cothromaíocht idir spreagthaí an duine fásta agus spreagthaí an linbh óig ionas gur idirghníomhú suntasach atá ann, agus ligfidh sé/sí don leanbh óg é seo a threorú ar bhonn rialta
  - díreoidh sé/sí aird an linbh ar mhír nó ar dhuine ar leith, mar shampla pointeáil i dtreo ní éigin
  - athdhearbhóidh sé/sí taiscéaladh agus fionnachtana an linbh, mar shampla súile a leathnú, bualadh bos, cur síos ar a bhfuil déanta ag an leanbh óg, a bhfuil bainte amach ag an leanbh óg a chur in iúl do dhuine fásta nó do leanbh eile

- cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil do leanaí óga chun a **scileanna fisiceacha** agus **a bhfeasacht ar spásúlacht** a fhorbairt :
  - cuirfidh sé/sí nithe as síneadh láimhe an linbh óig agus mar seo beidh ar an leanbh óg gluaiseacht chun teacht air
  - cuirfidh sé/sí dromchlaí agus nithe slán sábháilte ar fáil (bréagáin, troscán) ar féidir leis an leanbh óg greim a bhreith orthu, seasamh ina gcoinne, nó iad féin a tharraingt aníos leo
  - spreagfaidh sé/sí na leanaí óga le bheith ag lámhacán, ag ardú, ag sleamhnú, ag siúl, ag dreapadh isteach, ar, timpeall, faoi agus trí rudaí
  - tabharfaidh sé/sí bréagáin agus nithe do leanaí óga, amhail liathróidí, málaí suí, míreanna a dhéanann cleatráil, caisil, sorcóirí ar thoisí éagsúla, boscaí ar chruthanna agus dathanna éagsúla chun iniúchadh agus fionnachtana a dhéanamh

- cruthóidh sé/sí deiseanna do leanaí óga dul i dtaithí ar **chúis agus éifeacht:**
  - cuideoidh sé/sí le leanaí óga a fheiceáil céard a tharlaíonn nuair a imríonn siad le bréagáin agus nithe a bhíonn mórthimpeall orthu gach lá amhail sceanra, potaí, spúinsí, liathróidí boga agus eochracha ar bhealaí éagsúla, trí iad a bhrath, a chroith, a bhrú, a rollú, a chaitheamh, a phiocadh agus bréagán a thabhairt ar ais de réir mar a chaitheann an leanbh ar an talamh é go dtí go n-éireoidh an leanbh bréan den chluiche sin
  - cuirfidh sé/sí míreanna rothaí agus bréagáin ar fáil do leanaí óga ar féidir leo iad a bhrú agus a tharraingt ar dhromchlaí éagsúla

- cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil don **taiscéalaíocht chéadfaíoch** a chuideoidh le leanaí óga smaoineamh ar an gcaoi a n-oibríonn an domhan:
  - cruthóidh sé/sí deiseanna do leanaí óga taithí a fháil ar radhairc, fuaimeanna, bólaí, blas, gluaiseachta, uigeachtaí agus teochtaí lasmuigh agus laistigh, ach íogaire na leanaí óga ina leith seo a chur san áireamh
  - déanfaidh sé/sí spás a phleanáil áit ar féidir le leanaí óga gluaiseacht, iniúchadh agus a lámh a chur ar rudaí
  - cuirfidh sé/sí nithe sábháilte nádúrtha ar fáil le haghaidh súgradh taiscéalaíoch, mar shampla ciseán nithe (ina mbeadh sliogáin, olann agus spúnóga adhmaid), uisce le stealladh, gaineamh, féar le bheith ag suí air

- rachaidh sé/sí i bhfolach chun coincheap **buaine rudaí** (a thuiscint go bhfuil rudaí fós ann nuair nach féidir leo iad a fheiceáil) a léiriú don leanbh óg:
  - cuirfidh sé/sí bréagán is maith leis an leanbh óg faoi thuáille agus an leanbh óg ag breathnú ar a bhfuil ag tarlú agus iarrfaidh ar an leanbh óg an bréagán a aimsiú, mar shampla, *Ní fheadair...cá bhfuil sé imithe. An bhfuil fhios agatsa a Chaitlín?*
  - breathnóidh ar leabhair flapaí leis na leanaí óga
  - lorgóidh rudaí i dteannta na leanaí óga: *Ní fheadair cá bhfuil do theidí, a Phachie? Féachaimis faoin gcliabhán. Níl sé ansin, b'fhéidir go bhfuil sé sa chistin. An bhfaca tusa é in aon áit?*

- cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil le haghaidh **gach linbh óig** le bheith ag **súgradh agus ag iniúchadh:**
  - cuirfidh sé/sí nithe in áit ar féidir leis na leanaí óga greim a bhreith orthu
  - spreagfaidh na leanaí a bhfuil lagú radhairc orthu a bheith ag taiscéaladh ag baint úsáide as tadhall agus as fuaim
  - iarrfaidh ar na leanaí níos sine páirt a ghlacadh leo i súgradh samhlaíoch agus freagróidh dá dtionscnaimh, amhail ól samhlaíoch ó chupán folamh, lámhacán i ndiaidh na leanaí óga ar an urlár, labhairt isteach i bhfón póca bréige, pota a chorraí le spúnóg adhmaid
  - cinnteoidh se sé/sí gur féidir leis na leanaí óga a bhfuil lagú éisteachta orthu céard atá ag tarlú a fheiscint agus gur féidir leo aghaidh na ndaoine atá ag labhairt a fheiceáil
  - úsáidfidh sé/sí blaincéid chun cuidiú le leanaí óga a bhfuil lagú gluaiseachta orthu casadh timpeall
  - úsáidfidh sé/sí uimhreacha i ngnáthaimh laethúla, mar shampla dhá stoca a chur orthu, ól ó bhuidéal amháin, gluaiseacht ar cheithre roth ar bhugaí nó bréagán a bhrú.





## Mamailínigh

Déanfaidh an duine fásta na nithe seo a leanas

- spreagfaidh sé/sí leanaí óga chun **gníomhaíochta fisicí** agus forbróidh a **dtuiscint ar spás:**
  - socróidh sé/sí boscaí, cúisíní agus nithe eile sábháilte chomh maith le frámaí dreapadóireachta don leanbh ar féidir leis lámhacán faoina bhun, os a chion, timpeall air, taobh thiar de, ar a bharr, in aice leis agus os a chomhair

- spreagfaidh sé/sí na mamailínigh le bheith níos sciliúla ag gníomhaíochtaí amhail rith, léimneach, léimneach ar leathchois, rothar trianach a thiomáint, gluaiseacht i dtreo daoine agus rudaí agus gluaiseacht an treo eile
- cuideoidh sé/sí le mamailínigh suíomh rudaí a thabhairt faoi deara, rudaí a atheagrú, agus breathnú orthu ó dhearcadh éagsúil
- spreagfaidh sé/sí mamailínigh le bheith ag súgradh le brící tógála, le puzail shimplí, le nithe a luíonn lena chéile agus a scarann óna chéile, nithe a líonann agus a fholmhaíonn, nithe a chúlaíonn agus théann chun tosaigh cosúil le tarracóir nó rothar trianach
- cruthóidh sé/sí deiseanna do mhamailínigh taiscéaladh, agus fionnachtana a dhéanamh go neamhspleách ar dhaoine fásta, ag baint úsáide as gnáthrudaí ar nós spól, claibíní prócaí, cannaí, stopallán, tiúb cairtchlár, cnaipí móra, buaircíní, sliogán agus giobóg éadaí

- cuideoidh sé/sí le mamailínigh **taithí** a fháil ar an **saol mórthimpeall orthu:**
  - spreagfaidh sé/sí mamailínigh le bheith ag súgradh le hábhair nádúrtha amhail gaineamh, uisce, clocha, duilleoga agus dearcáin
  - díreoidh sé/sí a n-aird ar airíonna fisiceacha na míre, cosúil leis an dath, an uigeacht, an toise agus an cruth
  - eagróidh sé/sí turais le haghaidh na mamailíneach le grúpaí meánmhéide de leanaí, mar shampla siúlóid sa choill, bia a thabhairt do na lachain san abhainn, cuairt a thabhairt ar fheirm áitiúil chun bia a thabhairt do na laonna agus uibheacha a bhailiú, uisce a stealladh i locháiníní lena mbuataisí agus lena n-éadaí báistí, agus iad a spreagadh le bheith ag labhairt faoi na heispéiris seo
  - labhróidh sé/sí le mamailínigh faoi dhaoine a mbuaileann siad leo ina bpobal agus faoi na nithe a dhéanann na daoine sin, mar shampla, tiománaí an bhus, an gruagaire, An Lucht Siúil, an cúntóir sa siopa, daoine ó phobail nua, an leabharlannaí, an tOifigeach Leasa Pobail

- tacóidh sé/sí le mamailínigh agus iad ag **déanamh teoiricí** faoin gcaoi a n-oibríonn rudaí, agus sa tuiscint atá acu ar **chúis agus éifeacht:**
  - cuirfidh sé/sí míreanna agus ábhair ar fáil a spreagfaidh an mamailíneach chun iniúchta, mar shampla taithí luath a fháil ar mhaighnéid agus ar lionsaí formhéadúcháin, taithí a fháil ar an tionchar a bhíonn ag uisce ar ábhair éagsúla, gaineamh, clocha, páipéar, ithir agus oighear san áireamh
  - tabharfaidh sé/sí deiseanna do mhamailínigh tascanna laethúla a dhéanamh, cosúil le nithe a chur i mála, potaí péinte a ní, scuabadh leis an scuab, cófra a fholmhú agus a chur in eagar, uisce a dhoirteadh isteach i gcupáin

- cuideoidh sé/sí leis na mamailínigh tuiscint a fháil ar choincheapa amhail **tomhas** (meáchan, airde, toirt, airgead agus am):
  - spreagfaidh sé/sí na mamailínigh le cuimhneamh ar nithe agus ar imeachtaí agus athmhachnamh a dhéanamh orthu, agus caint faoi nithe atá le tarlú amach anseo, agus scileanna pleanála agus tuartha a fhorbairt, mar shampla, ***A luaithe is a thiocfaidh do dheirfiúr abhaile ón scoil, rachaimid chuig an gclós súgartha. Céard a dhéanfaidh tú tar éis duit críoch a chur le tógáil na loinge?***

- cuirfidh sé/sí airgead bréige ar fáil don neachtlann nó don ollmhargadh mar chuid den súgradh samhlaíoch
- tabharfaidh sé/sí deiseanna do na mamailínigh rudaí a cheannach mar chuid de thuras chuig siopa áitiúil
- cuirfidh sé/sí frapaí agus bréagáin ar fáil a chuideoidh leis na mamailínigh a mheas cé chomh hard agus chomh fada is atá rud, cé chomh trom is atá rud, nó cá mhéad a rachaidh isteach i soitheach, mar shampla scálaí meáchain le haghaidh leanbh nuabheirthe san ospidéal, rialóirí agus téip tomhais chun droichead a thógáil nó chun cairpéad nó urláir adhmaid a leagan síos, uaireadóirí agus stopchloig chun rás a amú, feadóg a shéideadh ag leath-am, cupáin, crúiscíní, citil, buidéil, potaí, criathair, spúnóga agus liacha le nithe a dhoirteadh, a fholmhú, a líonadh, a aistriú agus a chur i gcomparáid lena chéile

- cuideoidh sé/sí le mamailínigh tuiscint a fháil ar phróiseas an **athraithe:**
  - déanfaidh sé/sí ceiliúradh ar a bhfuil bainte amach ag mamailínigh de réir mar a dhéanfaidh siad rudaí nua, agus labhróidh faoin athrú seo leo
  - cuideoidh sé/sí le mamailínigh síolta a cur, bláthanna agus glasraí a fhás, iad a bhaint agus iad a úsáid
  - beidh peata ann agus ligfidh sé/sí do na mamailínigh freagracht a ghlacadh as aire a thabhairt don pheata sin
  - díreoidh sé/sí aird na mamailíneach ar athruithe ar an aimsir i rith an lae, agus ó lá go lá
  - cinnteoidh sé/sí go mbeidh na mamailínigh páirteach i mbácáil agus pléifidh leo an t-athrú a thagann ar na comhábhair, mar shampla im nó seacláid ag leá, géarú bainne, taos ag éirí, crústa ag teacht ar shudóg
  - cuirfidh sé/sí ceisteanna agus cuirfidh barúlacha in iúl maidir le céard a tharlóidh agus cén fáth: ***Céard a thiomáineann timpeall an muileann gaoithe? Cén chaoi ar féidir leat é a dhéanamh níos tapúla? Ní fheadair cén fáth ar leáigh an t-uachtar reoite a bhí lasmuigh?***



- spreagfaidh sé/sí na mamailínigh le ham a chaitheamh le rud ar **spéis leo é:**
  - tabharfaidh sé/sí am agus spás do na mamailínigh, laistigh agus lasmuigh araon, chun tacú lena bhfoghlaim trí iniúchadh a dhéanamh ar rud nó ar áit ar spéis leo é/í
  - cuirfidh sé/sí a lán ábhar, rudaí, áiteanna le dul i bhfolach, pluaiseanna, agus caochóga éagsúla ar fáil dóibh le bheith á n-iniúchadh agus le heolas a fháil orthu
  - léireoidh sé/sí spéis san iniúchadh atá ar siúl acu trí bheith páirteach, labhairt leo, grianghraif a ghlacadh agus taifeadadh físeáin a dhéanamh agus úsáid a bhaint astu seo uile chun a gcuid oibre agus a bhfuil bainte amach acu a athdhearbhú
  - cuideoidh sé/sí le mamailínigh a dtionscadail a roinnt le leanaí agus le daoine fásta eile sa suíomh, agus lena dtuismitheoirí, mar shampla fiafraí díobh ar mhaith leo taispeáint do Mham nó do Dhaid nó do dheirfiúr nó deartháir leo céard a bhí ar siúl acu






- cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil do mhamailínigh chun rudaí **a chur i gcomparáid, a shórtáil, a chatagóiriú, agus a chur in ord:**
  - spreagfaidh sé/sí mamailínigh le péirí a aimsiú i measc míreanna a úsáidtear gach lá, mar shampla péirí stocaí nó bróg
  - cuirfidh sé/sí nithe ar fáil do mhamailínigh agus iarrfaidh orthu sampla eile de gach ceann a aimsiú
  - cuideoidh sé/sí leis na mamailínigh éadaí a mheaitseáil le bábóga móra agus beaga
  - díreoidh sé/sí aird na mamailíneach ar 'theanga na dtoisí' i scéalta, mar shampla beag, meánmhéid agus mór i scéal *Goldilocks agus na Trí Bhéar*
  - cuirfidh sé/sí bréagáin sórtála ar fáil amhail nithe a charnann nó a théann isteach ina chéile, mar shampla boscaí neadaithe nó sórtálaithe cruthanna
  - iarrfaidh sé/sí ar mhamailínigh duilleoga éagsúla a aimsiú agus iad a shórtáil de réir a gcruthanna nó a ndathanna san fhómhar, torthaí a shórtáil de réir 'le síolta, le clocha, gan síolta, gan chlocha' nó éadaí Sam (puipéad an ranga) a shórtáil don gheimhreadh agus don samhradh
  - díreoidh sé/sí aird na mamailíneach ar na saintréithe a bhaineann leo a dhéanann iad éagsúil le daoine eile, mar shampla iarraidh orthu iad féin a chur in ord de réir airde, toisí éagsúla bróg a chur ar fáil dóibh don siopa bróg agus boscaí comhfhreagracha chun na bróga a chur isteach iontu
  - cuideoidh sé/sí leis na mamailínigh rudaí a roinnt lena chéile, mar shampla duilleog leitíse a thabhairt do gach drúchtín sa ghairdín, pióg láibe a thabhairt do gach cuairteoir sa chistin, ticéad a thabhairt do gach paisinéir ar an Luas

- díreoidh sé/sí aird na mamailíneach ar úsáid **pictiúr, uimhreacha agus focal clóite** sa timpeallacht agus le linn a súgartha:
  - díreoidh sé/sí aird ar fhocail agus ar uimhreacha i suíomhanna laethúla, mar shampla, ***Sin an t-iógart a thaitníonn leatsa, tá pictiúr de shú talún air. Ciallaíonn an solas glas go bhfuil cead an bóthar a thrasnú anois. Sin ár mbus, an bhfeiceann tú uimhir 3 ar a thosach? Cad é uimhir an veain píotsa? Is é 275 uimhir m'fhóin phóca, an gcuirfeá glaoch orm? Cén toise bróg ar mhaith leat a thriail i mo shiopa bróg?***
  - bainfidh sé/sí úsáid as scéalta, amhráin, rannta agus cluichí méire chun cuidiú leis na leanaí tuiscint a fháil ar uimhreacha agus ar fhocail
  - cruthóidh sé/sí cluichí le huimhreacha agus cartaí uimhreach ar féidir iad a bhrath, agus taispeánfaidh leabhair le huimhreacha orthu le haghaidh na mamailíneach níos sine

## Leanaí

Déanfaidh an duine fásta na nithe seo a leanas

- cuideoidh sé/sí le leanaí a **scileanna fisiceacha** a fhorbairt:
  - spreagfaidh sé/sí leanaí le húsáid a bhaint as a scileanna mórluaile amhail cothromú, rothaíocht le cobhsaitheoirí agus gan chobhsaitheoirí, léimneach ar leathchois, léimneach, rith, preabadh, bac-chúrsa a chríochnú, cluichí a imirt le rialacha amhail cispheil, tag-rugbaí agus uni-haca, nó paraisiút (iarracht liathróid





a phreabadh thar imeall bhráillín a bhfuil greim láimhe ag baill an dá fhoireann uirthi)

- cruthóidh sé/sí deiseanna le húsáid a bhaint as málaí suí, as liathróidí, as slacáin, as fonsaí, raicéid, rópaí scipeála agus trealamh mór súgartha amhail sleamhnáin agus frámaí dreapadóireachta
- cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil taithí a fháil ar úsáid scileanna mínluaile trí ghníomhaíochtaí ina bhfuil leanaí ag piocadh suas rudaí agus á gcur isteach i rudaí eile, mar shampla cnaipí agus sipeanna a oscailt agus a dhúnadh, míreanna mearaí a dhéanamh, ag fuáil, oibriú le coirníní agus tógáil le bréagáin bheaga tógála

- cuirfidh sé/sí leis an **eolas atá ag leanaí ar an domhan:**
  - cuideoidh sé/sí le leanaí nithe agus ábhair ón dúlra a bhailiú, a shórtáil agus a eagrú, mar shampla sliogáin, clocha, síolta, bláthanna
  - labhróidh le leanaí faoi phátrúin agus faoi fhuaimeanna sa timpeallacht nádúrtha, mar shampla fuaim na báistí, fuaimeanna a dhéanann ainmhithe, fuaimeanna tráchta
  - tabharfaidh sampla de mheas a bheith ag an duine ar an timpeallacht agus spreagfaidh na leanaí le déanamh amhlaidh, mar shampla bruscar a shórtáil sa bhosca bruscair, carn muirín a dhéanamh, soilse agus sconnaí a mhúchadh, feadáin chairtchláir, soithí plaisteacha agus pacáistiú a úsáid d'ealaín agus do thógáil
  - tabharfaidh sé/sí leanaí ar thurais, mar shampla chuig feirm oscailte chun scéal an bhainne a fhoghlaim, chun ionad tarrthála ainmhithe chun fháil amach faoi aire a thabhairt d'ainmhithe
  - tabharfaidh sé/sí treoracha do leanaí chun rud éigin a aimsiú
  - breacfaidh sé/sí síos cinn scríbe laethanta saoire na leanaí ar chruinneog, agus déanfaidh iniúchadh ar na modhanna iompair a d'úsáid siad agus conas a d'úsáid siad iad
  - léireoidh sé/sí conas léarscáileanna a úsáid agus cuideoidh le leanaí a léarscáileanna féin a chruthú d'áiteanna laistigh agus lasmuigh
  - úsáidfidh sé/sí léarscáil den limistéir laistigh agus lasmuigh agus tabharfaidh freagracht do gach leanbh as limistéar éagsúil súgartha
  - déanfaidh turgnaimh chun domhantarraingt a léiriú, mar shampla liathróid ag cur ag rith síos planc, uillinn a athrú agus a fheiceáil céard a tharlaíonn, fháil amach cibé acu an snámhann nithe ar uisce nó an dtiteann siad go tóin poill, úsáid a bhaint as maighnéid le hábhair agus ábhair éagsúla a thástáil chun a fháil amach an bhfuil siad aimsirdhíonach agus trédhearcach le go ndéanfaí scáth báistí nó spéaclaí díobh
  - spreagfaidh sé/sí iad chun smaointe a thástáil agus dul san amhantar, mar shampla ceisteanna mar seo a chur, ***Cad a tharlódh dá ...?***

- spreagfaidh sé/sí leanaí le bheith páirteach i **dtionscadail** a chuideodh leo iniúchadh a dhéanamh ar thopaic ar spéis leo é, nó eispéireas a thaitin go mór leo:
  - tabharfaidh sé/sí spás do leanaí laistigh agus lasmuigh chun cuidiú lena bhfoghlaim trína dtionscadail féin
  - cuirfidh sé/sí a lán ábhar, leabhar agus frapaí ar fáil do leanaí le húsáid ina dtionscadail





- léireoidh sé/sí spéis ina dtionscadail trí páirt a ghlacadh i roinnt tascanna, caint le leanaí, grianghraif a thógáil agus taifeadadh físeáin a dhéanamh agus úsáid a bhaint astu seo chun obair, iarrachtaí agus a bhfuil bainte amach ag na leanaí a athdhearbhú
- cuideoidh sé/sí leis na leanaí a dtionscadail a roinnt le leanaí agus le daoine fásta eile sa suíomh, mar shampla trí iarraidh orthu rudaí a chur ar taispeáint

- spreagfaidh sé/sí leanaí le **smaoineamh domhain** a dhéanamh ar rudaí trí theicníní plé a úsáid, éisteacht go cúramach leo agus tógáil ar a bhfuil ar eolas acu:
  - úsáidfidh sé/sí gnátheispéiris, scéalta agus grianghraif chun plé a spreagadh - plé ar féidir leis an tsamhlaíocht a thiomáint, mar shampla grianghraf de dhá theidí ag suí ar bharr cnoic ag breathnú síos, an peata san aerfort lena chás saoire, scéal faoi ainmhí a d'éalaigh ón sú
  - cuirfidh sé/sí ceisteanna oscailte, mar shampla, ***Sa scéal, céard é an chéad rud eile a rinne Mánus? Céard a dhéanfása? Céard a tharlódh, i do thuairim, dá... Céard a cheapann tú? Conas a chuirfimid seo ina sheasamh?***
  - déanfaidh sé/sí ráitis oscailte, mar shampla, ***Ní fheadair céard a dhéanann Daidí na Nollag i rith an tsamhaidh. Ba mhaith liom bheith i scannán...***
  - spreagfaidh sé/sí na leanaí le húsáid a bhaint as acmhainní éagsúla chun eolas a bhailiú, mar shampla, ***Féachaimis ar an leabhar seo nó ar an ríomhaire agus gheobhaimid amach tuilleadh eolais... Ní fheadair an mbeadh a fhios ag do Mhamó i dtaobh... Cár chuala tú faoi... roimhe seo?***

- bainfidh sé/sí úsáid as eispéiris súgartha agus fíorshaoil chun nithe a **rangú, a chur i sraith, a shórtáil, a mheaitseáil, a chuardach agus chun pátrúin agus cruthanna a dhéanamh:**
  - déanfaidh sé/sí gníomhaíochtaí a phleanáil ina ndéanfaidh leanaí nithe a ordú agus teanga a úsáid le céimeanna comparáide a léiriú – mór/níos mó/is mó, ard/níos airde/is airde, leathan/níos leithne/is leithne
  - déanfaidh sé/sí iniúchadh ar rudaí sa ghairdín agus déanfaidh iad a rangú – garbh/mín, tiubh/tanaí, ard/íseal agus dorcha/geal
  - déanfaidh sé/sí iniúchadh ar bhlasanna agus ar uigeachtaí glasraí agus torthaí sa ghairdín nó a ceannaíodh sa siopa agus déanfaidh iad a rangú, mar shampla milis/searbh, briosc/bog
  - spreagfaidh sé/sí leanaí le smaoineamh ar mhéideanna, ar dhathanna agus ar chruthanna, mar shampla, ***An féidir linn an t-úll a roinnt ina chodanna ionas go bhfaighidh gach duine an méid céanna? An féidir leat na cupáin ghorma go léir a chur ar an mbord seo aagus na cinn bhuí ar an mbord sin? Cá mhéad cathaoir an dóigh leat is gá le haghaidh na bpaisinéirí ar an mbus? Ní théann an píosa seo isteach sa spás. Measaim go bhfuil sé rómhór. An féidir leat píosa níos lú a fháil?***

- spreagfaidh sé/sí leanaí le tuiscint a fháil ar **thomhais** (meáchan, airde, toirt, airgead, am):
  - Díreoidh aird na leanaí ar am ag baint úsáide as clog mór, mar shampla 11:00 ar an gclog agus é seo a leanas a rá leis na leanaí, ***Roghnóimid ár scéal agus léifimid é ar chairpéad na scéalaíochta ag 11 a' chlog.***





- úsáidfidh sé/sí 'teanga an ama', mar shampla labhairt faoina ndearna na leanaí agus iad a spreagadh lena ngníomhartha agus imeachtaí a chur in ord *Níomar na clocha agus d'fhágamar iad faoin ngrian. Ansin phéinteálamar aghaidheanna orthu. Táimid chun lámha agus cosa a chur orthu amárach mar nach féidir leo aon ní a dhéanamh gan lámha ná cosa!*
- cuirfidh sé/sí airgead bréige ar fáil sa siopa torthaí agus glasraí agus cuideoidh leis na leanaí praghasliosta a dhéanamh
- oibreoidh sé/sí leis na leanaí chun orduithe a líonadh, íoc astu agus iad a sholáthar do na custaiméirí
- imreoidh sé/sí cluichí leis na leanaí mar a samhlóidh siad go bhfuil siad ag tabhairt cuairte ar an mbanc agus ag malartú boinn airgid le haghaidh boinn airgid eile, mar shampla bonn airgid 2c le haghaidh dhá bhonn airgid 1c, nó bonn airgid 5c le haghaidh cúig bhonn airgid 1c nó le haghaidh trí bhonn airgid 1c agus bonn airgid 2c
- díreoidh sé/sí aird na leanaí ar chaitheamh ama, mar shampla grianghraif díobh féin ina leanaí óga, ina mamailínigh agus ina leanaí a chur i gcomparáid lena chéile, súgradh le rudaí amhail seanfhóin, citil, raidiónna agus clóscríobháin
- cuirfidh sé/sí a lán frapaí agus bréagán ar fáil chun airde, meáchan, fad agus toirt a thomhas, mar shampla téipeanna agus rialóirí chun a thomhas cá mhéad fabraice is gá le haghaidh ghúna na brídeoige, leantóirí, forcardaitheoirí, buicéid, spáda, spúnóga agus liacha chun clocha agus ithir a bhogadh ionas go mbeidh spás ann le haghaidh bóthar nua; cupáin, potaí, criathair, spúnóga, crúiscíní a úsáid chun rudaí a ardú, a dhoirteadh, orduithe a líonadh i mbeár súnna nó siopa caife, agus chun rudaí a chur i gcomparáid

- cuideoidh sé/sí leis na leanaí cur lena bhfiosracht nádúrtha agus cuidiú leo iniúchadh agus tástáil a dhéanamh ar **athrú:**
  - cuideoidh sé/sí le leanaí ábhair a iniúchadh sa timpeallacht, mar shampla breathnú ar oighear ag leá laistigh agus lasmuigh, breathnú ar thimthriall shaol an fhroig trí chuairteanna rialta a thabhairt ar lochán sa cheantar
  - cuideoidh sé/sí le leanaí fás agus athrú a iniúchadh, mar shampla glasraí a fhás ó shíol nó im a dhéanamh, agus na príomhchéimeanna a thaifeadadh trí ghrianghraif a thógáil
  - breathnóidh sé/sí ar phlanda nó ar chrann le linn séasúir agus coinneoidh taifead de na hathruithe a tharlaíonn dó
  - piocfaidh agus úsáidfidh sé/sí bláthanna, torthaí agus glasraí
  - Coinneoidh sé/sí taifead ar athruithe ar an aimsir ó lá go lá agus ó sheachtain go seachtain
  - déanfaidh sé/sí scáileanna a thaifeadadh ag amanna éagsúla i rith an lae
  - coinneoidh sé/sí taifead d'athruithe ar locháinín le linn lae nó i gcaitheamh cúpla lá

- spreagfaidh sé/sí leanaí le triail a bhaint as dath, cruth, toise agus uigeacht chun **smaointe a léiriú:**
  - spreagfaidh sé/sí leanaí le dathanna agus uigeachtaí éagsúla a iniúchadh, mar shampla, ***Cad iad na dathanna ba mhaith leat a úsáid i do phictiúr den trá? Cén fáth a dteastaíonn uait na dathanna seo a úsáid? An féidir leat aon rud a aimsiú sa leabhar gearrthóg ar féidir linn leon fionnaitheach a dhéanamh as? Oh, feicim anois gur an oíche atá ann, sin a chúis ar úsáid tú roinnt mhaith péint dhubh.***
  - cuideoidh sé/sí le leanaí machnamh ar an gcaoi a bhféadfadh siad úsáid a bhaint as cruth agus toise chun cabhrú leo a gcuid smaointe a léiriú, mar shampla, ***Ní fheadair conas a léireoidh mé cé chomh mór rocach is a bhí an eilifint sa sú. Seans go bhféadfaimis corp níos mó a chur air, bainfimid triail as sin? Mmmm, d'fhéadfadh sé bheith deacair macasamhail dár sráidbhaile a dhéanamh. Cad a d'fhéadfaimis a úsáid a d'fhéachadh cosúil leis na siopaí atá againn anseo i mBaile an Ásaigh?***

- úsáidfidh sé/sí **siombailí** chun cuidiú le leanaí óga foghlaim óna dtimpeallacht agus úsáid a bhaint aisti:
  - úsáidfidh sé/sí lipéid a thaispeánann pictiúir nó siombailí chomh maith le scríbhneoireacht ar bhoscaí agus ar sheilfeanna, ionas gur féidir leis na leanaí a fheiceáil cá gcuirtear agus cá stóráiltear rudaí
  - cuirfidh sé/sí an gnáthamh laethúil agus seachtainiúil i láthair mar phictiúr, ionas go bhfeicfidh na leanaí cad é an chéad rud eile a tharlóidh, mar shampla pictiúr a dhéanamh de thraein agus gach carráiste ag léiriú lá éagsúil den tseachtain nó cuid éagsúil den lá, nó aghaidh an chloig a tharraingt le pointeoir atá saor le bogadh timpeall chun am na chéad ghníomhaíochta eile a thaispeáint
  - bainfidh sé/sí as féilire grafach chun a léiriú cé aige a mbeidh breithlá i ngach mí, agus cathain a tharlóidh imeachtaí speisialta – mar shampla cathain a thiocfaidh Daidí na Nollag
  - léireoidh sé/sí uimhreacha i gcomhthéacsanna suntasacha agus cinnteoidh go bhfeicfidh leanaí uimhreacha in aice le litreacha, mar shampla 2, a dó, **
  - cuirfidh sé/sí limistéir ar fáil áit ar féidir leis na leanaí rudaí a chomhaireamh agus lipéid a chur orthu leis an uimhir chomhfhreagrach agus limistéir áit ar féidir le leanaí a mbailiúcháin míreanna a thaispeáint – míreanna ar spéis leo iad a bhaineann le coincheap ar leith cosúil le mionbheithíoch, dath, carranna rásaíochta, banphrionsaí agus sióga, créatúir a bhíonn ag eitilt, busanna, uirlisí ceoil

- léireoidh sé/sí **próiseas na scríbhneoireachta** agus cuideoidh le leanaí óga a n-eispéiris agus a smaointe a thaifeadadh :
  - Déanfaidh sé/sí leabhair ghearrthóg ag baint úsáide as líníochtaí, grianghraif nó pictiúir na leanaí, mar shampla na hainmhithe a chonaic siad ag an sorcas nó na nithe a rinne siad sa súgradh samhlaíoch nó nithe a rinne siad nuair a bhí siad ar saoire, nó an dráma a rinne siad sa chúinne súgartha, nó an obair a rinne siad sa ghairdín
  - scríobhfaidh sé/sí cur síos nó fortheideal faoi bhun líníochtaí nó péintéireachtaí na leanaí ag baint úsáide as focail na leanaí féin (ag feidhmiú mar scríobhaí dóibh) agus léifidh é do na leanaí, mar shampla, *Seo an leon a chonaiceamar sa sú. Chuir sé eagla orainn nuair a lig sé búir as!*



- cuideoidh sé/sí leis na leanaí a dteachtaireachtaí féin a scríobh ag baint úsáide as litriú 'a chumann siad féin' agus é seo a roinnt leis na leanaí eile
- cuirfidh sé/sí am agus spás ar fáil le haghaidh na leanaí ionas gur féidir leo iniúchadh a dhéanamh ar an aistriú chuig scríbhneoireacht choinbhinsiúnach trí mheán na líníochtaí, scríobh le linn súgartha samhlaíoch, litriú féinchumtha a úsáid, ach teagasc foirmiúil neamhchuí a sheachaint
- tabharfaidh sé/sí sampla d'úsáid leabhar agus TFC chun eolas a bhailiú, mar shampla féachaint ar amchlár na traenach agus oideas a leanúint, ticéid a chur in áirithe, réamhaisnéis na haimsire a sheiceáil, téacs nó ríomhphost a sheoladh a dheachtaigh na leanaí chuig gaol nó cara leo agus an freagra a léamh amach, clár próiseála focal a úsáid chun fortheidil, lipéid, scéalta, litreacha agus cártaí a scríobh nó a chur i gcló.

# Gluais Téarmaí

**Aistear** – creatchuraclam na luath-óige in Éirinn.

**An luath-óige** – tréimhse ó 0-6 bliana d'aois.

**Bunscoil** – an áit ar a bhfreastalaíonn leanaí d'aois scoile. Cé go dtosaíonn oideachas éigeantach in Éirinn ag aois a 6, tosaíonn tuairim is leath de leanaí 4 bliana d'aois agus 95 % de leanaí 5 bliana d'aois an scoil roimh an aois éigeantach.

**Ciníochas** – cineál ar leith den idirdhealú éagórach nó den eisiamh. Is éard atá i gceist leis ná dearcadh agus iompar atá bunaithe ar an gcreidiúint go bhfuil grúpa daoine, arna sainiú de réir cine, dhath a gcraicne, a náisiúntachta, a n-eitneachais nó a gcéannachta cultúrtha, níos fearr ná daoine eile.

**Claonadh** – nósanna meabhair nó gníomhaíochta a bhíonn ann ar bhonn leanúnach. Is éard atá ann ná claonadh freagairt ar bhealach ar leith do nithe ar leith.

**Cleachtóir** – seo an téarma a úsáidtear le haghaidh gach duine a oibríonn ar bhealach speisialaithe i suíomhanna luath-óige. Féadfaidh cleachtóirí eispéiris agus cáilíochtaí éagsúla a bheith acu idir neamhchreidiúnaithe agus leibhéal iarchéime. Cuimsíonn an téarma feighlithe linbh agus múinteoirí i ranganna na naíonán sóisearach agus sinsearach i mbunscoileanna.

**Coistí cúraim leanaí contae agus cathrach** – cuireadh iad seo ar bun sa bhliain 2001 chun forbairt an chúraim leanaí a chur chun cinn go háitiúil. Cuireann na 33 coiste eolas agus comhairle ar fáil don phobal i gcoitinne ar réimse saincheisteanna i ndáil le cúram leanaí. Cuireann siad, go háirithe, comhairle agus tacaíocht ar fáil dóibh siúd atá ag cur isteach ar dheontais faoi scéimeanna náisiúnta cúraim leanaí.

**Comhionannas agus Ilchineálacht** – tá siad seo tábhachtach le linn na luath-óige. Tagraíonn ilchineálacht d'éagsúlachtaí sa duine aonair agus i ngrúpaí sa tsochaí. Baineann sé le fáiltiú roimh an éagsúlacht agus meas a bheith uirthi mar chuid den saol. Is éard atá i gceist le comhionannas a chur chun cinn ná sochaí níos cothroime a chruthú áit a nglacann gach duine páirt chothrom agus an deis aige/aici barr a c(h)umais a bhaint amach. Áiríonn sé an tábhacht a bhaineann le riachtanais aonair éagsúla a aithint, agus gan caitheamh le gach leanbh mar an gcéanna.

**Comhordaitheoir teagmhála baile, scoile agus an phobail** – fostaíonn scoileanna na comhordaitheoirí seo chun comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chruthú idir tuismitheoirí agus múinteoirí ar mhaithe le leas fhoghlaim agus fhorbairt na leanaí. Tugtar cuireadh do bhunscoileanna, go príomha i limistéir uirbeacha agus i roinnt limistéar tuaithe, le dlús ard leanaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachais, páirt a ghlacadh sa scéim seo.

**Córais Chairdis** – córas mar a dtugtar cara 'speisialta' do leanbh le bheith ag oibriú agus ag súgradh leis/léi. (Féach Meantóireacht Piaraí freisin.)

**Córais chumarsáide malartaithe pictiúr** – cineál cumarsáide méadúcháin roghnach ar féidir úsáid a bhaint as le haghaidh leanaí a bhfuil neamhoird ar speictream an uathachais acu. Is éard atá i gceist leis ná pictiúir a úsáid seachas focail chun cumarsáid a dhéanamh.

**Creatchuraclam** – crann taca a chuidíonn le daoine fásta curaclam a fhorbairt le haghaidh a suíomhanna cúraim leanaí.

**Cúlra** – tagraíonn sé seo don chúlra teaghlaigh, agus do stádas sóisialta agus eacnamaíochta an duine.

**Cultúr** – tagraíonn seo d'fhéiniúlacht, do chomh-thuiscint agus do chéannacht. Tá cultúr ag gach uile dhuine agus seo an chaoi a bhfoghlaímid conas smaoineamh, cumarsáid a dhéanamh agus cén chaoi sinn féin a iompar. Cé go saolaítear sinn uile i gcultúr ar leith, fós féin is rud foghlamtha an cultúr seachas rud atá tugtha le huacht. (Féach freisin Eitneachas.) Forbraíonn cultúr le haghaidh daoine aonair agus pobal le caitheamh ama.

**Cumainn Tuismitheoirí (a dtugtar Comhairlí Tuismitheoirí orthu freisin)** – bealach inar féidir le tuismitheoirí bheith páirteach i mbunscoileanna a leanaí. Tá dhá phríomhthasc ag an gCumann – tacú leis na bPríomhoide agus leis an mBord Bainistíochta maidir le cúrsaí a bhaineann leis an scoil, agus clár gníomhaíochtaí a shocrú a chuirfidh chun cinn rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhfeidhmiú na scoile, i gcomhairle leis an bpríomhoide.

**Cúntóirí riachtanas speisialta (CRS)** – cuireann siad tacaíocht agus cúnamh duine le duine ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu i gcomhthéacs oideachais.

**Curaclam** – tagraíonn sé seo do gach eispéireas, bíodh sé ina eispéireas foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, pleanáilte nó neamhphleanáilte, sa timpeallacht laistigh nó lasmuigh, a chuireann le foghlaim agus le forbairt an linbh.

**Curaclam na Bunscoile** – seo an curaclam a úsáidtear i ngach bunscoil in Éirinn. D'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) é agus seoladh é sa bhliain 1999. Cuimsíonn sé 6 réimse curaclaim ina bhfuil 11 ábhar. Déanann an CNCM athbhreithniú ar bhonn rialta ar an gcuraclam.

**Cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha** – seo suíomh luath-óige a dhéanann seirbhís struchtúrtha chúraim lae a thairiscint le haghaidh leanaí. Tá an **cúram lae páirtaimseartha** ann le haghaidh tréimhse níos faide ná trí huaire go leith ach le haghaidh níos lú ná cúig huaire in aghaidh an lae, agus cuirtear **cúram lánaimseartha** ar fáil le haghaidh tréimhse níos faide ná cúig huaire. Is suíomhanna luath-óige iad **naíonraí/creiseanna/suíomhanna cúraim leanaí** a chuireann seirbhís chúraim lae ar fáil ar bhonn páirtaimseartha nó lánaimseartha le haghaidh leanaí óga, mamailíneach agus leanaí. Go minic úsáidtear na focail naíonra, creis agus suíomh cúraim leanaí go hidirmhalartaithe.

**Diospraicse** – riocht mar a mbíonn deacrachtaí ag leanaí lena scileanna luaile. Bíonn an chuma orthu go bhfuil siad ciotach agus go minic titeann siad. Uaireanta is féidir leo fadhbanna a bheith acu le heagrú agus fadhbanna le scileanna sóisialta.

**Duine fásta** – tagraíonn sé seo do gach duine a thugann aire do leanaí in Éirinn nó a chuireann oideachas ar fáil dóibh – ar leanaí iad idir 0-6 bliana d'aois. Áiríonn sé seo tuismitheoirí/caomhnóirí agus aon duine fásta eile atá tábhachtach i saol an linbh mar shampla cleachtóirí, agus gairmithe eile, amhail teiripeoirí agus oibrithe sóisialta.

**Eitneachas** – áiríonn sé seo leanaí á n-aithint féin le grúpa a bhfuil saintréithe comhchoiteanna aige: cultúr, bia, teanga, éadaí, reiligiún, nósanna maireachtála, traidisiúin, gnáthaimh agus náisiúntacht. Is éard is grúpa eitneach ann ná grúpa a fhéachann air féin, nó a bhfuil daoine eile den tuairim, gur pobal ar leith atá ann de bhua saintréithe áirithe a idirdhealaíonn an grúpa sin ó ghrúpaí eile.

**Feasacht ar spásúlacht** – leanaí a bheith feasach orthu féin agus ar a gcorp i spás agus fhios a bheith acu gur féidir leo iad féin agus nithe a bhogadh. I measc scileanna spásúlachta tá nithe a chur le chéile agus iad a bhaint as a chéile, nithe a chur in ord, nithe a thimpeallú agus a chur i soithigh, tógáil, nithe a líonadh agus a fholmhú, breathnú ar nithe ó pheirspictíochtaí fisiceacha éagsúla, bheith in ann achar a aithint in íomhá dhéthoiseach, amhail grianghraif agus péintéireachtaí. Cuidíonn seo le leanaí coincheapa a thuiscint amhail os cionn/faoi bhun, i bhfad ó/in aice le, thuas/thíos agus laistigh/lasmuigh.

**Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** – gníomhaireacht rialtais a chuireann seirbhísí ar fáil d'fhonn feabhas a chur ar shláinte agus leas mhuintir na hÉireann, an tsláinte agus leas sin a cothú agus iad a chosaint.

**Feighlí Linbh** – tagraíonn sé seo do dhuine a thugann aire do leanaí ina t(h)each féin nó i dteach leanaí eile. Is éard is Feighlí Linbh a bhfuil Fógra tugtha ina Leith ann ná duine a thug fógra d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i ndáil lena c(h)uid oibre. Tá sé de dhualgas de réir dlí ar fheighlithe linbh a thugann aire do thrí leanbh réamhscoile ar a laghad, nach deartháireacha agus deirfiúracha na leanaí sin, FSS a chur ar an eolas ina leith. Féadfaidh feighlithe linbh an fógra seo a thabhairt go deonach.

**Fillteán Oibre** – bealach le heolas a bhailiú mar gheall ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an linbh. Féadfaidh an obair seo a bheith i bhfillteán, i leabhar gearrthóg, i mbosca bróg, i mbosca gránach nó píotsa, nó i rud éigin comhchosúil ar féidir nithe a chruthaíonn/a dhéanann na leanaí a chur ann, mar shampla grianghraif, scéalta, nótaí, taifid den chúram, seicliostaí, agus marcanna i dtrialacha (nuair is iomchuí). Insíonn an bailiúchán seo scéal aistear foghlama gach linbh – a (h)iarrachaí, a d(h)ul chun cinn agus a bhfuil bainte amach aige/aici le caitheamh ama.

**Fiobróis Chisteach** – galar ó bhroinn a théann i bhfeidhm go príomha ar na scamhóga agus ar an gcóras díleá. Cúisíonn an galar seo múcas tiubh greamaitheach a bheith á tháirgeadh sa chorp, rud a chuireann bac ar na feadáin bhroinceacha agus dá bharr cuirtear cosc ar einsímí nádúrtha an choirp ó bhia a dhíleá.

**Foghlaim** – seo próiseas casta dinimiciúil idirghníomhach ina gcruthaítear eolas, scileanna agus dearcadh trí mheán an eispéiris. Is éard is foghlaim fhoirmiúil ann ná eispéiris foghlama a pleanáladh don leanbh. Tarlaíonn foghlaim neamhfhoirmiúil ar bhonn leanúnach nuair a dhéanann an leanbh idirghníomhú leis an timpeallacht.

**Foghlaim ghníomhach** – leanaí ag foghlaim trí nithe a dhéanamh, a gcéadfaí a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh ar rudaí agus oibriú le míreanna agus le hábhair ina dtimpeall. Trí mheán na n-eispéireas seo forbraíonn leanaí a meon, a ndearcadh agus a luachanna, a scileanna, a gcuid eolais agus a dtuiscint agus mar thoradh air seo beidh siad in ann forbairt ina bhfoghlaimeoirí féinmhuiníneacha inniúla.

**Forbairt** – próiseas mar a n-athraíonn duine le caitheamh ama, faoi thionchair eispéireas agus athruithe fiseolaíocha. Tá dhá ghné ag baint leis: normatach, a tharlaíonn tar éis pátrún forordaithe agus dinimiciúil a bhíonn ag brath ar am agus ar eispéireas.

**Gaelscoil** – scoil ina múintear trí mheán na Gaeilge agus arb í an Ghaeilge an teanga chumarsáide inti i measc phobal na scoile – an teanga a úsáideann idir mhúinteoirí, leanaí, thuismitheoirí agus bhoird bhainistíochta. Féadfaidh Gaeilge a bheith ina teanga dhúchais ag na leanaí freisin.

**Gaeltacht** – ceantar in Éirinn ina labhraíonn formhór na n-áitritheoirí Gaeilge mar theanga dhúchais.

**Gléasanna oiriúnaitheacha** – aon tacaí a chuidíonn le leanbh faoi mhíchumas feabhas a chur ar a c(h)umas tásca a dhéanamh nó a c(h)umas súgartha nó idirghníomhaithe le daoine eile agus an leibhéal cumais sin a choinneáil.

**Gníomhaíochtaí leanbh-thionscanta** – an deis a thabhairt do leanaí dul le spéis ar leith atá acu nó páirt a ghlacadh sa chinneadh a dhéanamh i ndáil le gníomhaíocht ar leith.

**Hipitéisiú** – machnamh ar cén fáth a dtarlaíonn rudaí agus moladh eolasach a dhéanamh i ndáil leis sin.

**Idirdhealú éagórach** – áiríonn sé seo polasaithe, cleachtais agus iompar as a n-eascraíonn caitheamh go héagothrom le duine nó le grúpa ar bhonn a gcéannachta nó a gcéannachta mar a fheictear í. Féadfaidh an t-idirdhealú éagórach seo a bheith toiliúil nó neamhbheartaithe, díreach nó indíreach.

**Iompar Pró-Shóisialta** – cuireann seo síos ar aon ghníomh a théann chun sochair duine eile. Ar na hiompair seo tá cuidiú, sólás a thabhairt agus nithe a roinnt. Áiríonn sé an cumas gaol a chruthú le daoine eile ar bhealach suntasach.

**Lagú céadfach** – tagraíonn seo d'fhadhb le céadfaí físeacha agus closchéadfaí.

**Léitheoireacht i gcomhpháirt** – próiseas idirghníomhach mar a léann duine fásta nó leanbh níos sine scéal do leanbh nó do ghrúpa leanaí. Glacann gach rannpháirtí seans le léamh nó le scéal a insint.

**Litearthacht** – tá níos mó i gceist leis seo ná cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta. Áiríonn sé freisin cuidiú le leanaí cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus ciall a bhaint as an saol. Áiríonn sé teanga bhriathartha agus scríofa agus córais chomharthaí eile amhail matamaitic, ealaín, fuaim, pictiúir, Braille, teanga chomharthaíochta agus ceol. Aithnítear leis an litearthacht go mbíonn teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ag athrú agus na cineálacha éagsúla léirithe a bheadh iomchuí don leanbh lena n-áirítear léirithe scáileán-bhunaithe (cluichí leictreonacha, ríomhairí, an t-idirlíon, an teilifís).

**Litearthacht ag forbairt** – baineann sé seo le leanaí ag forbairt tuisceana ar ábhar clóite agus ar theanga mar bhunús don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht. Trí eispéiris súgartha agus phraiticiúla feiceann leanaí ábhar clóite agus déanann idirghníomhú leis de réir mar a thógann siad ar a bhfeasacht i ndáil lena fheidhmeanna agus a choinbhinsiúin.

**Litriú cumtha** –tagraíonn sé seo d'iarrachtaí a dhéanann leanaí focail a litriú, ag baint úsáide as fuaim an fhocail (litriú foghraíochta). An cleachtas atá ann ná cead a thabhairt d'fhoghlaimeoirí na scríbhneoireachta scríobh agus litriú mar is mian leo. Tá sé níos tábhachtaí go bhfoghlaimeofaí conas scríobh ar dtús ná conas litriú. Ar deireadh foghlaimeoidh an leanbh conas an fhoirm cheart den litriú a úsáid.

**Lucht Siúil** – mionlach dúchasach atá ina gcuid de shochaí na hÉireann leis na céadta bliain. Tá stair fhada chomhroinnte, luachanna cultúrtha, teanga, nósanna, agus traidisiúin ag an Lucht Siúil a shainíonn iad mar ghrúpa ar leith. Is gné thábhachtach a gcultúr agus a slí bheatha, lena n-áirítear an fhánaíocht (taisteal ó áit go háit). Is sa mhéid sin a aithnítear iad thar an bpobal socraithe. Féadfaidh an Lucht Siúil stíl mhaireachtála fánaíochta a bheith acu. Tugtar leantóir ar an teach soghluaiste ina gcónaíonn teaghlaigh áirithe den Lucht Siúil.

**Meantóireacht piaraí** – leanaí ag cuidiú agus ag tacú lena chéile chun eolas a agus scileanna a chomhroinnt, a chéile a mhúineadh, oibriú i mbeirteanna de réir mar is iomchuí, agus súgradh le chéile nuair a theastaíonn uathu. (Féach freisin an Córais Chairdis).

**Measúnú** – an próiseas leanúnach mar a ndéantar eolas a bhailiú, a dhoiciméadú, agus machnamh air chun pictiúir shaibhre de leanaí ina bhfoghlaimeoirí a fhorbairt d'fhonn tacú lena bhfoghlaim amach anseo agus cur leis an bhfoghlaim sin.

**Míchumas** – tagraíonn seo do lagú fisiceach, céadfaíoch nó síceolaíoch ar féidir leis dúshláin a chruthú do leanaí agus iad ag glacadh páirte i gníomhaíochtaí laethúla. Rangaíodh leibhéil shainiúla de mhíchumais foghlama (míchumas éadrom ginearálta foghlama, míchumas measartha ginearálta foghlama, míchumas trom/domhain ginearálta foghlama).

**Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha** – tagraíonn sé seo don chéad dá bhliain a chaitheann leanaí ar an mbunscoil.

**Naíonra** – seirbhís réamhscoile le haghaidh leanaí, a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge, a mbíonn stiúrthóir i bhfeighil air (cleachtóirí réamhscoile).

**Neamhord ar Speictream an Uathachais** – neamhord forbraíochta a bhfuil na nithe seo a leanas ina saintréithe aige: deacrachtaí le hidirghníomhú sóisialta, cumarsáid bhriathartha agus neamhbhriathartha, agus iompar neamhchoitianta athráiteach, nó spéiseanna agus gníomhaíochtaí atá an-teoranta. Féadfaidh na neamhoird seo a bheith ar speictream an-leathan – idir neamhord éadrom agus neamhord a dhíchumasaíonn.

**Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde (NHEA)** – neamhord forbraíochta a bhfuil na nithe seo a leanas ina saintréithe aige: éasca aird a chur ar seachrán, iompair ríogacha agus éagumas aird a dhíriú ar thascanna agus ar ghníomhaíochtaí.

**Oibrí bunriachtanach** – tagraíonn sé seo do bhall ar leith foirne a bhíonn i bhfeighil linbh i suíomh luath-óige. Soláthraíonn sé/sí leanúnachas idir an baile agus an suíomh agus tá freagracht 'speisialta' air/uirthi as an leanbh agus an caidreamh le teaghlach an linbh.

**Oibrithe sochair teaghlaigh** – fostaíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na daoine seo agus cuireann tacaíocht phraiticiúil sa bhaile agus tacaíocht mhothúchánach ar fáil do theaghlaigh ag amanna deacra ag féachaint le leanaí a choinneáil sa bhaile lena dteaghlaigh i gcás gur féidir é.

**Oideolaíocht** – tagraíonn sé seo do gach gníomh nó obair de chuid an chleachtóra agus é/í ag tacú le foghlaim agus forbairt an linbh. Tagraíonn sé d'eispéireas foghlama idirbheartaithe urramach machnamhach do chách atá bainteach leis. In *Aistear*, úsáidtear na téarmaí 'oideolaíocht' agus 'cleachtadh' go hinmhalairtithe.

**Pairilis Cheirbreach** – scáth-théarma le haghaidh laguithe fisiceacha a chuireann isteach ar rialú agus ar ghluaiseacht matán. I gcás leanaí a bhfuil sé seo orthu bíonn deacrachtaí acu siúl, ithe, labhairt agus súgradh.

**Plean oideachais indibhidiúil** – doiciméad scríofa arna ullmhú le haghaidh linbh a bhfuil riachtanas speisialta oideachais aige/aici. Sa phlean seo baintear úsáid as eolas a bailíodh trí mheasúnú a dhéanamh d'fhonn spriocanna gearrthéarmacha agus meántéarmacha a shocrú don leanbh. Tugtar imlíne sa phlean de ghníomhaíochtaí foghlama, acmhainní, agus tacaí a bhfuil gá leo chun na spriocanna sin a bhaint amach.

**Pobail nua** – grúpaí daoine a bhfuil oidhreacht choiteann acu a tháinig go hÉirinn ar inimirce le blianta beaga anuas.

**Réiteach Fadhbanna** – tagraíonn sé seo do chumas an linbh constaicí a shárú ar constaicí iad a bhíonn ina mbealach agus iad i mbun súgartha agus gníomhaíochtaí. (Féach freisin Scileanna smaointeoireachta.) Is éard atá i gceist le cur chuige réiteach fadhbanna i gcomhthéacs coinbhleachtaí sóisialta, ná fiafraí de leanaí céard a tharla nó cén fhadhb atá ann, an fhadhb a athdhearbhú, tacaíocht a sholáthar ina dhiaidh sin agus a chinntiú go dtugtar uchtach agus sólás go gach duine a bhí i gceist.

**Riachtanas speisialta oideachais** – tagraíonn sé seo do cumas teoranta a bheith ag duine sochar a bhaint as oideachas nó páirt a ghlacadh ann toisc míchumas céadfach/fisiceach/foghlama, toisc meabhairshláinte nó riocht eile.

**Rialacháin réamhscoile** – go foirmiúil Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006. Forbraíodh na rialacháin athchóirithe seo faoi Chuid VII den Acht um Chúram Leanaí, 1991. Éilíonn siad caighdeáin íosta le haghaidh seirbhísí cúraim leanaí agus ceanglaíonn siad ar sholáthraithe atá faoi raon an Achta fógra a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i ndáil lena seirbhís agus a bheith ar fáil le haghaidh cigireachta. Leagann Rialachán 5 béim ar éascú a dhéanamh ar fhoghlaim, ar fhorbairt agus ar fholláine agus leas gach linbh tríd dheiseanna foghlama, eispéiris, gníomhaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí iomchuí a sholáthar.

**Scafallú** – cuireann sé seo síos ar an bpróiseas mar a ndéanann daoine fásta (agus piaraí inniúla) tacú le foghlaim leanaí, agus an fhoghlaim sin a threorú, agus ar an gcaoi sin cuidiú le leanaí an chéad leibhéal eile cumais a bhaint amach, atá os cionn a n-inniúlachta pearsanta féin ag am ar leith.

**Scileanna ardoird smaointeoireachta** – smaointe agus eolas a ionramháil. I measc na scileanna seo tá réiteach fadhbanna, réamh-mheas, léirmheastóireacht, anailísiú, ceistiú, agus seasamh le rudaí. I measc scileanna ísealoird tá fíricí a fhoghlaim agus a thabhairt chun cuimhne. (Féach freisin Scileanna smaointeoireachta thíos)

**Scileanna Meiteachognaíocha** – baineann leanaí úsáid astu seo chun smaoineamh mar gheall ar an bhfoghlaim féin. Féadfaidh sé na nithe seo a áireamh: cuimhneach, machnamh ar a gcuid oibre agus úsáideacht a straitéisí reatha chun tasc nó gníomhaíocht ar leith a dhéanamh. Áiríonn sé an cumas rudaí a mheas agus smaoineamh ar an smaointeoireacht.

**Scileanna réamhléitheoireachta nó luatha** – áiríonn siad seo scileanna a forbraíodh i leanaí óga a thacaíonn le forbairt na litearthachta. Áirítear i measc na scileanna seo roinnt téarmaíochta agus coinbhinsiún bunúsach i leabhair Bhéarla agus Ghaeilge – údar agus maisitheoir leabhair, an scéal a thuar ó na pictiúir, ag dul ó chlé go deas, na leathanaigh a chasadh san ord ceart, uimhreacha na leathanach a úsáid chun scéal a aimsiú agus aird a dhíriú ar fhocail ghníomhaíochta.

**Scileanna smaointeoireachta** – áiríonn sé seo ceistiú (go léireodh daoine fásta tuiscint ar fhiosracht leanaí óga trí aird a thabhairt orthu, agus nuair atá siad níos sine ceisteanna a chur orthu); ceangail a dhéanamh (idir daoine, áiteanna agus rudaí); réasúnú (oibriú amach agus ina diaidh sin rudaí a mhíniú); measúnú (athbhreithniú ar a bhfuil foghlamtha nó déanta); réiteach fadhbanna (an foghlaimeoir ag aithint gur féidir rud éigin a athrú agus go bhfuil sé de chumas aige nó aici é a dhéanamh), agus smaointeoireacht chruthaitheach (bealaí éagsúla a fheiceáil le nithe a dhéanamh, a iniúchadh, a fhionnadh, a fháil amach faoin saol).

**Scoil Ghaeltachta** –scoil i gceantar Gaeltachta. Sna ceantair seo de ghnáth is í an Ghaeilge an teanga a labhraítear sa bhaile agus an teanga trína múintear sa scoil.

**Scríobhaí** – seo ról a ghlacann daoine fásta nó leanaí níos sine nuair a léiríonn siad scríbhneoireacht trí fhocail leanaí a scríobh ar pháipéar agus ansin na focail sin a léamh ar ais do na leanaí.

**Seirbhís Seisiúin** – seirbhís luath-óige a thairgeann clár pleanáilte de ghníomhaíochtaí do leanaí ar feadh níos lú ná trí huaire go leith gach lá. Áiríonn sé grúpaí súgartha, naíonraí, réamhscoileanna.

**Síolta** – An Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige in Éirinn. D'fhorbair an Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige (LOFL) i gcomhairle le hearnáil na luath-óige an creat seo sa bhliain 2006. Is clár dearbhaithe cáilíochta é chun tacú le cleachtóirí feabhas a chur ar a gcleachtas i ngach réimse de sheachadadh seirbhíse i suíomhanna ina bhfuil leanaí idir 0-6 bliana d'aois ag caitheamh a gcuid ama lasmuigh den bhaile.

**Siondróm Down** – riocht mar a gcúisíonn ábhar géiniteach breise sa chorp moill san fhorbairt, ar féidir leibhéil éagsúla a bheith ag baint leis an moill sin, idir mhoill shíceolaíoch agus mhoill fhisiceach. Ar na saintréithe a bhaineann leis tá saintréithe fisiceacha agus fadhbanna leighis uaireanta, fadhbanna croí san áireamh.

**Suíomh oideachais speisialta** – forbraítear seo go háirithe chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Áirítear i measc na suíomhanna seo scoileanna speisialta, ranganna speisialta, aonaid speisialta agus seomraí acmhainní.

**Suíomhanna lasmuigh den bhaile** – gach suíomh seachas baile an linbh, a bhfreastalaíonn leanaí ó 0-6 bliana d'aois orthu amhail suíomhanna feighlíochta linbh, naíonraí/creiseanna, grúpaí do thuismitheoirí agus mamailínigh, réamhscoileanna, ospidéil, cúram tar éis scoile, agus bunscoileanna.

**Steiréitíopa** – ginearálú róshimplí nó a bhfuil sé ina bharúil choiteann faoi ghrúpa ar leith, ag cruthú ionchais bhréige go gcloífidh baill de ghrúpa áirithe le saintréithe, iompair nó tréithe ar leith (go minic diúltach).

**Taithí phraiticiúil** – cuireann seo deiseanna ar fáil do leanaí nithe a bhrath, a bhlaiseadh, a bholú, a chloisteáil, a fheiceáil agus a dhéanamh de réir mar a dhéanann siad iniúchadh ar an domhan sóisialta, fisiceach agus samhlaíoch.

**Teicneolaíocht cumarsáide oiriúnaitheach** – tagraíonn seo d'aon ghléas a chuidíonn le leanaí faoi mhíchumas cumarsáid a dhéanamh. D'fhéadfadh idir leathanach le roghanna pictiúr agus theicneolaíocht shofaisticiúil scáileán tadhaill agus ríomhairí a labhraíonn a bheith i gceist leis seo.

**Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide** – tagraíonn seo do gach gléas a úsáidtear chun faisnéis a chur in iúl agus a ionramháil. Áiríonn sé fóin phóca, ríomhairí, scanóirí, agus ceamaraí digiteacha.

**Teoiricí Feidhmiúla** – smaointe a fhorbraíonn leanaí faoin gcaoi a n-oibríonn an saol. Forbraíonn na teoiricí seo mar fhreagra ar cheisteanna na leanaí féin: céard? Cén fáth? Cathain? Cá háit? Cé? Forbraíonn leanaí na teoiricí seo nuair a thugtar an deis dóibh fadhbanna a réiteach, iniúchadh a dhéanamh agus nuair a thacaítear leo teacht ar an eolas iomchuí. Foghlaimíonn siad conas bheith cruthaitheach eachtrach, agus cinntí a dhéanamh fúthu féin mar fhoghlaimeoirí.

**Tuismitheoirí** – tagraíonn sé seo do phríomhchúramóirí agus phríomhoideachasóirí leanaí. Áiríonn sé an t-athair, an mháthair agus/nó caomhnóir.

**Uimhearthacht** – tuiscint a fhorbairt ar uimhreacha agus ar choincheapa matamaiticiúla. (Féach freisin Litearthacht.)

**Urlabhra ag forbairt** – tagraíonn sé seo do gach fuaim a dhéanann leanaí sa chumarsáid, ón am a thagann siad ar an saol, agus áiríonn clabaireacht, gliogáil agus focail.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
24 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teileafón: +353 1 661 7177
Faics: +353 1 661 7180
Rphost: info@ncca.ie
Laithreán Gréasáin: www.ncca.ie

Tá an CNCM fíorbhuíoch de na páistí a thug cead dúinn a gcuid oibre agus/nó a gcuid griangraf a fhoilsiú sa cháipéis seo.

Ghlac na páistí páirt sa phróiseas seo le caoinchead óna dtuismitheoirí.

www.penhouse.ie